An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission



# ATHBHREITHNIÚ I nDIAIDH IMEACHT TOGHCHÁIN

Toghchán an Uachtaráin | 24 Deireadh Fómhair 2025

Arna fhoilsiú ag an gCoimisiún Toghcháin,
Aibreán 2026

ISBN: 978-1-911722-16-8

An Coimisiún Toghcháin,
Caisleán Bhaile Átha Cliath,
Baile Átha Cliath 2,
D02 X8X8.



# An Clár Ábhar


| | | |
|---|---|---|
| **1.** | **An Brollach** | **4** |
| **2.** | **Achoimre Fheidhmeach** | **6** |
| **3.** | **Moltaí PEER Dheireadh Fómhair 2025** | **9** |
| **4.** | **Raon Feidhme PEERanna** | **10** |
| **5.** | **Freastal agus Breathnóireacht ar na hImeachtaí Toghcháin** | **12** |
| **6.** | **Seicliosta PEER** | **16** |
| **7.** | **Stáisiúin Vótála – Critéir Roghnúcháin** | **21** |
| **8.** | **Bealaí PEER** | **24** |
| **9.** | **Anailís ar Shonraí PEER** | **28** |
| **10.** | **Dea-chleachtais a Chonacthas** | **33** |
| **11.** | **Sonraí Vótála Toghchán: Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais** | **36** |
| **12.** | **Taithí Vótálaithe** | **39** |
| **13.** | **Saoránaigh Éireannacha Nua – Teastais Eadóirseachta** | **42** |
| **14.** | **Cártaí Faisnéise Vótaíochta – Litir an Cheantair Vótála ar Lár** | **44** |
| **15.** | **Páipéir Bhallóide Neamhbhailí** | **47** |
| **16.** | **Saorphost** | **50** |
| **17.** | **Triail Uirlise Stampála i gCorcaigh Thiar Theas agus Corcaigh Thuaidh-Lár** | **51** |
| **18.** | **Vótáil ar Oileáin** | **53** |
| **19.** | **Forléargas ar Inrochtaineacht** | **58** |
| **20.** | **Cás-staidéir ‘Feictear agus Ansin Tuigtear’** | **59** |
| **21.** | **Cás-staidéar IWA** | **61** |
| **22.** | **Cás-staidéar DSI** | **64** |
| **23.** | **Stáisiúin Vótála agus Áiteanna Vótála a Shannadh agus a Athrú** | **68** |
| **24.** | **Postvótáil, Comhstaidéar ACT/IDEA** | **72** |
| **25.** | **Vótáil Speisialta** | **73** |
| **26.** | **Sonraí Vótaí Poist agus Vótaí Speisialta** | **75** |
| **27.** | **Moltaí PEER – Cairt Dul Chun Cinn** | **79** |
| **28.** | **Moltaí nua PEER Dheireadh Fómhair 2025** | **82** |
| **29.** | **Na Chéad Chéimeanna Eile** | **83** |
| **30.** | **Aguisíní** | **84** |
| | Aguisín 1 – Feachtas Eolais do Thoghchán an Uachtaráin i mí Dheireadh Fómhair | 84 |
| | Aguisín 2 – Innéacs na Stáisiún Vótála ar Tugadh Cuairt Orthu | 87 |
| | Aguisín 3 – Anailís Staitistiúil ar Sheicliosta PEER | 95 |
| **31.** | **Iarnótaí** | **97** |

# 1. An Brollach

An 24 Deireadh Fómhair 2025, chaith muintir na hÉireann vóta chun a ndeichiú hUachtarán a thoghadh. Ní hamháin go raibh seacht mbliana caite ó bhí an toghchán uachtaráin deiridh in Éirinn, ba é seo an chéad toghchán uachtaráin ó bunaíodh an Coimisiún Toghcháin ar an 9 Feabhra 2023. Anuas air sin, ní raibh ann ach an naoú toghchán inar sheas iarrthóirí do phost uachtarán na tíre ó bunaíodh an Stát.

Chinneamar, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí reachtúla a dhílsítear don Choimisiún le halt 68 den Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022, Athbhreithniú i ndiaidh Imeacht Toghcháin (PEER) a ullmhú agus a fhoilsiú le haghaidh Thoghchán an Uachtarán in 2025. Cuireadh é sin in iúl don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus do na cinn chomhairimh a ceapadh le haghaidh an toghcháin sin.

De bharr fhoilsiú an PEER seo, tá an Coimisiún tar éis tabhairt faoi athbhreithniú ar gach cineál imeacht toghcháin lena mbaineann ár gcuid cumhachtaí reachtúla, is é sin toghcháin Dála, Seanaid, Eorpacha, uachtaráin agus áitiúla, agus reifrinn. Chuir na hathbhreithnithe sin bonn eolais faoinár gcuid oibre ar fud raon leathan ár bhfeidhmeanna. Ní dhearnadh a leithéid d'athbhreithniú sa Stát roimhe sin, agus tá súil agam gur chuir siad le tuiscint ar ár gcóras toghcháin, agus go bhfeabhsófar agus go gcuirfear leis an riar toghchán ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta dá mbarr.

I dtréimhse níos lú ná 20 mí, iarradh ar mhuintir na hÉireann a vóta a chaitheamh in ocht n-imeacht toghcháin. Ba mhór agam féin agus mo chomhghleacaithe tiomantas agus díograis na vótálaithe agus iad ag éileamh a gceart daonlathach, agus dúthracht na n-oifigeach toghcháin i gcaitheamh na tréimhse thar a bheith gníomhach seo i stair ceann de na daonlathais is fadbhunaithe ar domhan.

Is mian liom buíochas a ghabháil leis na cinn chomhairimh agus lena bhfoirne as obair an Choimisiúin a éascú agus muid ag bailiú sonraí ríthábhachtacha don tuarascáil seo.

Molaim obair gach duine a bhí páirteach i reáchtáil an toghcháin seo, ina measc an Ceann Comhairimh Toghcháin Uachtaráin, cinn chomhairimh agus oifigigh cheannais, cléirigh vótála, foireann na n-ionad comhairimh, Gardaí, lónadóirí na n-ionad comhairimh agus na hairígh a d'oscail na stáisiúin vótála luath chun a chinntiú go raibh an teas ar siúl don fhoireann agus don lucht vótála nuair a tháinig siad isteach lá na vótála.

Bhuail breathnóirí an Choimisiúin le go leor daoine ar lá an toghcháin a chaith am agus dua go fonnmhar chun a chinntiú go n-éireodh leis an imeacht toghcháin seo; ón nGarda a thaistil go Cliara an oíche roimh an toghchán le bosca ballóide aonair an oileáin, go dtí na baill foirne i nGaeltacht na Mí a chinntigh go raibh muintir na háite in ann tabhairt faoin bpróiseas iomlán vótála ina dteanga dhúchais, go dtí na baill foirne i mBun Clóidí a shocraigh stáisiún vótála breise ina raibh cathaoir do thoghthóirí aosta. Bíonn tionchar ábhartha ag na hiarrachtaí sin ar an leibhéal áitiúil ar thaithí na vótálaithe agus, dá bhrí sin, ar shláinte agus ar shláine ár gcórais dhaonlathaigh.

Mar a tharla lenár PEERanna roimhe seo, thug comhaltaí agus foireann an Choimisiúin faoi bhreathnóireacht ar vótáil ag stáisiúin vótála le haghaidh na tuarascála seo. Toghcháin ar leith iad toghcháin uachtaráin toisc gurb iadsan an t-aon toghchán in Éirinn ina bhfaigheann an tír ar fad an páipéar ballóide céanna agus ina dtoghtar iarrthóir amháin. Ba mhór an onóir dúinn an ócáid thábhachtach dhaonlathach seo a fheiceáil ag 100 stáisiún vótála, i ngach tír agus i ngach dáilcheantar sa Stát. Cloíodh le príomhphrionsabail na breathnóireachta toghcháin idirnáisiúnta i rith na gcuairteanna sin. Roghnaíodh stáisiúin vótála bunaithe ar raon critéar, agus tiomantas an Choimisiúin rannpháirteachas a mhéadú i measc grúpaí faoi ghannionadaíocht, oibriú ar son inrochtaineacht an phróisis vótála do chách, agus sláine ár n-imeachtaí toghcháin a chosaint mar bhonn agus taca ag na critéir sin.



**Léarscáil den 100 stáisiún vótála ar tugadh cuairt orthu**

De réir PEERanna roimhe seo agus na bhforálacha reachtacha a rialaíonn na n-athbhreithnithe seo, leagtar béim sa tuarascáil seo ar an gcúnamh a tugadh do thoghthóirí agus iad ag caitheamh vóta, vótálaithe faoi mhíchumas go háirithe. Thógamar ar an taithí a bhí againn ó dhul le húsáideoirí cathaoireacha rothaí agus iad ag caitheamh vóta in Olltoghchán 2024, agus bhí an-áthas orainn dul le baill de Chumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann ar lá na vótála i gContae Dhún na nGall agus le baill de Down Syndrome Ireland i gContae Chiarraí. Bhí na léargais a fuarthas ó vótálaithe faoi mhíchumais fhisiciúla agus intleachtúla ag a stáisiúin vótála thar a bheith luachmhar d'ullmhú na tuarascála seo agus cuirfidh siad bonn eolais faoi obair an Choimisiúin sna blianta amach romhainn. Is mian liom buíochas a ghabháil leis an dá eagraíocht agus leis na vótálaithe a roinn a dtaithí agus a léargais linn go fial flaithiúil ar lá na vótála.

Bhíomar sásta a fheiceáil go raibh taithí dhearfach ar an iomlán ag na vótálaithe sin ar an vótáil, a bhuíochas nach beag do na tacaíochtaí a bhí i bhfeidhm do na vótálaithe ar fad, agus na tacaíochtaí breise a bhí i bhfeidhm dóibh siúd atá faoi mhíchumas agus gairmiúlachta na bhfoirne vótála. Go deimhin, mar a shonraítear sa tuarascáil seo, ba mhór againn a fheiceáil gur fheabhsaigh inrochtaineacht fhoriomlán an 100 stáisiún vótála ar thug an Coimisiún cuairt orthu an babhta seo go mór ón PEER deiridh againn. I ndiaidh dúinn cuid de na constaicí a bhíonn le sárú ag vótálaithe faoi mhíchumas a fheiceáil muid féin, athdhearbhaíonn an Coimisiún a thiomantas do chinntiú go mbeidh gach vótálaí in Éirinn in ann páirt a ghlacadh inár ndaonlathas le dínit agus go héasca.

D'ainneoin na bhfeabhsuithe sin a bhfáiltímid rompu, is léir dúinn go bhfuil obair fós le déanamh chun inrochtaineacht a fheabhsú agus cur le sláine phróisis toghcháin na hÉireann dá réir. Agus muid ag machnamh ar an timthriall toghcháin seo, tugaim ar aire nár cuireadh go leor de na leasuithe reachtacha agus riaracháin a moladh i dtuarascálacha PEER roimh seo i bhfeidhm go hiomlán fós. Áitím go láidir go ndéanfar na moltaí a leagtar amach anseo, a eascraíonn as breathnuithe an Choimisiúin san imeacht toghcháin seo agus sna himeachtaí toghcháin roimhe, a bhreithniú go cúramach agus a ghlacadh sula bhfilleann muintir na hÉireann ar na botháin vótála sna blianta amach romhainn.

Tá súil agam go gcabhróidh an tuarascáil seo agus muid ag oibriú chun ár gcomhchuspóir a bhaint amach chun an daonlathas ar a mbraitheann an Stát a chosaint agus a neartú, agus molaim í agus í á cur faoi bhráid an léitheora anois.



**An Breitheamh Onórach Marie Baker**, Cathaoirleach an Choimisiúin Toghcháin



# 2. Achoimre Fheidhmeach

Agus an tuarascáil seo san áireamh, d'fhoilsigh an Coimisiún Toghcháin cúig thuarascáil PEER a thuairiscíonn ar na hocht n-imeacht toghcháin a tharla ó mhí an Mhárta 2024. Cuirtear na tuarascálacha PEER seo i dtoll a chéile faoi na cumhachtaí in alt 68 den Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022 ina bhforáiltear go bhféadfaidh an Coimisiún, i ndiaidh gach imeachta toghcháin, tuarascáil a ullmhú agus a fhoilsiú ar riar an imeachta toghcháin sin – 'Athbhreithniú i ndiaidh Imeacht Toghcháin' (PEER). Foilsíodh na tuarascálacha PEER ar fad de réir an spriocdháta reachtúil, is é sin faoi cheann sé mhí de gach imeacht toghcháin.

Rinneadh PEERanna le haghaidh gach imeachta toghcháin in 2024 agus 2025.

- Ar an 8 Márta 2024 (na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram), thug 32 ball foirne agus comhalta den Choimisiún cuairt ar 98 stáisiún vótála ar fud an 26 contae.
- Ar an 7 Meitheamh 2024 (na Toghcháin Áitiúla, na Toghcháin Eorpacha agus Toghchán Mhéara Luimnigh), d'fhreastail an Coimisiún ar 100 stáisiún vótála sa 26 contae, Inis Oírr ina measc, ceann de chúig cheantar Gaeltachta ar tugadh cuairt orthu ar lá na vótála, agus an chéad cheann de chúig oileán amach ón gcósta ar tugadh cuairt orthu go nuige sin.
- Ar an 29 Samhain 2024 (an tOlltoghchán), thug an Coimisiún cuairt ar 87 stáisiún vótála sa 26 contae, ó Árainn Mhór go hInis Arcáin agus ó Bhéal an Mhuirthead go dtí na Sceirí.
- Idir an 29 Eanáir agus an 3 Feabhra 2025 (Toghchán an tSeanaid), d'fhreastail an Coimisiún ar ionaid chomhairimh a bhí san RDS, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Teach Laighean, ag breathnú ar na príomhchéimeanna ar fad a bhain leis an bpróiseas toghcháin roimh an gcomhaireamh.
- Ar an 24 Deireadh Fómhair 2025 (Toghchán an Uachtaráin), thug an Coimisiún cuairt ar 100 stáisiún vótála ar fud an 26 contae agus 43 dáilcheantar, ó Leitir Ceanainn go Faoide, agus ó Loch Garman go Cliara.

Baineann an tuarascáil PEER seo le toghchán an uachtaráin a bhí ar bun ar an 24 Deireadh Fómhair 2025.

Den 100 stáisiún vótála ar tugadh cuairt orthu ar lá na vótála, an 24 Deireadh Fómhair 2025.

- Bhí 73 stáisiún vótála i gceantair a ainmníonn an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) mar cheantair uirbeacha: Bhí 27 díobh siúd i gcathracha, agus 20 díobh siúd i gcathair Bhaile Átha Cliath.
- Bhí ceithre stáisiún vótála i gceantair Ghaeltachta: Scoil Uí Ghramhnaigh (Ráth Chairn, Co. na Mí); Scoil Ultain Naofa (Baile Ghib, Co. na Mí); Scoil Abán Naofa (Múscraí, Co. Chorcaí); Scoil Éinne (An Spidéal, Cois Fharraige, Co. na Gaillimhe)
- Bhí dhá stáisiún vótála ar oileáin amach ón gcósta: An Seanteach Scoile (Faoide, Co. Chorcaí) agus S.N. Chliara (Cliara, Co. Mhaigh Eo)
- Roghnaíodh cúig stáisiún vótála i gContae Dhún na nGall mar chuid de chás-staidéar a rinneadh i gcomhpháirt le húsáideoirí seirbhíse Chumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (IWA): Scoil Náisiúnta Naomh Baoithín, Baile Suingean; S.N. an Bhaile Nua, An Baile Nua; Seanteach na Cúirte, Leitir Ceanainn; Scoil Mhuire Gan Smál, Leitir Ceanainn; S.N. Chill Mhic Réanáin, Cill Mhic Réanáin.
- Roghnaíodh ceithre stáisiún vótála i gContae Chiarraí mar chuid de chás-staidéar a rinneadh i gcomhpháirt le húsáideoirí seirbhíse Down Syndrome Ireland: Bunscoil C.B.S., Trá Lí; S.N. Oilibhéir Naofa, Béal Átha Longfoirt; Scoil Náisiúnta na Toirbhirte, Lios Tuathail; S.N. an Chuileannaigh, Lios an Phúca.
- Roghnaíodh 12 stáisiún vótála le cuairt a thabhairt orthu i ndiaidh do bhaill den phobal aird an Choimisiúin aird a tharraingt orthu toisc go raibh deacrachtaí inrochtaineachta nó príobháideachais ag baint leo.

I gcás Thoghchán an Uachtaráin in 2025, anuas ar chuairteanna ar stáisiúin vótála, bhreathnaíomar ar eisiúint vótaí poist le haghaidh dháilcheantair Bhaile Átha Cliath agus le haghaidh Chathair agus Chontae Chorcaí, agus thugamar cuairt ar thithe altranais i mBaile Átha Cliath agus in Uíbh Fhailí ar laethanta a raibh an vótáil speisialta ar bun. D'fhreastalaíomar ar ionaid chomhairimh i gcontaetha Bhaile Átha Cliath, Chiarraí, Chill Chainnigh, Chill Dara, Dhún na nGall, na Gaillimhe, na Mí, Phort Láirge Shligigh, Thiobraid Árann agus Uíbh Fhailí, agus bhíomar i láthair ag fógairt an toraidh iomláin i gCaisleán Bhaile Átha Cliath oíche an 25 Deireadh Fómhair.

Creideann an Coimisiún go bhfuil an meascán de bhreathnóireacht ar thoghcháin agus meastóireachtaí dírithe ar inrochtaineacht sa 385 stáisiún vótála ar thug ár bhfoirne breathnóireachta PEER cuairt orthu go dtí seo in imeacht 20 mí tar éis feabhsuithe infheicthe a bhaint amach i stáisiúin vótála. I gcás Thoghchán an Uachtaráin, mheas an Coimisiún go raibh 97% de na stáisiúin vótála inrochtana do thoghthóirí faoi mhíchumas. Is feabhas suntasach é an leibhéal inrochtaineachta sin le hais an Olltoghcháin (89%), thoghcháin mhí an Mheithimh 2024 (79%) agus reifrinn mhí an Mhárta 2024 (75%).[1] Feabhsuithe suntasacha eile is ea an t-ardú mór ar sholáthar urrann vótála íseal-leibhéil ar fud na dtoghcheantar agus an t-aistriú ó stáisiúin vótála lenar bhain fadhbanna a shainaithin an Coimisiún go hionaid níos nua-aimseartha agus níos inrochtana. Ar deireadh, bhí baint ag na bearta a rinne cinn chomhairimh i dtaithí níos dearfaí a chruthú do lucht vótála na hÉireann. De bharr ár gcuid moltaí i dtuarascálacha PEER, tá feabhas freisin ar riar toghchán ar nós fhoilsiú na treorach a eisítear do chinn chomhairimh agus d'oifigigh cheannais le haghaidh gach imeachta toghcháin, chomh maith le beachtú staitisticí ar nós scaradh na sonraí faoi vótaí poist agus vótaí speisialta.

Ba é seo an chéad uair dúinn PEER a dhéanamh le haghaidh toghchán uachtaráin. I gcomparáid leis an tréimhse ghearr idir fógairt agus reáchtáil an olltoghcháin, bhí an sceideal le haghaidh Thoghchán an Uachtaráin in 2025 i bhfad níos faide. A luaithe a eisíodh an tOrdú um Thoghchán Uachtaráin[2] ar an 3 Meán Fómhair, bhí toghthóirí a thuig nach bhféadfaidís taisteal chuig stáisiún vótála ar an 24 Deireadh Fómhair mar gheall ar oibleagáidí gairme nó staidéir, in ann cur isteach ar an vóta poist faoin spriocdháta, an 29 Meán Fómhair. Ar bhonn níos ginearálta, thug spriocdháta an 7 Deireadh Fómhair chun clárú le vóta a chaitheamh ar lá na vótála dóthain ama do thoghthóirí nuacháilithe chun a n-iarratais a chríochnú. Mar gheall ar an am bhreise roimh ré, bhíothas in ann na páipéir bhallóide a phriontáil i bhfad roimh lá na vótála, agus dá bhrí sin bhí níos mó ama ag vótálaithe idir a vóta poist a fháil agus a chaitheamh ná mar a fuair d'Olltoghchán 2024 nuair a eisíodh vótaí poist i roinnt dáilcheantar díreach naoi lá roimh lá na vótála. Thar aon ní eile, tuigimid gur thug na sceidil le haghaidh Thoghchán an Uachtaráin in 2025 dóthain ama den chuid is mó chun ballóidí a sheoladh chuig ár n-ambasáidí agus Óglaigh na hÉireann thar lear, agus iad a fháil ar ais.

B'ábhar dóchais don Choimisiún na hiarrachtaí a rinneadh chun éifeachtúlacht agus inrochtaineacht a fheabhsú i rith Thoghchán an Uachtaráin, go háirithe sna tionscnaimh a ghlac cinn chomhairimh chun cabhrú leis an bpróiseas vótála. I measc samplaí de na tionscnaimh sin, bhí iarrachtaí oifigeach ceannais maoirseachta an sreabhadh vótála a éascú trí uimhreacha toghthóirí agus comharthaí a úsáid a chabhraigh leis na toghthóirí a stáisiún vótála a aithint; fógraí ar taispeáint go poiblí a mheabhraigh do na toghthóirí a chinntiú gur marcáladh a bpáipéar ballóide leis an marc oifigiúil agus fógraí ar taispeáint go poiblí ar a raibh eolas teagmhála le haghaidh údaráis chlárúcháin.

Forbraíodh an cur chuige a úsáideadh don PEER seo de réir ár gcur chuige 'feictear agus ansin tuigtear' a glacadh do PEER an Olltoghcháin ar dtús, mar a mbreathnaítear ar thaithí vótála toghthóirí a bhfuil riachtanais

bhreise tacaíochta acu agus iad ag dul isteach i stáisiúin vótála chun vóta a chaitheamh. I gcás an PEER seo, d'oibríomar i gcomhar le Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (IWA) agus Down Syndrome Ireland (DSI), agus bhuaileamar lena mbaill agus iad ag teacht go cúig stáisiún vótála i gContae Dhún na nGall agus ceithre stáisiún vótála i gContae Chiarraí chun vóta a chaitheamh. Ba ríluachmhar an méid sin, a thug deis dúinn breathnú go díreach ar thaithí vótála toghthóirí faoi mhíchumais fhisiciúla nó intleachtúla agus éisteacht leo. Mar gheall ar na cás-staidéir sin, tá naisc láidre cothaithe againn leis an dá eagraíocht sin agus táimid ag súil le rannpháirtíocht leanúnach le IWA agus DSI. Sa réimse níos leithne, is mian linn oibriú leis na heagraíochtaí ar fad a chabhraíonn leis an tsochaí, iad siúd atá faoi mhíchumas go háirithe. Féachaimid trínár gcuid oibre le tuiscint a fháil ar riachtanais vótálaithe a d'fhéadfadh a bhrath uaireanta go bhfuil siad dínasctha ón bpolaitíocht, ó thoghcháin agus ó vótáil, agus ar lá na vótála freisin nuair a d'fhéadfadh turas go stáisiún vótála dúshláin a chruthú.

Braitheann an mhodheolaíocht agus an cur chuige a úsáidtear chun gach PEER a dhéanamh cuid mhór ar shonraí a bhailítear sa réimse trínár mbreathnóireachtaí ar stáisiúin vótála PEER agus cuirtear leis sin le sonraí a bhailítear mar chuid dár Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais (NEDS) leanúnach (féach 'Sonraí Vótála Toghchán: NEDS', lch 36). Gabhann sonraí suirbhé NEDS dearcthaí vótálaithe i leith a dtaithí vótála. I gcás NEDS Thoghchán an Uachtaráin, dúirt 1,173 freagróir gur chaith siad vóta ann. Astu siúd, cosúil leis na leibhéil sástachta a taifeadadh i suirbhéanna NEDS roimhe sin a rinneadh in 2024, dúirt 97% go raibh a dtaithí vótála dearfach. Anuas air sin, d'fhéadfadh aiseolas ar thaithí vótálaí a sheolann an pobal chuig an gCoimisiún go díreach nó tuairiscí sna meáin ar chúrsaí a thagann chun cinn i gcás imeacht toghcháin tionchar a imirt ar ár gcur chuige chun PEER a cheapadh.

Tá níos lú moltaí againn ag eascairt as an PEER seo le hais PEERanna roimhe seo. Chinneamar, ar an iomlán, na príomh-mholtaí ó PEERanna roimhe seo a leathnú nó béim a leagan orthu arís sa tuarascáil PEER seo. Tháinig go leor réimsí ar tarraingíodh aird orthu i dtuarascálacha PEER roimhe seo chun cinn arís mar gur theastaigh gníomh ina leith i riar Thoghchán an Uachtaráin.

Ba phríomh-mholadh inár gcéad tuarascáil *Athbhreithniú i ndiaidh Imeacht Toghcháin | Na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram | 8 Márta 2024* gur cheart reachtaíocht toghcháin a leasú chun foráil go sainráite do fhreastal fhoireann agus chomhaltaí an Choimisiúin ar stáisiúin vótála agus ionaid chomhairimh. Maidir leis an moladh sin, tuigimid go ndílsítear discréid shuntasach do chinn chomhairimh i dtaobh na ndaoine ar féidir leo a bheith i láthair ag céimeanna tábhachtacha toghcháin sa chreat reachtach a rialaíonn an vótáil in Éirinn. Tá meas ag an gCoimisiún ar neamhspleáchas na gceann comhairimh agus iad ag comhlíonadh a bhfeidhmeanna. Nuair a diúltaíodh cead isteach i stáisiún vótála dúinn, rud a tharla go hannamh, níor thugamar dúshlán an chinnidh ná níor thosaíomar aon aighneas faoi. Ach ní fhéadfar leanúint leis an easpa cinnteachta go dtabharfar cead isteach dúinn. Tá sainchúram reachtúil an Choimisiúin athbhreithniú a dhéanamh ar imeachtaí toghcháin thíos leis mar gheall ar an easpa ceart rochtana reachtúil dá réir. Ar deireadh, is ar an gcúis sin a bhfuil béim á leagan againn an athuair ar an ngá atá le reachtaíocht lena bhforálfaí dár bhfreastal i gcion breathnóireachta ag stáisiúin vótála agus ionaid chomhairimh. Chomh maith leis sin, iarraimid foráil reachtach shainráite a bheith i láthair ag cúraimí riaracháin a dhéantar le haghaidh imeachtaí toghcháin, ar nós na vótála speisialta agus eisiúint agus oscailt vótaí poist.





# 3. Moltaí PEER Dheireadh Fómhair 2025

**Reachtach:**

- Reachtaíocht toghcháin a leasú chun foráil go sainráite do fhreastal fhoireann agus chomhaltaí an Choimisiúin mar bhreathnóirí ar stáisiúin vótála ar lá na vótála agus ar chúraimí riaracháin a bhaineann le riar imeachta toghcháin.

**Beartas:**

- Clárúchán vótálaithe tríd an saorphost a chur ar fáil do gach toghthóir mar rogha ar chlárú ar líne.

**Treoir:**

- Agus meas i gcónaí ar neamhspleáchas na gceann comhairimh ina gcinnteoireacht, treoir nuashonraithe a eisiúint faoin gcaoi agus faoin gcúis a bhféadfaidh cinn chomhairimh a mheas go bhfuil páipéar ballóide neamhbhailí agus sainaithint na catagóire uathu faoina ndearbhaítear go bhfuil vóta neamhbhailí.

**Riarachán:**

- An formáidiú a úsáidtear le haghaidh *Fógraí Stáisiúin Vótála* a chaighdeánú ar mhaithe le húsáid éifeachtúil agus asbhaint sonraí ar stáisiúin vótála agus áiteanna vótála.
- Foirmeacha tuairiscithe sonraí toghcháin a líonann cinn chomhairimh isteach i ndiaidh gach imeachta toghcháin a leasú ionas go dtaifeadfar 'páipéir bhallóide gan mharc' agus go ndéantar iad a chomhaireamh ar leithligh ó pháipéir ballóide nár 'taispeánadh príomhrogha go soiléir' orthu.

* Moltaí PEER roimhe seo – Cairt Dul Chun Cinn, lch 79.

# 4. Raon Feidhme PEERanna

Ar cheann de phríomhfheidhmeanna tuairiscithe toghcháin an Choimisiúin tá go bhféadfaidh sé tuarascáil a ullmhú agus a fhoilsiú ar riar imeachtaí toghcháin, ar a dtugtar 'Athbhreithniú i ndiaidh Imeacht Toghcháin' (PEER).

I gcroílár PEER tá riar an imeachta toghcháin agus an chaoi a n-eagraítear é, ón bhfógra oscailte agus na céimeanna sceidealaithe go dtí tiomsú na dtorthaí agus staitisticí an toghcháin. Mar aon le hathbhreithniú ar na gnéithe riaracháin, is ceanglas a leagtar amach in alt 68 den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* é go ndírítear i ngach PEER ar na tacaíochtaí a thairgtear do thoghthóirí a dteastódh cúnamh speisialta uathu ar lá na vótála.

Bhí na príomhchuspóirí dár PEER ar Thoghchán an Uachtaráin in 2025 mar an gcéanna lena raibh i gceist sna PEERanna a rinneadh in 2024 – forléargas a fháil ar na nósanna imeachta agus dálaí vótála, agus aird a tharraingt ar réimsí atá le feabhsú, go háirithe i dtaobh inrochtaineachta agus rannpháirteachas a fheabhsú.

D'fhéachamar freisin le dea-chleachtais agus nuálaíochtaí a shainaithint i dtaithí vótála, gné dhearfach agus cheannródaíoch a bhí againn den chéad uair sa tuarascáil PEER le haghaidh Olltoghchán mhí na Samhna in 2024.

Nuair a cinneadh raon feidhme agus ceapadh gach PEER, ba é ár gcur chuige a chinntiú go mbíonn PEERanna bunaithe ar thaithí vótálaithe atá praiticiúil agus 'ar an láthair'. Ón gcéad lá riamh, bhí cuairteanna foirne breathnóireachta PEER ar stáisiúin vótála ina ghné lárnach dár PEERanna. Tugann ár gcuairteanna ar stáisiúin vótála deis dúinn breathnú muid féin ar an saoráidí agus na dálaí a bhaineann le caitheamh vótaí, agus sonraítear freisin an cúnamh a thugtar do vótálaithe a bhfuil riachtanais bhreise tacaíochta acu. Ceapadh ár seicliosta PEER chun an raon feidhme sin a léiriú, ár dtreorú chun socruithe praiticiúla tábhachtacha a athbhreithniú ar stáisiúin vótála, ar nós comharthaí, rampaí, páirceála nó leagan amach agus sreabhadh na stáisiún vótála. Chuamar i gcomhairle lenár seicliosta PEER freisin chun cúrsaí a bhaineann le sláine an phróisis toghcháin a mheasúnú. Athbhreithníodh cleachtais atá lárnach do chothroime, iontaoibh agus slándáil ar nós stampáil páipéar ballóide, seiceáil aitheantais, suíomh póstaer ina dtarraingítear aird ar chionta toghcháin agus slándáil an bhosca ballóide. Tá na moltaí sna tuarascálacha PEER ar fad uainn bunaithe ar ár mbreathnóireachtaí, agus é d'aidhm le gach ceann díobh riar, sláine agus inrochtaineacht an phróisis toghcháin a fheabhsú.

Ar an 24 Deireadh Fómhair 2025, thug 19 bhfoireann ar a raibh beirt bhall foirne nó chomhaltaí den Choimisiúin Toghcháin cuairt ar 100 stáisiún vótála. Bhí na stáisiúin vótála sin scaipthe ar fud an 26 contae, mar a tharla cheana. I gcás Olltoghchán mhí na Samhna 2024, leathnaíomar ár mbéim ar inrochtaineacht chun cur chuige 'feictear agus ansin tuigtear' níos leithne a ghlacadh trí thabhairt faoi chás-staidéar i dteannta Chumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (IWA). I ndiaidh rath an chleachtaidh breathnóireachta sin agus mar gheall ar an méid d'fhoghlaimíomar faoi úsáideoirí cathaoireacha rothaí, chomhoibríomar arís le IWA do Thoghchán an Uachtaráin (féach 'Cás-staidéar IWA', lch 61). Dár ndara cás-staidéar, d'aontaigh Down Syndrome Ireland (DSI) comhoibriú linn ar lá na vótála. Shainaithin siad cohórt feiliúnach toghthóirí dúinn agus d'oibrigh ar chlár taistil chun ár gcás-staidéar a éascú. Mar gheall ar chomhordú agus pleanáil Down Syndrome Ireland, ar an 24 Deireadh Fómhair 2025, taobh amuigh de cheithre stáisiún vótála i gContae Chiarraí, bhuaileamar le grúpa mac léinn ó Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan ar baill iad de chraobh Chiarraí de DSI (féach 'Cás-staidéar DSI', lch 64).

Leanamar orainn freisin ag leathnú ár dtuisceana ar na cúraimí riaracháin éagsúla a theastaíonn le haghaidh imeacht toghcháin trí fhreastal ar eisiúint an vóta poist, ar an vótáil speisialta agus ar chomhaireamh na vótaí in ionaid chomhairimh.

Tarraingítear aird sa tuarascáil PEER seo freisin ar ghníomhaíochtaí taighde agus feachtais feasachta a bhain le Toghchán an Uachtaráin agus a raibh an Coimisiún páirteach iontu. Áirítear leis na gníomhaíochtaí sin sonraí a bailíodh faoi thaithí na vótálaithe tríd an Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais (NEDS) (féach 'Sonraí Vótála Toghchán: NEDS', lch 36) chomh maith lenár bhfeachtais eolais a spreag daoine le clárú le vótáil agus a vóta a chaitheamh ar lá na vótála (féach Aguisín 1).

Tá raon na gceisteanna a scrúdaítear sa PEER seo bunaithe ar na forálacha reachtacha i leith inrochtaineacht toghthóirí: alt 68(3) den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022,* an t*Acht Toghcháin, 1992* agus *Acht Toghchán an Uachtaráin, 1993*. Tá na forálacha reachtúla a rialaíonn reáchtáil toghcháin uachtaráin in *Acht Toghchán an Uachtaráin, 1993*, arna leasú. Forordaítear foirm an pháipéir ballóide atá le húsáid i dtoghchán uachtaráin in I.R. Uimh. 329/2018 - *Presidential Elections (Forms) (Amendment) Regulations 2018*.

Chuir an *Memorandum for the Guidance of Local Returning Officers at Presidential Election, 24 October 2025*[3] agus an *Manual for Presiding Officers at the Presidential Election, 24 October 2025*[4] bonn eolais suntasach faoinár gcuid oibre. De réir an mholta in PEER an Mhárta uainn, measaimid go gcabhraíonn cinneadh na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun na lámhleabhair sin a fhoilsiú le leibhéil iontaoibhe an phobail a mhéadú sa chóras toghcháin trí chultúr trédhearcachta a spreagadh



# 5. Freastal agus Breathnóireacht ar na hImeachtaí Toghcháin

Le haghaidh Thoghchán an Uachtaráin in 2025, chomh maith le cuairt a thabhairt ar 100 stáisiún vótála ar fud na tíre, d'fhreastail comhaltaí agus baill foirne an Choimisiúin, i gcáil breathnóra, ar eisiúint vótaí poist, vótáil speisialta agus comhaireamh vótaí i mBaile Átha Cliath, Ciarraí, Cill Chainnigh, Cill Dara, Dún na nGall, Gaillimh, an Mhí, Port Láirge, Sligeach agus Uíbh Fhailí. Is nós linn cead freastail a fháil i scríbhinn roimh ré ó na cinn chomhairimh ábhartha.

I rith na PEERanna ar fad a rinneadh le haghaidh gach imeachta toghcháin a reáchtáladh ó 2024, bhí an comhar agus an cúnamh a thug cinn chomhairimh agus a bhfoirne chun ár mbreathnóireacht ar ghníomhaíochtaí riar toghcháin a éascú thar cionn ar fad go hiondúil. Bhaineamar leas as taithí agus léargais na riarthóirí toghcháin a bhfuil seantaithí acu air seo. Fuaireamar taispeántais phearsanta agus míniú ar nósanna imeachta toghcháin i gcomhthéacs beo. Mar eagraíocht nár bunaíodh ach in 2023, is mór againn ar fad an cúnamh comhghleacúil sin a thugtar don Choimisiúin Toghcháin agus chuir sé ar chumas ár bhfoirne agus ár gcomhaltaí foghlaim go tapa trínár bhfreastal breathnóireachta ar gach imeacht toghcháin. Chuir ár ngníomhaíochtaí oiliúna agus oideachais féin lenár bhfoghlaim agus ár n-eolas freisin. Fuair baill foirne sa Choimisiún dioplómaí i ndlí toghcháin na hÉireann, rinne siad cúrsaí breathnóireachta toghcháin idirnáisiúnta, d'fhreastail siad ar cheardlanna oiliúna toghcháin leis an bhForas Riaracháin, ghlac siad páirt i modúil oiliúna toghcháin ar líne (a mbaineann foirne vótála agus oifigigh cheannais leas astu freisin), agus thug siad freisin faoi shainoiliúint i bhfeasacht ar chúrsaí míchumais.

Ghlac baill foirne agus comhaltaí an Choimisiúin páirt freisin i misin breathnóireachta toghcháin idirnáisiúnta, cinn sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin agus sa Mholdóiv ina measc.

De bharr an easpa foráil reachtach shainráite dár bhfreastal agus breathnóireacht seans, tharla cúpla cás eisceachtúil nuair nár tugadh cead isteach do bhaill foirne agus comhaltaí an Choimisiúin i stáisiúin vótála nó nuair a cuireadh teorainn lenár gcumas an próiseas vótála gan srian.

Inár dtuarascáil *Athbhreithniú i ndiaidh Imeacht Toghcháin | Na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram | 8 Márta 2024* rinne an Coimisiún an moladh seo a leana

> ***"Reachtaíocht toghcháin a leasú chun foráil go sainráite do fhreastal fhoireann agus chomhaltaí an Choimisiúin ar stáisiúin vótála agus ionaid chomhairimh le haghaidh na n-imeachtaí toghcháin ar fad."***

I ndiaidh an mholta in PEER an Mhárta, tá tagairt dár bhfreastal ar stáisiúin vótála sna lámhleabhair le haghaidh na n-oifigeach ceannais a eisítear roimh gach imeacht toghcháin, an *Manual for Presiding Officers at the Presidential Election, 24 October 2025* ina measc.

> ***"Féadfaidh comhalta den Choimisiún Toghcháin nó a bhaill foirne a theacht i láthair ag an stáisiún vótála mar bhreathnóirí, mar chuid dá gcuid oibre in iniúchadh i ndiaidh imeacht toghcháin a chur i dtoll a chéile faoi cheisteanna áirithe (mar shampla, cúnamh a thugtar sa stáisiún vótála do vótálaithe ag a bhfuil lagú amhairc, éagumas fisiciúil nó neamhábaltacht léamh nó scríobh atá chomh dian sin nach féidir leo vóta a chaitheamh gan chúnamh). Ba cheart duit a gcruthúnas aitheantais a sheiceáil chun a gcéannacht a chinntiú duit féin."*** *(lch 12)*

Cé go bhfuil an-fháilte roimh an tagairt dúinn sna lámhleabhair sin, bhí ceithre imeacht toghcháin ann ó mhí an Mhárta 2024 agus ní fhoráiltear go sainráite fós i reachtaíocht toghcháin do láithreacht an Choimisiúin Toghcháin i stáisiúin vótála ná in ionaid chomhairimh.

Ar leibhéal níos ginearálta, leagtar amach feidhmeanna an Choimisiúin in alt 30 den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, alt 30(2) ina measc ina bhforáiltear go mbeidh "ag an gCoimisiún na cumhachtaí sin go léir is gá chun a fheidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh nó a ghabhann le comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin." Má tá PEER le déanamh, mar a leagtar amach in alt 68(3) den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, ba cheart go n-áireofaí sa tuarascáil "tuairisc ar an gcúnamh a thug oifigigh cheannais agus cinn chomhairimh do dhaoine áirithe", iad siúd faoi mhíchumas go háirithe, faoi na ceanglais sa reachtaíocht toghcháin atá i bhfeidhm i láthair na huaire. Ní féidir athbhreithniú ceart a dhéanamh an bhfuil saoráidí réasúnta ar fáil don vótáil nó an bhfuil stáisiúin vótála inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí seachas má bhíonn rochtain ag breathnóirí an Choimisiúin ar stáisiúin vótála.



Tugtar discréid mhór do chinn chomhairimh sa chreat reachtach faoi láthair chun rochtain ar stáisiúin vótála agus imeachtaí comhairimh a rialú. Mura leasaítear na rialacháin, agus go dtí sin, teastaíonn cead ó chinn chomhairimh le gur féidir linn breathnú ar imeachtaí toghcháin agus iad a athbhreithniú. D'fhéadfadh sé sin srian a chur lenár gcuid oibre agus an bonn a bhaint d'éifeachtacht na n-athbhreithnithe i ndiaidh imeacht toghcháin. Ar deireadh, is faoi rogha na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta athruithe suntasacha ar reachtaíocht toghcháin, ach iarraimid dtabharfaí tús áite d'athbhreithniú tapa ar an réimse seo.

**Stáisiúin Vótála**

Leagtar amach go sonrach in alt 98 den *Acht Toghcháin, 1992* arna chur chun feidhme le halt 44 d'*Acht Toghchán an Uachtaráin, 1993* cé na daoine a ligfear isteach i stáisiúin vótála agus foráiltear ann nach bhfuil cead ach ag daoine ag a bhfuil údarás ón gceann comhairimh a bheith i láthair sa stáisiún.

**Ionaid Chomhairimh**

Déantar foráil in alt 113 den *Acht Toghcháin, 1992* arna chur chun feidhme le halt 47 d'*Acht Toghchán an Uachtaráin, 1993* do na daoine a fhéadfaidh a bheith i láthair le linn chomhaireamh na vótaí agus ní fhéadfaidh aon duine eile a bheith i láthair gan cead ón gceann comhairimh.

**Vótáil Speisialta**

Foráiltear le halt 82.2 den *Acht Toghcháin, 1992* arna chur chun feidhme le halt 41(2) d'*Acht Toghchán an Uachtaráin, 1993* nach mbeidh duine ar bith seachas an t-oifigeach ceannais speisialta agus an comhalta den Gharda Síochána i láthair nuair atá an vótálaí speisialta ag vótáil.






Maidir le leasú na reachtaíochta a rialaíonn vótáil speisialta in alt 82(2) den *Acht Toghcháin, 1992* (féach an chuid faoi Vótáil Speisialta, lch 73), tacaímid go háirithe leis an bprionsabal ar a dtarraingítear aird in *Special Voting Arrangements from The International IDEA Handbook*

*"Ba cheart go bhforálfaí le creata dlíthiúla ar shocruithe vótála speisialta do cheart breathnóirí dul i dteannta foirne vótála in institiúidí speisialta ar nós ospidéal, árais chúraim agus áiteanna coinneála."*[5]

Anuas ar an moladh in PEER an Mhárta, molaimid anois freisin go leasófaí reachtaíocht toghcháin chun foráil go sainráite do fhreastal fhoireann agus chomhaltaí an Choimisiúin ag cúraimí riaracháin a bhaineann le riar imeachta toghcháin, ar nós vótáil speisialta i limistéir phoiblí in árais altranais nó eisiúint agus oscailt vótaí poist.

Is eol don Choimisiún freisin go bhfuil fadhb sheanbhunaithe eile ag baint leis an easpa foráil reachtach do láithreacht breathnóirí intíre agus idirnáisiúnta ag toghcháin in Éirinn. Sonraíodh in *Needs Assessment Mission Report- Ireland-Early Parliamentary Elections, 8 February 2020*, ón Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine (ODIHR) de chuid na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip,

*"Mar sin féin, d'ainneoin moladh ó ODIHR roimhe seo, níl aon fhorálacha sainráite ann le haghaidh láithreach breathnóirí saoránach nó idirnáisiúnta, rud a thagann salach ar mhír 8 de Dhoiciméid Chóbanhávan in 1990 ón Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip."* - *Éire (lch 5))*

I ndiaidh cuireadh breathnú ar Thoghchán an Uachtaráin in Éirinn, agus de réir a shainordaithe, i mí Dheireadh Fómhair 2025, sheol ODIHR Misean Measúnachta Toghcháin chuig Éirinn do Thoghchán an Uachtaráin. Roimhe sin, rinne ODIHR breathnóireacht ar an olltoghchán a bhí in Éirinn in 2007. Tagraítear arís in *Needs Assessment Mission Report - Early Parliamentary Elections, 29 November 2024*[6] ó ODIHR don chaoi nár tugadh aghaidh fós ar a mholadh roimhe sin faoi "stádas breathnóirí saoránach agus idirnáisiúnta".

# 6. Seicliosta PEER

An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission

**Athbhreithniú i nDiaidh Imeacht Toghcháin**
*Toghchán an Uachtaráin, 2025*

| CUID A: An Fhoireann Breathnóireachta | |
|---|---|
| A1. Uimhir na Foirne | |
| A2. Am Sroichte | |
| A3. Am Fágála | |

| CUID B: Sainaithint an Stáisiúin Vótála | |
|---|---|
| B1. Ainm an Stáisiúin Vótála | |
| B2. Uimhir an Bhotháin Vótála | |
| B3. Líon na mBothán Vótála sa Stáisiún Vótála | |
| B4. Oifigeach Ceannais an Stáisiúin Vótála | |
| B5. Stáisiúin Vótála – Critéir Roghnúcháin | ☐ An Líon Toghthóirí Is Mó ☐ Toghthóirí > 80 ☐ Innéacs Pobal ☐ Tuairisc ☐ |

| CUID C: Oscailt \| Le comhlánú má bhíothas i láthair ag an oscailt, agus sa chás sin amháin | |
|---|---|
| C1. **Am** \| An raibh an stáisiún vótála ar oscailt don vótáil ag an am ceaptha, 07:00? | Bhí ☐ Ní raibh ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |
| C2.1 **Bosca Ballóide** \| Ar taispeánadh go raibh an bosca ballóide folamh dóibh siúd a bhí i láthair ag an am oscailte? | Taispeánadh ☐<br>Níor taispeánadh ☐ |
| C2.2 **Bosca Ballóide** \| Ar taispeánadh go raibh an bosca ballóide séalaithe go slán dóibh siúd a bhí i láthair ag an am oscailte? | Taispeánadh ☐<br>Níor taispeánadh ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |

| CUID D: Taobh amuigh | |
|---|---|
| D1.1 **Comharthaíocht** \| An bhfuil treochomharthaíocht le feiceáil ar an mbealach chuig an stáisiún vótála? | Tá ☐ Níl ☐ |
| D1.2 **Comharthaíocht** \| An bhfuil fógra oifigiúil a thugann "stáisiún vótála" le fios ar taispeáint ag an mbealach isteach chuig an stáisiún vótála? | Tá ☐ Níl ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |
| D2.1 **Canbhasáil** \| An bhfuil aon phóstaeir toghcháin le feiceáil laistigh de 50 méadar de chúirtealáiste an stáisiúin vótála? | Tá ☐ Níl ☐ |
| D2.2 **Canbhasáil** \| An bhfuil aon chineálacha eile canbhasála, m.sh. bileoga eolais, le feiceáil laistigh de 50 méadar de chúirtealáiste an stáisiúin vótála? | Tá ☐ Níl ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |
| D3.1 **Páirceáil** \| An bhfuil saoráidí páirceála sách maith ann? | Tá ☐ Níl ☐ |
| D3.2 **Páirceáil** \| An bhfuil páirceáil inrochtana ainmnithe ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas gar do phríomhbhealach isteach an stáisiúin vótála do choisithe? | Tá ☐ Níl ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |

| CUID E: Taobh Amuigh (Toghthóirí faoi Mhíchumas) | |
|---|---|
| E1.1 **Guaiseacha** \| An bhfuil aon chéim nó fána ghéar lasmuigh den stáisiún vótála? | Tá ☐ Níl ☐ |
| E1.2 **Guaiseacha** \| An bhfuil aon ghuaiseacha nó constaicí eile le feiceáil ar an mbealach chuig an stáisiún vótála? | Tá ☐ Níl ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |
| E2.1 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí (Taobh amuigh)** \| An bhfuil an príomhbhealach isteach chuig an stáisiún vótála inrochtana tríd is tríd d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí? | Tá ☐ Níl ☐ |
| E2.2 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí (Taobh amuigh)** \| An bhfuil comhartha ann a léiríonn go bhfuil an bealach isteach inrochtana? | Tá ☐ Níl ☐ N/B ☐ |
| E2.3.1 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí (Taobh amuigh)** \| An bhfuil rampa cathaoireacha rothaí ar fáil? | Tá ☐ Níl ☐ N/B ☐ |
| E2.3.2 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí (Taobh amuigh)** \| Má tá rampa cathaoireacha rothaí ann, an ceann buan é (.i. ionsuite sa bhealach isteach)? | Is ea ☐ Ní hea ☐ N/B ☐ |
| E2.3.3 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí (Taobh amuigh)** \| Má tá rampa cathaoireacha rothaí ann, an ceann sealadach é (.i. iniompartha/ inbhainte)? | Is ea ☐ Ní hea ☐ N/B ☐ |
| E2.4 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí (Taobh amuigh)** \| Má tá an príomhbhealach isteach dorochtana, an bhfuil bealach isteach eile ann atá inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí (m.sh. bealach isteach ar thaobh an fhoirgnimh)? | Tá ☐ Níl ☐ N/B ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |

| CUID F: Taobh istigh | |
|---|---|
| F1.1 **Leagan amach** \| An bhfuil an leagan amach sa stáisiún vótála sách maith chun an vóta a reáchtáil m.sh. dóthain spáis, dóthain soilse, srl.? | Tá ☐ Níl ☐ |
| F1.2 **Leagan amach** \| An bhfuil an leagan amach sa stáisiún vótála ar tugadh cuairt uirthi intuigthe agus fabhrach do ghluaiseacht an phróisis vótála, m.sh. bealach isteach, aitheantas, vótáil, bealach amach? | Tá ☐ Níl ☐ |
| F1.3 **Leagan amach** \| An bhfuil an leagan amach sa stáisiún vótála fabhrach do shlándáil an bhosca ballóide (le feiceáil go poiblí agus in áit shlán)? | Tá ☐ Níl ☐ |
| F1.4 **Leagan amach** \| An bhfuil an leagan amach sa stáisiún vótála fabhrach do rúndacht an phróisis vótála (spás príobháideach)? | Tá ☐ Níl ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |
| F2. **Cúrsaí Foirne** \| An bhfuil an fhoireann sa stáisiún vótála inaitheanta agus suite i limistéir ina bhfuil siad le feiceáil ag na toghthóirí? | Tá ☐ Níl ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |
| F3.1 **Éigeandáil** \| An bhfuil bealaí éalaithe éigeandála sa stáisiún vótála? | Tá ☐ Níl ☐ |
| F3.2 **Éigeandáil** \| Má tá, an bhfuil comharthaí ann le haghaidh na mbealaí éalaithe éigeandála? | Tá ☐ Níl ☐ N/B ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |

| CUID G: Taobh Istigh (Toghthóirí faoi Mhíchumas) | |
|---|---|
| G1. **Leagan Amach** \| An bhfuil an leagan amach feiliúnach do thoghthóirí faoi mhíchumas fisiciúil m.sh. bealaí isteach, pasáistí, urranna vótála, srl.? | Tá ☐ Níl ☐ |
| G2.1 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí (Taobh istigh)** \| An bhfuil an taobh istigh inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí i dtéarmaí leagan amach m.sh. spás casta agus easpa constaicí? | Tá ☐ Níl ☐ |
| G2.2.1 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí (Taobh istigh)** \| An bhfuil spás vótála íseal-leibhéil ann? | Tá ☐ Níl ☐ |
| G2.2.2 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí (Taobh istigh)** \| An bhfuil urrann vótála íseal-leibhéil ann? | Tá ☐ Níl ☐ N/B ☐ |
| G2.2.3 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí (Taobh istigh)** \| An bhfuil bord íseal-leibhéil le scáthlán ann? | Tá ☐ Níl ☐ N/B ☐ |
| G2.3 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí (Taobh istigh)** \| An bhfuil an bosca ballóide inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí (m.sh. suite ar airde inrochtana ≈ 1 mhéadar ón talamh)? | Tá ☐ Níl ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |

| CUID H: Nósanna Imeachta Vótála | |
|---|---|
| H1.1 **Póstaeir** \| An bhfuil na póstaeir maidir le *Cionta Toghcháin* agus *Fianaise ar Chéannacht* ar taispeáint? | Tá ☐ Níl ☐ |
| H1.2 **Póstaeir** \| An bhfuil *Fógra i gCló Mór faoi Pháipéar Ballóide* ar taispeáint? | Tá ☐ Níl ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |
| H2. **Ábhair** \| An bhfuil aon chuid de na hábhair toghcháin riachtanacha in easnamh ón stáisiún vótála? | Tá ☐ Níl ☐ |
| → Má tá, sonraigh le do thoil: | |
| ☐ Boscaí Ballóide ☐ Páipéir Bhallóide ☐ Clár na dToghthóirí ☐ Liosta Forlíontach/Forlíonadh leis an gClár ☐ Uirlis Stampála ☐ Treoir d'Oifigigh Cheannais ☐ Pinn/Pinn Luaidhe | |
| → Nótaí tráchta: | |
| H3. **Aitheantas** \| Ar iarradh ar aon toghthóirí cruthúnas aitheantais a thaispeáint nuair a tugadh páipéar ballóide dóibh le linn an athbhreithnithe? [Neamhéigeantach] | Iarradh ☐ Níor iarradh ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |
| H4.1 **Páipéar Ballóide** \| Ar 'stampáladh' páipéir bhallóide leis an marc oifigiúil *nuair a tugadh* do thoghthóirí iad? | Stampáladh ☐ Níor stampáladh ☐ |
| H4.2 **Páipéar Ballóide** \| Ar marcáladh ainmneacha na dtoghthóirí de Chlár na dToghthóirí nuair a tugadh páipéar ballóide dóibh? | Marcáladh ☐ Níor marcáladh ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |



| | |
|---|---|
| H5.1 **Vótáil** \| An raibh na toghthóirí in ann vótáil faoi rún sna hurranna vótála? | Bhí ☐ Ní raibh ☐ |
| H5.2 **Vótáil** \| An toghthóir amháin ag an am a bhí san urrann vótála, seachas má bhí compánach vótála ina dteannta? | Ba ea ☐ Níorbh ea ☐ |
| H5.3 **Vótáil** \| An bhfacthas aon toghthóirí ag tógáil 'féiníní' nó aon chineál eile grianghrafadóireachta a bhfuil cosc air? | Chonacthas ☐ Ní fhacthas ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |

| CUID I: Nósanna Imeachta Vótála (Toghthóirí faoi Mhíchumas) | |
|---|---|
| I1.1 **Lagú Amhairc** \| An bhfuil Teimpléid Páipéir Ballóide ar fáil do thoghthóirí a bhfuil lagú amhairc orthu? | Tá ☐ Níl ☐ |
| I1.2 **Lagú Amhairc** \| An bhfuil aon deacracht le húsáid na dTeimpléad Páipéir Ballóide le feiceáil m.sh. tá sé deacair iad a úsáid? | Tá ☐ Níl ☐ |
| I1.3 **Lagú Amhairc** \| An bhfuil aon toghthóir a bhfuil lagú amhairc orthu le feiceáil ag úsáid na saoráide 'Saorghlao' chun cabhrú leo vóta a chaitheamh? | Tá ☐ Níl ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |
| I2. **Bodhar/Allaíre** \| An bhfuil aon saoráidí ann chun cabhrú leo siúd atá Bodhar/faoi Allaíre ag a bhfuil lagú éisteachta m.sh. Córas na Lúibe (fuaime) le haghaidh áiseanna éisteachta? | Tá ☐ Níl ☐ |
| → Má tá, tabhair sonraí le do thoil: | |
| I3. **Míchumais Neamhfhisiciúla** \| An bhfaca tú aon toghthóir faoi mhíchumas intleachta, foghlama, céadfach nó forbartha ag fáil cúnamh ón bhfoireann vótála (m.sh. cúnamh le vótáil nó cúnamh ginearálta)? | Chonaic ☐ Ní fhaca ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |
| I4.1 **Compánach Vótála** \| An raibh vótáil le cúnamh ó chompánach vótála le feiceáil? | Bhí ☐ Ní raibh ☐ |
| I4.2 **Compánach Vótála** \| Má bhí, ar eisigh an tOifigeach Ceannais an mionn nó dearbhasc don chompánach vótála? [*Neamhéigeantach] | D'eisigh ☐ Níor eisigh ☐ N/B ☐ |
| → Má bhí agus/nó má d'eisigh, tabhair sonraí le do thoil: | |

**CUID J: Daoine i Láthair**

J1. **Foireann an Stáisiúin Vótála** | Tabhair cuntas ar an bhfoireann a bhí san áit vótála le linn an athbhreithnithe:

| An Fhoireann | I láthair | An Líon Foirne i Láthair |
|---|---|---|
| Oifigeach Ceannais | ☐ | ______ |
| Oifigeach Ceannais Maoirseachta | ☐ | ______ |
| Cléireach Vótála | ☐ | ______ |

→ Nótaí tráchta:

J2.1 **Daoine Údaraithe** | An raibh gníomhairí pearsanaíochta i láthair sa stáisiún vótála le linn an athbhreithnithe? Bhí ☐ Ní raibh ☐

→ Má bhí, tabhair sonraí le do thoil:

J2.2 **Daoine Údaraithe** | An raibh aon fhadhbanna le daoine neamhúdaraithe a bhí i láthair sa stáisiún vótála le linn an athbhreithnithe? Bhí ☐ Ní raibh ☐

→ Nótaí tráchta:

J3. **Cumarsáid** | Ar phléigh tú aon fhadhb leis an Oifigeach Ceannais m.sh. easpa ábhar nó easpa urrann vótála íseal-leibhéil? Phléigh ☐ Níor phléigh ☐

→ Nótaí tráchta:

**CUID K: Nuálaíocht & Feabhsúcháin**

K1. **Tionscnamh** | Ar chuir Cinn Chomhairimh nó Oifigigh Cheannais aon tionscnamh nó beart i bhfeidhm ar an leibhéal áitiúil a chabhraigh le héifeachtúlacht nó sláine an phróisis toghcháin? Chuir ☐ Níor chuir ☐

→ Má chuir, tabhair sonraí le do thoil:

**CUID L: Nótaí Tráchta Breise**

Má tá aon nóta tráchta breise agat faoi inrochtaineacht an stáisiúin vótála nó faoi riarachán na vótála trí chéile, tabhair breac-chuntas orthu anseo thíos:




# 7. Stáisiúin Vótála – Critéir Roghnúcháin

Bunaithe ar na sonraí a tugadh sna *Fógraí Stáisiúin Vótála*, baineadh leas as 6,443 stáisiún vótála in 2,613 áit vótála ar fud an 43 dáilcheantar le haghaidh Thoghchán an Uachtaráin in 2025. I gcomparáid leis sin, baineadh leas as 6,756 stáisiún vótála in 2,701 áit vótála ar fud an 43 dáilcheantar le haghaidh Olltoghchán 2024[7]. Inár scrúdú ar na sonraí ar stáisiúin vótála agus áiteanna vótála le haghaidh seacht n-imeacht toghcháin, chonaic an Coimisiún nach n-éascaíonn an formáidiú a úsáidtear le *Fógraí Stáisiúin Vótála* a tháirgeadh úsáid éifeachtúil agus asbhaint sonraí ar stáisiúin vótála agus áiteanna vótála. Molann an Coimisiún caighdeánú an fhormáidithe a úsáidtear le haghaidh na bh*Fógraí Stáisiúin Vótála* ionas go mbeidh an méid seo a leanas iontu: an líon stáisiún vótála atá in úsáid i dtoghcheantar, an líon áiteanna vótála atá in úsáid i dtoghcheantar, agus liosta d'athruithe ar áiteanna vótála a cuireadh i bhfeidhm sa toghcheantar.

Nuair a roghnaíodh na stáisiúin vótála le cuairt a thabhairt orthu le haghaidh tuarascálacha PEER in 2024 agus 2025, bhaineamar úsáid as sonraí tánaisteacha a tógadh ó staitisticí daonáirimh na Príomh-Oifige Staidrimh (CSO) le haghaidh 2022.

Roghnaíomar roinnt stáisiúin vótála freisin le hInnéacs Díothachta HP Pobal[8] (Haase agus Pratschke, 2017), uirlis grádáin shóisialta a úsáideann sonraí ó Dhaonáireamh 2022 chomh maith chun leibhéal foriomlán saibhris agus díothachta ceantar in Éirinn a léiriú. Cuimsíodh an uirlis sin inár modheolaíocht toisc go meastar go bhféadfadh cúinsí socheacnamaíochta tionchar a imirt ar an gcéatadán toghthóirí a chaithfidh vóta.








## Stáisiúin vótála le líon mór toghthóirí

Ar lá na vótála d'Olltoghchán mhí na Samhna 2024, cuireadh le clár taistil foirne breathnóireachta PEER, agus thug siad cuairt ar Scoil Chuimhneacháin J.F.K. i dtoghcheantar Chathair Luimnigh, áit ar tuairiscíodh moilleanna móra ar an vótáil. Nuair a shroich siad an áit, chonaic an fhoireann breathnóireachta PEER gur eascair na moilleanna as leibhéil arda vótálaithe nach bhfuair a gcártaí faisnéise vótaíochta. Dá bhrí sin, chonacthas go raibh ar thoghthóirí dul go deasca eisiúna roinnt oifigigh cheannais chun a fháil amach cén deasc a raibh orthu a bpáipéar ballóide a fháil ann. Ba thátal suntasach ónár gcuairt ar Scoil Chuimhneacháin J.F.K. i mí na Samhna 2024 an toradh a bhíonn ar an gcás nuair nach bhfaigheann toghthóirí cártaí faisnéise vótaíochta, rud a bhíonn níos measa fós i stáisiúin vótála mór ina bhfuil go leor botháin vótála. I gcás Thoghchán an Uachtaráin, chinneamar stáisiúin vótála mhóra a shainaithint agus cuairt a thabhairt orthu ar lá na vótála. Theastaigh scrúdú ar na sonraí a bhí ar fáil sna scéimeanna vótála iomadúla a réitigh údaráis áitiúla dá réir sin. Chuir na sonraí sin ar ár gcumas 48 stáisiún vótála a roghnú ag a bhfuil líon mór botháin vótála sa 43 dáilcheantar ar fud an 26 contae ar fad. Bhí 14 bhothán vótála sa dá stáisiún vótála is mó ar tugadh cuairt orthu – 14 cinn i gCnoc Lín, Contae Bhaile Átha Cliath (Baile Átha Cliath Thiar Theas) agus 14 cinn i gCnoc na Cathrach, Contae na Gaillimhe (Gaillimh Thiar).

**1. Líon Mór Thoghthóirí** – Tugadh cuairt ar 48 stáisiún vótála ina bhfuil cuid den líon toghthóirí is mó i ngach ceann den 43 dáilcheantar agus 26 contae. Sainaithníodh na stáisiúin vótála sin bunaithe ar an eolas sna *Fógraí i dtaobh Shuíomh na Stáisiún Vótaíochta* a d'fhoilsigh gach ceann comhairimh roimh Thoghchán an Uachtaráin.

## Critéir roghnúcháin eile

Roghnaíodh an 52 stáisiún vótála eile le cuairt a thabhairt orthu bunaithe ar na critéir seo a leanas:

**2. Toghthóirí os cionn 80 bliain d'aois** – Tugadh cuairt ar 15 stáisiún vótála i dtoghranna (TRanna) a sainaithníodh i nDaonáireamh 2022 mar chuid de na TRanna ag a bhfuil an dlús is airde de chónaitheoirí atá os cionn 80 bliain d'aois.

**3. Cás-staidéar: Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (IWA)** – Tugadh cuairt ar chúig stáisiún vótála i gContae Dhún na nGall in éineacht le rogha d'úsáideoirí seirbhíse IWA.

**4. Cás-staidéar: Down Syndrome Ireland (DSI Kerry)** – Tugadh cuairt ar cheithre stáisiún vótála i gContae Chiarraí, áit ar bhuail an fhoireann breathnóireachta PEER le grúpa mac léinn ó Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan ar baill iad de Down Syndrome Kerry, craobh chomhlach de DSI.

**5. Rannpháirtíocht an Phobail** – Thug an Coimisiún cuairt ar 12 stáisiún vótála de bharr ceisteanna a tharraing an pobal, a n-ionadaithe nó tuairiscí sna meáin anuas roimhe sin.

**6. Dáileadh Tíreolaíoch** – Tugadh cuairt ar sheacht stáisiún vótála chun a chinntiú go ndearnadh dóthain ionadaíochta ar oileáin amach ón gcósta, ceantair Ghaeltachta agus réigiúin eile a sainaithníodh.


**7. Ceantair faoi Mhíbhuntáiste: Innéacs Pobal** – Roghnaíodh deich stáisiún vótála ar fud na sé dháilcheantar is lú cuairteanna ón gCoimisiún i rith cuairteanna PEER roimhe seo. Roghnaíodh na stáisiúin vótála a raibh cuairt le tabhairt orthu bunaithe ar cheantair a sainaithníodh mar 'Faoi Mhíbhuntáiste Mór' in Innéacs Díothachta Pobal.

I líon beag cásanna nárbh fhéidir cuairt a thabhairt ar stáisiún vótála faoi leith ar an 24 Deireadh Fómhair, lorgaíodh stáisiún vótála eile ina áit.


(Tá liosta iomlán de na stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu in Aguisín 2 – Innéacs na Stáisiún Vótála ar Tugadh Cuairt Orthu.)

# 8. Bealaí PEER

**Léarscáil 1.**
Léarscáil den 48 stáisiún vótála a roghnaíodh bunaithe ar Líon Mór Toghthóirí – a chuimsíonn gach ceann den 43 dáilcheantar agus 26 contae.





**Léarscáil 2.**
Léarscáil den 15 stáisiún vótála a roghnaíodh bunaithe ar thoghranna (TRanna) ina bhfuil líon ard Toghthóirí atá 80 bliain d'aois agus níos sine mar a sainaithníodh i nDaonáireamh 2022.




**Léarscáil 3.**
Léarscáil den 100 stáisiún vótála ar tugadh cuairt orthu.

- An Líon Toghthóirí Is Mó
- Toghthóirí os cionn 80 bliain d'aois
- Cás-staidéir Inrochtaineachta
- Ceantair faoi Mhíbhuntáiste: Innéacs Pobal
- Dáileadh Tíreolaíoch
- Rannpháirtíocht an Phobail



**Léarscáil 4.**
Léarscáil den 385 stáisiún vótála PEER ar tugadh cuairt orthu le haghaidh na PEERanna ar fad.

- Uachtarán
- Olltoghchán
- Áitiúil agus Eorpach
- Reifrinn



# 9. Anailís ar Shonraí PEER

## Rochtain ar an Stáisiún Vótála – Breithnithe Seachtracha

**Páirceáil**

Thuairiscigh breathnóirí an Choimisiúin gur chuir 93% de na stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu saoráidí páirceála leordhóthanacha ar fáil ar an láthair nó ar an tsráid. Tagann sé sin lenár mbreathnóireachtaí ar an olltoghchán, nuair a chuir 92% de na stáisiúin vótála saoráidí páirceála leordhóthanacha ar fáil.

I dtéarmaí saoráidí páirceála do vótálaithe faoi mhíchumas, chuir 67% de na stáisiúin vótála páirceáil inrochtana ar fáil, feabhas ábhartha ón Olltoghchán nuair a chuir 58% de na stáisiúin vótála páirceáil inrochtana ar fáil. Sonraímid go bhféadfadh go mbaineann an méadú 16% sin ar inrochtaineacht na páirceála leis an gcinneadh breathnú ar an vótáil i stáisiúin vótála ina mbíonn daonra mór.




**Treochomharthaíocht**

Cabhraíonn treochomharthaíocht lena chinntiú gur féidir le vótálaithe – vótálaithe céaduaire agus iad siúd atá nua sa cheantar go háirithe – teacht ar an stáisiún vótála. Thuairiscigh breathnóirí an Choimisiúin go raibh treochomharthaíocht ar taispeáint ar an mbealach chuig 39% de na stáisiúin vótála ar breathnaíodh ar an vótáil iontu (38% de na stáisiúin vótála d'Olltoghchán 2024).

Chun cúrsaí a fheabhsú, tuigtear don Choimisiún go bhfuil cinn chomhairimh ag féachaint ar níos mó a infheistiú i dtreochomharthaíocht níos buaine agus a chinntiú go bhfuil Éirchóid ar na cártaí faisnéise vótaíochta a eisítear chuig vótálaithe.




*Comharthaíocht nua a úsáideadh i ndáilcheantair Chorcaí*

Anuas ar an treochomharthaíocht, bítear ag súil go gcuirfidh cinn chomhairimh 'fógra oifigiúil' ar taispeáint ina léirítear gur stáisiún vótála é an t-áitreabh; bhí sé sin le feiceáil in 99% de na stáisiúin vótála, feabhas 11% ar an Olltoghchán nuair a bhí an 'fógra oifigiúil' ar taispeáint in 88% de na stáisiúin vótála.

## Bonneagar Inrochtaineachta – Bealaí Isteach Cothroma, Rampaí Buana agus Rampaí Sealadacha

Ag cur socruithe inrochtana athraithe san áireamh, ar nós rampaí sealadacha nó bealaí isteach inrochtana malartacha, bhí 97% de na stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu inrochtana do thoghthóirí faoi mhíchumas. Léiríonn sé sin feabhas a bhfáiltítear roimhe ar an inrochtaineacht nuair a chuireamar tús lenár gcuairteanna ar stáisiúin vótála i mí an Mhárta 2024, tráth nár mheasamar nach raibh ach 75% de na stáisiúin vótála inrochtana.

Bhí príomhbhealach isteach a bhí inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí ag 94% de na stáisiúin vótála ar breathnaíodh ar an vótáil iontu i gcomparáid leis an Olltoghchán (75%). D'áirigh na bealaí isteach inrochtana bealaí isteach cothroma, bealaí isteach ag a raibh rampaí buana, agus bealaí isteach ag a raibh rampaí sealadacha a bhí ceaptha rochtain ar an stáisiún vótála a éascú. I gcás na stáisiún vótála nach raibh príomhbhealach isteach inrochtana acu, chuir 50% bealach isteach inrochtana malartach ar fáil. Ní raibh ach trí cinn de na stáisiúin vótála as an 100 ar tugadh cuairt orthu ina raibh fadhbanna rochtana doréitithe toisc nach raibh an príomhbhealach isteach inrochtana, agus nach raibh aon bhealach isteach inrochtana malartach ar fáil iontu.

Bhí rampaí rochtana ag 47% de na stáisiúin vótála ar breathnaíodh ar an vótáil iontu; astu siúd, ba rampaí rochtana buana thart ar 84% díobh agus ba rampaí rochtana sealadacha 16% a cuireadh in airde le haghaidh lá na vótála.

Bhí bealach isteach cothrom a bhí inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí ag thart ar 50% de na stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu i gcomparáid leis an Olltoghchán (36%).

## Constaicí Inrochtaineachta – Céimeanna, Athruithe Géara ar an Leibhéal & Ciumhaiseanna Tairsí, Gluaiseacht Inmheánach

Chonacthas céimeanna agus athruithe géara ar leibhéil ag 9% de na stáisiúin vótála. B'fheabhas mór é sin freisin ar an Olltoghchán, áit a raibh constaicí i mbeagnach 25% de na stáisiúin vótála mar gheall ar chéimeanna nó athruithe géara ar leibhéil.

Áiríodh le constaicí breise inrochtaineachta ciumhais tairsí ag na doirse isteach. Sainaithníodh na fadhbanna sin ag 7% de na stáisiúin vótála, figiúr a léiríonn feabhas beag sa chatagóir seo le hais an Olltoghcháin (10%). Ba léir dúinn go raibh cinn chomhairimh tar éis socruithe rochtana athraithe a chur i bhfeidhm, rud a mhaolaigh constaicí go pointe, agus a chinntigh go raibh úsáideoirí cathaoireacha rothaí in ann dul isteach sna stáisiúin vótála.

Díríonn an inrochtaineacht inmheánach ar shocruithe gluaiseachta inmheánaí agus suíomh na n-ábhar toghchán, na deasca eisiúna agus na hurranna vótála ina measc. Bhí leibhéil leordhóthanacha inrochtaineachta inmheánaí le haghaidh úsáideoirí cathaoireacha rothaí i 97% de na stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu. Bhí sé sin díreach mar an gcéanna lenár mbreathnóireachtaí san Olltoghchán.

I measc na gcásanna eisceachtúla de bhacainní ar inrochtaineacht inmheánach bhí urranna vótála ina raibh spás gluaiseachta srianta agus doirse inmheánacha a bhí deacair le húsáid go minic ag úsáideoirí cathaoireacha rothaí gan tionlacan.

## Soláthairtí don Vótáil Inrochtana – Urranna Vótála Inrochtana

Nuair a bhíonn spás vótála inrochtana ann ar nós urrann vótála íseal-leibhéil, deasc íseal-leibhéil le scáthlán príobháideachais nó limistéar príobháideach sa stáisiún vótála, bíonn toghthóirí faoi mhíchumas in ann vótáil go príobháideach. Thuairiscigh breathnóirí PEER gur chuir 98% de na stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu spás vótála inrochtana ar fáil do thoghthóirí faoi mhíchumas, feabhas dearfach eile ar an olltoghchán (93%).

Chuir 93% de na stáisiúin vótála ina raibh na breathnóirí urrann vótála íseal-leibhéil ar fáil do thoghthóirí faoi mhíchumas – anuas air sin, cuireadh deasc íseal-leibhéil ar fáil go minic ag na stáisiúin vótála sin chun deis a thabhairt do thoghthóirí faoi mhíchumas agus aosta suí síos. Chuir 4% de na stáisiúin vótála deasc íseal-leibhéil ar fáil in áit urrann vótála íseal-leibhéil. Measann an Coimisiún – mura bhfuil urrann vótála íseal-leibhéil ar fáil – gur cheart go mbeadh scáthlán príobháideachais le deasca íseal-leibhéil i gcónaí.

Ba cheart boscaí ballóide a chur ar airde inrochtana ionas gur féidir le toghthóirí, úsáideoirí cathaoireacha rothaí nó vótálaithe nach bhfuil ard ina measc, a bpáipéar ballóide a chur sa bhosca ballóide gan aon chúnamh. Chuir breathnóirí PEER in iúl go raibh an bosca ballóide inrochtana ag 84% de na stáisiúin

vótála ar tugadh cuairt orthu, atá beagáinín níos ísle ná an méid a chonacthas ag an Olltoghchán (88%). Measann an Coimisiún, ag brath ar na cúinsí, go bhféadfadh an bosca ballóide a bheith neamh-inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí má chuirtear ar dheasca eisiúna é.

## Áiseanna Vótála – Vótáil Chuidithe & an Teimpléad Páipéir Ballóide

Is ábhair iad na háiseanna vótála atá ceaptha vótáil toghthóirí faoi mhíchumas a éascú. Is é an phríomh-áis vótála do vótálaithe a bhfuil lagú amhairc orthu an teimpléad páipéir ballóide, gléas trédhearcach a dearadh chun a chur ar chumas toghthóirí a bhfuil lagú amhairc orthu vóta a chaitheamh go neamhspleách. Mar a pléadh in PEERanna roimhe seo, is gléas plaisteach trédhearcach é an teimpléad páipéir ballóide ar a bhfuil gnéithe tadhlacha a leagann an t-oifigeach ceannais anuas ar an bpáipéar ballóide. Treoraíonn na gnéithe tadhlacha na húsáideoirí chuig oscailtí ar an teimpléad a bhaineann leis na hiarrthóirí toghcháin ar an bpáipéar ballóide faoina bhun.




Chun vóta a chaitheamh le teimpléad páipéir ballóide, caithfidh vótálaí a bhfuil lagú amhairc orthu a bheith ar an eolas faoi ord na n-iarrthóirí ar an bpáipéar ballóide. Chuige sin, úsáidtear an teimpléad páipéir ballóide i dteannta seirbhís saorghlao a bhféadfaidh vótálaí glaoch air chun liosta de na hiarrthóirí a chloisteáil á léamh amach san ord ina bhfuil na hiarrthóirí ar an bpáipéar ballóide.

Chuir breathnóirí PEER in iúl go raibh an teimpléad páipéir ballóide ar fáil do thoghthóirí a bhfuil lagú amhairc orthu ag 99% de na stáisiúin vótála ar breathnaíodh ar an vótáil iontu. Tagann sé sin lenár mbreathnóireachtaí in imeachtaí toghcháin roimhe seo. Ar an iomlán, chonaiceamar toghthóirí a bhfuil lagú amhairc orthu ag vótáil i 5% de na stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu.

As na vótálaithe sin:

- Chaith triúr vóta le cúnamh ón teimpléad páipéir ballóide. As an triúr sin, d'úsáid beirt vótálaithe an teimpléad páipéir ballóide leis an tseirbhís saorghlao ábhartha atá ansin le tacú le vótálaithe a bhfuil lagú amhairc orthu. D'úsáid vótálaí amháin an teimpléad páipéir ballóide le cúnamh ó chompánach vótála.
- Chaith beirt vótálaithe eile vóta gan cúnamh ón teimpléad páipéir ballóide. Chaith toghthóir amháin vóta le cúnamh ón oifigeach ceannais agus chaith an toghthóir eile vóta le cúnamh ó chompánach vótála.

Tá ár mbreathnóireachtaí ó Thoghchán an Uachtaráin ag teacht le himeachtaí toghcháin roimhe seo nuair a shonraíomar leibhéil éagsúla úsáide den teimpléad páipéir ballóide agus roinnt éiginnteachta faoin gcaoi ar cheart an áis vótála seo a úsáid. Mar a moladh roimhe seo inár dtuarascáil PEER ar Thoghcháin Pharlaimint na hEorpa, Toghcháin Áitiúla agus Toghcháin Mhéara Luimnigh,[9] "[tá] gá le hathbhreithniú cuimsitheach leis na páirtithe leasmhara ábhartha ar fad ar an treoir agus ar na hábhair atá ar fáil le haghaidh vótálaithe atá dall nó ar a bhfuil lagú amhairc nuair atá siad ag caitheamh vóta. Tá rannpháirteachas díreach na dtoghthóirí ar a bhfuil lagú amhairc san athbhreithniú sin riachtanach". Tuigtear don Choimisiún gur chuir an Mheitheal um Vótáil Daoine faoi Mhíchumas faoi chathaoirleacht na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta tús in 2025 le hathbhreithniú ar an treoir agus ar na hábhair atá ar fáil le haghaidh vótálaithe atá dall nó ar a bhfuil lagú amhairc.



Mar a rinneadh le haghaidh toghcháin roimhe seo in 2024, chuireamar glaoch tástála ar na huimhreacha saorghlao ina liostaítear na hiarrthóirí san ord ina mbíonn siad ar an bpáipéar ballóide. Bhíomar sásta i ndiaidh ár seiceálacha ar fad go raibh na huimhreacha saorghlao ar fad ag obair roimh Thoghchán an Uachtaráin. Mar sin féin, i ndiaidh ár molta in PEER na Samhna go mbeadh comhaid fuaime ina rogha úsáideach bhreise[10] dá gcuirfí ar fáil do vótálaithe iad, shonraíomar nach ndearnadh aon dul chun cinn ar sholáthar comhad fuaime ina liostaítear na hiarrthóirí.

## Taithí Vótála – Leagan Amach agus an Sreabhadh Vótála

Bíonn impleachtaí ag dálaí inmheánacha don vótáil, an socrú do dheasca eisiúna agus urranna vótála ina measc, ar éifeachtúlacht, príobháideachas agus sláine na vótála. Chuir breathnóirí an Choimisiúin in iúl go raibh dálaí leordhóthanacha ag 99% de na stáisiúin vótála ar breathnaíodh ar an vótáil iontu. Tagann sé sin le breathnóireachtaí in imeachtaí toghcháin roimhe seo. I rith Thoghchán an Uachtaráin, chonacthas deacrachtaí beaga le saoráidí, ar nós fadhbanna soilsithe, agus tuairiscíodh gur cliseadh ar an gcumhacht ar feadh tamaill ag stáisiún vótála amháin.

Breithniú bunúsach i gcás na héifeachtúlachta is ea "sreabhadh" na vótála i stáisiúin vótála, trína ndírítear ar thaithí na vótálaithe ar an bpróiseas vótála agus a gcumas a mbealach a dhéanamh timpeall ar an spás atá curtha ar fáil chuige sin. I stáisiún vótála éifeachtúil, beidh sé soiléir do na vótálaithe cá bhfuil siad ceaptha a gcruthúnas ar aitheantas a thaispeáint agus a bpáipéar ballóide a fháil, cár féidir leo a bpáipéar ballóide a líonadh isteach go príobháideach, agus cá bhfuil siad ceaptha a bpáipéar ballóide a chur sa bhosca ballóide cuí. Thuairiscigh breathnóirí an Choimisiúin gur chuir gach stáisiún vótála ar breathnaíodh ar an vótáil iontu taithí iomasach vótála ar fáil a chabhraigh leis an sreabhadh vótála.

## Sláine na Vótála – Príobháideachas agus Aitheantas

Beart amháin a ceapadh chun sláine an phróisis toghcháin a chaomhnú is ea an ceanglas go soláthródh vótálaithe cruthúnas ar aitheantas ar cheann díobh siúd, rud a sheachnaíonn pearsanaíocht. Moltar i dtreoir a d'eisigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta d'oifigigh cheannais cáipéisí céannachta a iarraidh ar dhuine as gach ceathrar vótálaithe. Chuir breathnóirí PEER in iúl go raibh fianaise ar chruthúnas aitheantais á iarraidh ó thoghthóirí ag 71% de na stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu, méadú ar an Olltoghchán (63%).

Is beart breise é marcáil an pháipéir ballóide leis an marc oifigiúil chun sláine toghcháin a chosaint. Thuairiscigh breathnóirí an Choimisiúin gur marcáladh na páipéir bhallóide ar fad leis an marc oifigiúil sna stáisiúin vótála ar breathnaíodh ar an vótáil iontu, de réir alt 101(2) den *Acht Toghcháin, 1992*, arna chur chun feidhme le halt 38 d'*Acht Toghchán an Uachtaráin, 1993*.

Tagann sé sin lenár mbreathnóireachtaí in imeachtaí toghcháin roimhe seo inar léiríodh comhlíonadh an cheanglais reachtaigh. Admhaíonn an Coimisiún na hiarrachtaí móra a rinne cinn chomhairimh chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb seo (féach 'Páipéir Bhallóide Neamhbhailí', lch 47).

Cosnaítear sláine toghcháin tuilleadh trína chinntiú go marcáiltear vótálaí de *Chlár na dToghthóirí* nuair a thugtar páipéar ballóide dóibh. Seachnaíonn sé sin pearsanaíocht agus ilvótáil trí thaifead a choinneáil de na vótálaithe a chaith vóta in imeacht toghcháin ar leith. Thuairiscigh breathnóirí PEER gur marcáladh vótálaithe de *Chlár na dToghthóirí* ag gach stáisiún vótála ar breathnaíodh ar an vótáil iontu.

Bíonn sláine an phróisis toghcháin ag brath chomh mór céanna ar phríobháideachas na vótálaithe. Thuairiscigh breathnóirí PEER gur chuir 99% de na stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu urranna vótála ar fáil a d'éascaigh vótáil phríobháideach. Tagann sé sin lenár mbreathnóireachtaí san Olltoghchán. Breithniú gaolmhar is ea an ceanglas nach mbeadh ach vótálaí amháin san urrann vótála nuair atá vóta á chaitheamh.

Chuir breathnóirí an Choimisiúin in iúl gur comhlíonadh an ceanglas sin ag 98% de na stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu. In dhá chás, thuairiscigh breathnóirí gur chosúil go raibh cúpla vótálaí in urrann vótála; feabhas é sin ar an Olltoghchán nuair a sháraigh 5% de na stáisiúin vótála an ceanglas sin.






# 10. Dea-chleachtais a Chonacthas

## Teimpléad Páipéir Ballóide

Luaigh breathnóirí PEER gur chuir cinn chomhairimh bearta i bhfeidhm a raibh d'aidhm leo feasacht ar an Teimpléad Páipéir Ballóide a chur chun cinn. Ag an mbealach isteach chuig roinnt stáisiúin vótála, chonaiceamar póstaeir i gcló mór a d'fhógair an tseirbhís saorghlao a léann ord na n-iarrthóirí ar an bpáipéar ballóide don ghlaoiteoir. Cabhraíonn an tseirbhís sin le vótálaithe a bhfuil lagú amhairc orthu nuair atá a bpáipéar ballóide á mharcáil acu agus is féidir í a úsáid i dteannta an teimpléid páipéir ballóide. Mar bheart breise, thugamar duillín faoi deara sa bhosca inar stóráladh an teimpléad páipéir ballóide ar a raibh an uimhir shaorghlao. Mheabhraigh an duillín sin do na hoifigigh cheannais na toghthóirí a chur ar an eolas faoin tseirbhís saorghlao nuair a bhí an teimpléad á cheangal den pháipéar ballóide agus an páipéar ballóide á eisiúint don vótálaí.




## Clárú na Vótálaithe

Bhain tionscnamh nua a tugadh faoi deara i rith Thoghchán an Uachtaráin le soláthar eolais faoi *Chlár na dToghthóirí*, mar a raibh póstaer le sonraí teagmhála an údaráis clárúcháin ábhartha ar taispeáint ag roinnt cinn chomhairimh. Cabhraíonn soláthar na sonraí sin lena chinntiú go gcuirtear pointe teagmhála ar fáil do vótálaithe chun cabhrú leo má thagann aon fhadhbanna chun cinn maidir lena gclárú nó lena gcead vótála. Léiríonn taispeáint shonraí teagmhála an údaráis clárúcháin cineál éifeachtúlachta acmhainní freisin, a mhéid a chuireann sé ar chumas oifigeach ceannais díriú ar an bpróiseas vótála a éascú. Fáiltítear roimh chur i bhfeidhm tionscnamh a chomhtháthaíonn gnéithe den phróiseas clárúcháin.

Tionscnamh eile a bhfáiltítear roimhe is ea an méadú atá tagtha ar fhoirmeacha i stáisiúin vótála a thugann deis do vótálaithe a sonraí clárúcháin féin a nuashonrú (ERF1) nó sonraí clárúcháin tríú páirtí, ar nós ball teaghlaigh nach maireann, a leasú (TPC1). Cé gur faoi na húdaráis chlárúcháin é cothabháil *Chlár na dToghthóirí*, is tionscnamh fiúntach é an cinneadh a rinne cinn chomhairimh áirithe iarratais ar leasuithe ar an gclár a thaifeadadh agus a éascú, agus neartaítear sláine an phróisis toghcháin dá réir.

## Sreabhadh Vótála

Mar chabhair don sreabhadh vótála trína chinntiú go dtreoraítear vótálaithe chuig a mbothán vótála, thugamar faoi deara go raibh póstaeir ar taispeáint ag an mbealach isteach go roinnt stáisiúin vótála a léirigh an bhoth vótála ar sannadh toghthóirí dó, bunaithe ar a seoladh mar atá liostaithe ar *Chlár na dToghthóirí*.





Úsáidtear uimhir an toghthóra mar atá sé priontáilte ar an gcárta faisnéise vótaíochta ar leagan eile den phóstaer a thaispeáin cinn chomhairimh chun vótálaithe a threorú chuig a mbothán vótála. Shonraíomar go gcaithfeadh a n-uimhir thoghthóra a bheith ar eolas ag vótálaí chun go bhfeidhmeoidh an beart seo go héifeachtúil.




I gceantair vótála a bhfuil daonra mór iontu, lonnaigh go leor oifigigh cheannais deasca eolais ag an mbealach isteach chuig na stáisiúin vótála; faoi mhaoirseacht an oifigigh ceannais maoirseachta, threoraigh na deasca eolais sin vótálaithe chuig a mbothán vótála sannta. Anuas ar chabhrú le héifeachtúlacht vótála, chinntigh cur i bhfeidhm an bhirt sin gur cuireadh vótálaithe faoi mhíchumas ar an eolas faoi shocruithe vótála inrochtana agus gur tugadh cúnamh dóibh dá mba ghá; léiríonn sé sin béim fheabhsaithe ar rannpháirtíocht vótálaithe agus moltar é.






*Fíor 1*

## Forléargas ar Thionscnaimh a Chuir Cinn Chomhairimh i bhFeidhm

Póstaeir i gcló mór i stáisiúin vótála a d'fhógair an tseirbhís saorghlao a léann na hiarrthóirí amach os ord san ord ina bhfuil siad ar an bpáipéar ballóide.

Duillín sa bhosca ina stóráiltear an Teimpléad Páipéir Ballóide ina dtugtar eolas faoin tseirbhís saorghlao agus an uimhir ghutháin di.

Póstaeir 'Chlár na dToghthóirí' i stáisiúin vótála ina dtugtar sonraí teagmhála an údaráis clárúcháin ábhartha.

Soláthar foirmeacha clárúcháin vótálaithe i stáisiúin vótála (ERF1) agus (TPC1).

Eolaire d'uimhreacha toghthóirí ar taispeáint ag an mbealach isteach chuig stáisiún vótála a fhreagraíonn d'uimhir an toghthóra atá priontáilte ar na Cártaí Faisnéise Vótaíochta.


Póstaeir ar a léirítear na botháin vótála atá sannta do vótálaithe bunaithe ar eolaire seoltaí atá ar taispeáint ag an mbealach isteach chuig an stáisiún vótála.

# 11. Sonraí Vótála Toghchán: Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais

Chomh maith le sonraí PEER a bhailítear trí bhreathnóireacht toghchánaíochta ar an láthair, bíonn an Coimisiún páirteach freisin i mbailiú sonraí cainníochtúla a bhaineann le himeacht toghcháin ar leith trína thionscnamh Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais (NEDS).


I gcás Thoghchán an Uachtaráin, rinne an Coimisiún suirbhé ar 1,765 freagróir san iomlán ag trí phointe ar leith i rith an fheachtais toghcháin idir an 29 Meán Fómhair agus an 3 Samhain 2025. Dúirt 1,173 freagróir gur vótáil siad. Astu siúd, ghlac 1,313 páirt i ngach babhta den suirbhé. Rinneadh an babhta deiridh den suirbhé díreach i ndiaidh an toghcháin, agus cuireadh sraith ceisteanna a dhírigh go sonrach ar thaithí vótálaithe, inrochtaineacht vótálaithe agus ar thaithí vótála na ndaoine a chónaíonn le míchumas.

Mar a fheictear i bh**Fíor 2**, léirigh 97% de na freagróirí a vótáil go raibh taithí dhearfach acu ar an vótáil, agus dúirt 87% díobh go raibh an próiseas "an-éasca" agus dúirt 10% go raibh sé "éasca". Ar an gcaoi chéanna, léirigh 96% de na vótálaithe go raibh a stáisiún vótála inrochtana go héasca. Is léiriú dearfach iad na torthaí sin go bhfuil bearta ríthábhachtacha a bhaineann le taithí vótála agus inrochtaineacht fós seasmhach.




*Fíor 2*

Ag leathnú ar thaithí an vótálaí, tugtar tuilleadh eolais i bh**Fíor 3** ar shraith ráiteas dearcaidh a bhaineann leis an taithí vótála ar an iomlán. Is údar spreagtha é gur fhreagair 96% de na freagróirí go dearfach go raibh tuiscint acu ar conas a vóta a chaitheamh, agus gur dheimhnigh cion ard comhchosúil (89%) freisin gur chreid siad go raibh a vóta rúnda a luaithe a cuireadh sa bhosca ballóide é. Ar an taobh eile den speictream, d'easaontaigh 82% de na freagróirí leis an ráiteas nach bhfuair siad an cúnamh a theastaigh uathu ó fhoireann an stáisiúin vótála.




*Fíor 3*

Anuas air sin, d'easaontaigh 92% de na vótálaithe leis an ráiteas go raibh leagan amach an pháipéir ballóide deacair le leanúint. Ag leanúint as an méid sin, leathnaítear i bh**Fíor 4** ar an 7% sin a léirigh nach raibh sé éasca an páipéar ballóide a leanúint[11]; ba iad an dá chúis is mó a luadh ná scríbhneoireacht a bhí róbheag (38%) agus éiginnteacht faoin áit ar an bpáipéar ballóide a bhí an vótálaí le marcáil (27%).

| | |
|---|---|
| Bhí an scríbhneoireacht róbheag / deacair le tuiscint | **38%** |
| Ní raibh sé soiléir cár cheart dom mo vóta a mharcáil ar an bpáipéar ballóide | **27%** |
| Níl a fhios agam | **22%** |
| Bhí an páipéar ballóide rófhada | **10%** |
| B'fhearr liom gan an cheist seo a fhreagairt | **9%** |
| Rud éigin eile | **6%** |
| Ní raibh mé in ann mo rogha iarrthóra a aithint | **6%** |

*Fíor 4*

De réir béim PEER ar inrochtaineacht, cuirtear sraith ceisteanna socheacnamaíocha ar fhreagróirí NEDS faoina dtaithí le míchumas. Fágann sé sin gur féidir leis an gCoimisiún méadrachtaí taithí vótála a dhí-chomhiomlánú chun scrúdú níos fearr a dhéanamh ar thuairimí sonracha freagróirí faoi mhíchumas. Léirigh 249 (15.7%) freagróir as 1,583 freagróir san iomlán i mBabhta 3 go raibh míchumas nó fadhb sláinte orthu ag a raibh tionchar ar a ngníomhaíochtaí laethúla. Léiríonn na sonraí dí-chomhiomlánaithe go raibh an cion de fhreagróirí vótála faoi mhíchumas nó a bhfuil fadhbanna sláinte acu a d'easaontaigh go bhfuair siad cúnamh leordhóthanach ón bhfoireann vótála cosúil leis an sampla foriomlán ag 7%, agus cion beagán níos airde ag léiriú débhríochta.

Bhí an cion de fhreagróirí vótála faoi mhíchumas nó a bhfuil fadhbanna sláinte acu a léirigh go raibh a stáisiún vótála inrochtana go héasca cosúil leis an sampla níos leithne freisin, ag 97%, mar a bhí an cion a léirigh taithí vótála dhearfach i gcoitinne, arís ag 97% den sampla ualaithe. Tríd is tríd, tá na torthaí seo spreagúil agus tagann siad leis an gcorpas fianaise níos leithne a bailíodh trí bhreathnóireacht dírithe ar PEER.






# 12. Taithí Vótálaithe

Sleachta as an aiseolas a fuaireamar i ndáil le Toghchán an Uachtaráin:

## Fadhbanna Inrochtaineachta

**Co. Bhaile Átha Cliath (Cathair Bhaile Átha Cliath)**

*Thug an glaoiteoir le fios nach raibh a stáisiún vótála inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí – dúirt an glaoiteoir nach raibh siad in ann vóta a chaitheamh mar gheall ar an bhfadhb inrochtaineachta.*

**Co. Dhún na nGall**

*Thug an glaoiteoir le fios go raibh sé dorcha ag tús na vótála. Bhí roinnt stáisiúin vótála ann ach ní raibh aon treochomharthaíocht taobh istigh den stáisiún vótála. Ní raibh aon duine ann chun fáilte a chur rompu agus a insint dóibh cá háit le dul.*

**Co. Chorcaí (Chathair Chorcaí)**

*"Chuaigh mé ag vótáil Dé hAoine seo caite (...) bhí sé dorcha, ní raibh na soilse lasmuigh den fhoirgneamh ar siúl (...) agus bhí sé an-chontúirteach (...). Ar mhaithe le sláinte agus sábháilteacht ba cheart scrúdú a dhéanamh air seo."*

**Co. Chiarraí**

*"Tá mo thuismitheoirí (...) níos sine agus tá gá le beagán cúraim (...) don rochtain ar an vótáil (...) ag luí na gréine, ní féidir na céimeanna a fheiceáil, ach i solas an lae bíonn na céimeanna clúdaithe le salachar agus tá siad thar a bheith contúirteach.*

*Chomh maith leis sin, níl aon chomharthaí ann a thugann treoir do dhaoine cá háit le dul ag teacht ón gcarrchlós. Tá súil agam go gcuideoidh an t-aiseolas seo le lá na vótála a dhéanamh níos sábháilte dár bpobal scothaosta."*

**Co. Uíbh Fhailí**

*"(...) bhog siad an gnáthstáisiún vótála, agus dá bhrí sin bhí an seoladh ar an gcárta vótaíochta mícheart. Thóg sé go leor oibre chun a fháil amach cá háit le vótáil.*

*Ní raibh dóthain comharthaíochta ann le haghaidh an ionaid vótála (...), treoraíonn dhá chomhartha tú isteach in eastát, áit a bhfeictear comhartha a deir, 'residents only'. (...) d'iompaigh go leor daoine ar ais. Fuair mé é sa deireadh; tá an bealach isteach cúng agus teoranta (...) tá an bosca ballóide róghar don deasc foirne. Níl sé oiriúnach mar ionad, deacair a theacht air."*

**Co. na Gaillimhe**

*"(...) cé atá i gceannas ar chomharthaíocht do stáisiúin vótála? Táim díreach tar éis filleadh ó vótáil ar oíche dhorcha, fhliuch ag iarraidh an stáisiún vótála a aimsiú (...) gan aon soilsiú ag an mbealach isteach – sa deireadh (...) chonaic mé comhartha an-bheag a dúirt stáisiún vótála.*

*(...) glactar leis gur rugadh gach duine sa cheantar agus go bhfuil (...) eolas acu ar shuíomh an stáisiúin vótála. Ní spreagann sé seo ar chor ar bith cónaitheoirí níos nuaí ná vótálaithe óga chun vótáil. Feabhsaítear é seo le bhur dtoil!"*

**Co. Bhaile Átha Cliath**

*"Chaith mé vóta inniu. Thug mé faoi deara nach raibh aon suíocháin ar fáil do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe ná do dhaoine scothaosta a dteastódh a leithéid uathu. Tá daonra níos sine san áit ina gcónaím a bhainfeadh leas as suíocháin sa stáisiún vótála. Tá mo shoghluaisteacht féin laghdaithe (...) Ní raibh áit ar bith agam le scíth a ligean ar feadh cúpla nóiméad. D'fháilteofaí roimh chúpla suíochán sna stáisiúin vótála agus tá siad riachtanach do roinnt daoine. An féidir aghaidh a thabhairt ar an gceist seo i ngach stáisiún vótála le do thoil?"*



## Ceisteanna Príobháideachais

**Co. Luimnigh**

*"Táim díreach tar éis filleadh ón vótáil (...) bhí an-díomá orm na both※áin vótála nua a fheiceáil in úsáid.*

*Is beag príobháideachais a bhí ann (...) bhí na freastalaithe vótála in ann mo chárta vótála a fheiceáil go soiléir agus mé á líonadh isteach mar gheall ar (...) shocrú na mbothán.*

*Baintear an bonn go hiomlán de dhosháraitheacht na ballóide rúnda leis seo, agus impím oraibh é seo a leigheas don chéad toghchán eile."*

**Co. Luimnigh (Cathair Luimnigh)**

*"Chuaigh mé chun vótáil i dToghchán an Uachtaráin, bhailigh mé mo pháipéar ballóide agus chuir sé alltacht orm a fheiceáil nach raibh aon phríobháideachas agam maidir leis an gcaoi ar vótáil mé."*

*(...) bhí na limistéir vótála nua seo acu gan cuirtíní ach stalla (...) a bhí oscailte d'aon duine agus do gach duine a d'fhéadfadh siúl suas chugat nó breathnú agus mé ag vótáil."*

**Anaithnid**

*"Ba mhaith liom gearán a dhéanamh faoi na boird vótála nua a d'fhág na taobhanna oscailte a d'fhág go raibh radharc iomlán ag na baill foirne vótála agus aon duine a bhí ag fanacht lena vóta a chaitheamh. Níl na táblaí seo comhoiriúnach le ballóid rúnda a chaitheamh i dtír dhaonlathach."*

# 13. Saoránaigh Éireannacha Nua – Teastais Eadóirseachta

Saoránaigh Éireannacha amháin atá incháilithe chun vótáil i dtoghchán d'uachtarán na hÉireann. Faoi reachtaíocht toghcháin,[12] féadfaidh údaráis chlárúcháin (údaráis áitiúla) a cheangal ar thoghthóirí cruthúnas saoránachta a chur ar fáil nuair a bhíonn siad ag déanamh iarratais chun clárú le vótáil nó chun a gcuid sonraí ar chlár na dtoghthóirí a nuashonrú. Áirítear leis an gcruthúnas sin deimhniú eadóirseachta, pas bailí nó dearbhú reachtúil gur saoránach Éireannach é/í.

Roimh Thoghchán an Uachtaráin, fuair an Coimisiún fiosrúcháin ó shaoránaigh nua Éireannacha, a bhí, tar éis dóibh freastal ar a searmanais saoránachta i lár mhí Mheán Fómhair 2025, ag iarraidh clárú chun vótála den chéad uair nó an chuid náisiúntachta dá sonraí clárúcháin vótálaithe a nuashonrú. Toisc gur theastaigh cóip dá ndeimhniú eadóirseachta, bhí imní ar na daoine seo nach n-éireodh leo an spriocdháta clárúcháin, an 7 Deireadh Fómhair, a chomhlíonadh mar go raibh siad fós ag fanacht ar a ndeimhnithe a fháil tríd an bpost cláraithe.

Thug an Coimisiún faoi deara an t-eolas seo a leanas arna sholáthar ag an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce ar a suíomh gréasáin.[13]

**Cad a tharlaíonn ag an searmanas?**

Ag an searmanas, gheobhaidh tú do Dheimhniú Eadóirseachta agus déanfaidh tú dearbhú dílseachta agus tairiseachta. Ní thiocfaidh tú chun bheith i do shaoránach Éireannach go dtí go mbeidh do dhearbhú déanta agat. Gheobhaidh tú do theastas Nádúrtha sna seachtainí i ndiaidh na searmanais. Eiseofar teastais tríd an bpost cláraithe agus beidh ort síniú a chur air nuair a sheachadfar é.


Mheas an Coimisiún go raibh sé tábhachtach go mbeadh a fhios ag duine an saoránach Éireannach iad go foirmiúil nuair a dhéanann siad an dearbhú dílseachta ag searmanas saoránachta, nó an é nach dtarlaíonn amhlaidh ach amháin tar éis dóibh deimhniú eadóirseachta a fháil. Tá an cheist sin ríthábhachtach chun freagra a fháil ar cathain a d'fhéadfadh vótálaithe a sonraí náisiúntachta a nuashonrú nó iarratas a dhéanamh den chéad uair chun clárú le vótáil i dToghchán an Uachtaráin.

Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce a shoiléirigh go sonraítear in alt 18 den *Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956* "Gach duine dá ndeonfar deimhniú eadóirseachta, beidh sé ó dháta a eisithe, agus an fhaid a bheas an deimhniú gan cúlghairm, ina shaoránach Éireannach". Dá bhrí sin, faoin Acht, ní thagann duine chun bheith ina saoránach Éireannach go dtí go bhfaigheann siad a ndeimhniú eadóirseachta.

D'fhoghlaim an Coimisiún amach gur tugadh deimhnithe eadóirseachta d'iarratasóirí ag a searmanas saoránachta roimh 2025 agus gur priontáladh iad go hinmheánach laistigh den rannóg Saoránachta den Aonad Seachadta Seirbhíse Inimirce sa Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce. Tá priontáil na ndeimhnithe curtha ar conradh ó shin, áfach, mar gheall ar mhéadú suntasach ar líon na n-iarratas. Tar éis dóibh freastal ar a searmanais saoránachta, caithfidh daoine fanacht 3-4 seachtaine anois chun a ndeimhnithe eadóirseachta a fháil. Dheimhnigh an Roinn don Choimisiún go bhfuair oifig an Aire roinnt fiosrúchán maidir le heisiúint deimhnithe eadóirseachta roimh Thoghchán an Uachtaráin agus leag sí amach gur tugadh comhairle do chomhfhreagraithe nach bhféadfaí táirgeadh na deimhnithe a bhrostú in am don spriocdháta do chlárú don toghchán.

Scríobh an Coimisiún chuig an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce chun aird a tharraingt ar an gcaoi a bhféadfadh an tréimhse, a d'fhéadfadh cúpla seachtain a chuimsiú, idir searmanais saoránachta agus eisiúint deimhnithe saoránachta tionchar a imirt ar chumas saoránach nua clárú nó a sonraí clárúcháin a nuashonrú roimh imeacht toghcháin. Sonraítear an dáta a mbeidh duine ina saoránach eadóirsithe san *Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956* mar dháta an deimhnithe eisithe.

Mar sin féin, is cosúil go gcuirtear in iúl go soiléir dóibh siúd a fhreastalaíonn ar shearmanais saoránachta gur saoránaigh iad ó lá an tsearmanais. D'iarr an Coimisiún ar an Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar a cumarsáid maidir leis an ábhar seo agus bealaí a bhreithniú chun aon mhoilleanna neamhriachtanacha ar eisiúint deimhnithe saoránachta a laghdú i ngach tréimhse toghcháin, na corrthoghcháin atá le teacht ina measc.



# 14. Cártaí Faisnéise Vótaíochta – Litir an Cheantair Vótála ar Lár

## Cárta Faisnéise Vótaíochta samplach

**Cárta Faisnéise Vótaíochta / Polling Information Card**

| Postas íoctha / Postage Paid | Baile Átha Cliath / Dublin |
|---|---|
| L | Ceadúnas 10761 |

Mura seachadtar an cárta, cuirtear ar ais é chuig:
If undelivered, please return to: Local Authority Office, Co. Dublin, Eircode

**Uimhir an toghthóra / Elector number:** 00 000

**Toghlach / Constituency**
Dublin West

Patrick Higgins
18 John's Lane
Co. Dublin
Eircode

**Imeacht toghcháin / Electoral event**
Toghchán uachtaráin
Presidential election

**Dáta agus am na vótaíochta / Polling date and time**
Dé hAoine, Lá Mí 2025, 7am - 10pm
Friday, Day Month 2025, 7am - 10pm

**Stáisiún vótaíochta / Polling station**: St Michael's Primary School, Main Street, Dublin, Eircode

**Cad ba chóir duit a thabhairt leat chuig an stáisiún vótaíochta**
**What you should bring with you to the polling station**

Cé nach bhfuil an Cárta Faisnéise Vótaíochta seo ag teastáil uait chun vótáil, iarrtar ort é a thabhairt leat nuair a théann tú chun vótáil. Cuideoidh sé sin le foireann an stáisiúin vótaíochta. Ba chóir duit fianaise i dtaobh do chéannachta a thabhairt leat freisin. Tá tuilleadh faisnéise faoi na doiciméid chéannachta atá inghlactha ar fáil ar chúl an chárta seo.

While this Polling Information Card is not required for voting, please bring it with you when you go to vote. This will help polling staff. You should also bring evidence of identity. There is information about acceptable forms of identity on the back of this card.

SAMPLE

*Fíor 5*

Eisítear cártaí faisnéise vótaíochta do thoghthóirí roimh gach imeacht toghcháin chun iad a chur ar an eolas faoin stáisiún vótála ina bhfuil siad ainmnithe le vótáil. Cé nach gá do thoghthóirí a gcárta a thaispeáint le vóta a chaitheamh, iarrtar orthu a gcárta a thabhairt leo nuair a théann siad chun vótála mar go "[g]cuideoidh sé sin le foireann an stáisiúin vótaíochta".

I gcás Thoghchán an Uachtaráin, thug an Roinn Tithíochta, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil cárta faisnéise vótaíochta athbhreithnithe isteach lena úsáid i ngach dáilcheantar. Chuaigh an Roinn i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir leis an leagan amach agus an dearadh caighdeánaithe nua don chárta dátheangach.

Mar a leagtar amach faoi láthair in alt 92.1 den *Acht Toghcháin, 1992* arna chur chun feidhme le halt 39 d'*Acht Toghchán an Uachtaráin, 1993*, ba cheart do chárta faisnéise vótaíochta a n-uimhir ar chlár na dtoghthóirí a chur in iúl do thoghthóir chomh maith leis an áit a mbeidh siad i dteideal vótála, agus ba cheart go mbeadh "litir an cheantair vótaíochta" ann freisin.

Is éard atá in uimhir an toghthóra a bhíonn ar thaobh na láimhe clé ag barr an chárta faisnéise vótaíochta ná litir/litreacha ceantair vótála amhail "MM" agus ina dhiaidh sin uimhir toghthóra ar nós "1192". Is í an uimhir toghthóra sin an uimhir chéanna a shanntar do dhuine ar chlár na dtoghthóirí le haghaidh imeacht toghcháin ar leith.





I rith lá na vótála, shonraigh foirne breathnóireachta PEER i stáisiúin vótála i roinnt toghlimistéar de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tuairiscí ar an bhforas nach raibh an chuid den chárta faisnéise vótaíochta ina raibh uimhir an toghthóra comhlánaithe ina hiomláine. Cuireadh in iúl d'fhoireann breathnóireachta PEER amháin gur fágadh litir an cheantair vótála ar lár agus nach raibh ach na 4 dhigit d'uimhir an toghthóra le feiceáil sa chuid 'Uimhir an Toghthóra' ar an gcárta faisnéise vótaíochta.

Chuir an easpa sin mearbhall ar roinnt toghthóirí nuair a shroich siad suíomhanna ina raibh roinnt stáisiúin vótála. Bhí deacracht ag na toghthóirí sin a chinneadh go díreach cén stáisiún vótála ba cheart dóibh dul chuige chun a bpáipéir bhallóide a fháil.

Ina dhiaidh sin, bhreathnaigh an Coimisiún ar chárta faisnéise vótaíochta (Dáilcheantar Bhaile Átha Cliath Thiar Thuaidh) a raibh litir an cheantair vótála fágtha ar lár air.
Féach thíos

**Cárta Faisnéise Vótaíochta / Polling Information Card**

| Postas íoctha / Postage Paid | Baile Átha Cliath / Dublin |
|---|---|
| L | Ceadúnas 10761 |

Mura seachadtar an cárta, cuirtear ar ais é chuig:
If undelivered, please return to: D.C.C. Block 4, Floor 4, Wood Quay, Dublin 8 D08 RF3F

**Uimhir an toghthóra / Elector number:** 1333

**Toghlach / Constituency**
Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh / Dublin North West (Dublin City Council)

**Imeacht toghcháin / Electoral event**
Toghchán uachtaráin
Presidential election

**Dáta agus am na vótaíochta / Polling date and time**
Dé hAoine, 24 Deireadh Fómhair 2025, 7am - 10pm
Friday, 24 October 2025, 7am - 10pm

**Stáisiún vótaíochta / Polling station**: Ballymun Library, Ballymun Road, Dublin 11, D11 DCR7

**Cad ba chóir duit a thabhairt leat chuig an stáisiún vótaíochta**
**What you should bring with you to the polling station**


Cé nach bhfuil an Cárta Faisnéise Vótaíochta seo ag teastáil uait chun vótáil, iarrtar ort é a thabhairt leat nuair a théann tú chun vótáil. Cuideoidh sé sin le foireann an stáisiúin vótaíochta. Ba chóir duit fianaise i dtaobh do chéannachta a thabhairt leat freisin. Tá tuilleadh faisnéise faoi na doiciméid chéannachta atá inghlactha ar fáil ar chúl an chárta seo.

While this Polling Information Card is not required for voting, please bring it with you when you go to vote. This will help polling staff. You should also bring evidence of identity. There is information about acceptable forms of identity on the back of this card.

SAMPLE

*Fíor 6*

I gcomparáid leis sin, d'fhéach an Coimisiún ar chárta faisnéise vótaíochta do thoghlach Dhún Laoghaire a thaispeáin litir an cheantair vótála agus ceithre dhigit ina diaidh. Féach thíos




*Fíor 7*

Shonraigh an Coimisiún go raibh tagairt in *Memorandum for the Guidance of Local Returning Officers at the Presidential Election, 24 October 2025* do nósanna imeachta nua a bhí i bhfeidhm maidir le cártaí faisnéise vótaíochta a tháirgeadh, ag comhairliú do chinn chomhairimh dul i gcomhairle lena n-údaráis chlárúcháin faoi seach "agus comhaontú a fháil roimh ré maidir le socruithe chun na cártaí faisnéise vótaíochta a phearsantú." Chomhairligh an treoir freisin do chinn chomhairimh féachaint ar shamplaí de chártaí faisnéise vótaíochta sula ndeachthas ar aghaidh chuig an gcéim phriontála.

Measann an Coimisiún go bhfuil aon mhainneachtain uimhir an toghthóra iomlán a chur ar an gcárta faisnéise vótaíochta ag sárú alt 92.1 den *Acht Toghcháin, 1992* arna chur chun feidhme le halt 39 d'*Acht Toghchán an Uachtaráin, 1993.* Ina theannta sin, mar thoradh ar na cásanna nár cuireadh litir an cheantair vótála i gcuid uimhir an toghthóra ar an gcárta faisnéise vótaíochta, bhí athruithe i gcur i bhfeidhm cárta faisnéise vótaíochta chaighdeánaithe ar fud na ndáilcheantar ar fad, toisc gur cheart litir an cheantair vótála a bheith ar gach cárta faisnéise vótaíochta mar atá forordaithe sa reachtaíocht.



# 15. Páipéir Bhallóide Neamhbhailí

Mar a fhorordaítear in alt 48 d'*Acht Toghchán an Uachtaráin, 1993*, mura bhfuil an marc oifigiúil ar pháipéar ballóide, mura dtaispeántar príomhrogha go soiléir, páipéir bhallóide gan mharc ina measc, má léirítear príomhrogha do níos mó ná iarrthóir amháin, nó má tá aon rud marcáilte nó scríofa ar an bpáipéar ballóide atá ceaptha an vótálaí a aithint, dearbhófar an vóta seo a bheith neamhbhailí ag an gcomhaireamh agus catagóireofar é mar 'diúltaithe'.

Léiríonn staitisticí a foilsíodh ar Thoghchán an Uachtaráin i mí Dheireadh Fómhair 2025 gur measadh 213,738 páipéar ballóide a bheith neamhbhailí. Is ionann an figiúr seo agus beagnach 13% de na vótaí a caitheadh agus is méadú níos mó ná deich n-uaire é ar líon na vótaí millte i dtoghchán an uachtaráin in 2018, nuair a measadh go raibh 18,438 páipéar ballóide (1.2%) neamhbhailí.

I mBaile Átha Cliath Thiar Thuaidh agus i mBaile Átha Cliath Thiar-Meán a taifeadadh an líon is airde vótaí neamhbhailí (20%), agus ina dhiaidh sin i mBaile Átha Cliath Theas-Lár (19%).

## Páipéir bhallóide nár stampáladh

Mar a leagtar amach in alt 38(1) d'*Acht Toghchán an Uachtaráin, 1993*, déanfar páipéar ballóide a mharcáil tráth a eisithe do vótálaí le marc oifigiúil agus é cabhraithe nó breifnithe ar dhóigh go mbeidh sé sofheicthe ar dhá thaobh an pháipéir. Is gá an páipéar ballóide a mharcáil ('a stampáil') leis an marc oifigiúil chun go ndéanfar vóta a chomhaireamh. Déantar iniúchadh breise sa tuarascáil seo ar úsáid uirlisí stampála i dToghchán an Uachtaráin in 2025 (féach 'Triail Uirlise Stampála i gCorcaigh Thiar Theas agus Corcaigh Thuaidh-Lár', lch 51).

Measadh go raibh 213,738 as an 1,656,436 páipéar ballóide a caitheadh i dToghchán an Uachtaráin neamhbhailí. Agus an céatadán mór vótaí neamhbhailí a caitheadh i dtoghchán an uachtaráin i gcomparáid le himeachtaí toghcháin roimhe seo á shonrú, de réir staitisticí a d'fhoilsigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, as an 1,656,436 páipéar ballóide a caitheadh i dToghchán an Uachtaráin, bhí 0.05% (816) neamhbhailí mar gheall ar an marc oifigiúil a bheith in easnamh. Is feabhas é sin ar an Olltoghchán ina raibh 0.09% (1,956) as an 2,218,302 páipéar ballóide a caitheadh neamhbhailí ar an mbonn nach raibh an marc oifigiúil orthu.

Ag féachaint ar an 213,738 ballóid neamhbhailí, bhí 0.38% de na vótaí neamhbhailí mar gheall ar an marc oifigiúil a bheith in easnamh. Taifeadadh an líon is airde vótaí neamhbhailí mar gheall ar an marc oifigiúil a bheith in easnamh (48) i gCill Dara Theas. Fáiltíonn an Coimisiún roimh an laghdú sin ar an ráta foriomlán de bhallóidí gan stampa. Molann an Coimisiún na gníomhartha a rinne chinn chomhairimh agus a n-oifigigh toghcháin chun feabhsuithe den sórt sin a chinntiú ar mhaithe le comhlíonadh na hoibleagáide dlíthiúla atá ar an oifigeach toghcháin an páipéar ballóide a mharcáil.

## Vótaí neamhbhailí eile: gan aon phríomhrogha shoiléir/gan mharc/níos mó ná príomhrogha amháin/scríbhneoireacht nó marc ar an bpáipéar ballóide.

Ba é an chúis a bhí le beagnach 26% (55,539) de na vótaí a mheas cinn chomhairimh a bheith neamhbhailí i mí Dheireadh Fómhair 2025 ná nár léiríodh go soiléir an phríomhrogha, lena n-áirítear páipéir bhallóide gan mharc. I bhfianaise nach raibh ach ainmneacha triúr iarrthóirí clóite ar an bpáipéar ballóide, agus duine acu tar éis a dhearbhú nach raibh siad ag feachtasaíocht a thuilleadh sa toghchán, is suntasach an leibhéal vótaí a measadh a bheith neamhbhailí mar gheall nach raibh aon phríomhrogha soiléir, nó go raibh páipéir bhallóide gan mharc.

Tugann an Coimisiún dá aire go roinneann leabhrán torthaí thoghcháin uachtaráin 1938-2025 vótaí neamhbhailí i gceithre chatagóir do Thoghchán an Uachtaráin i mí Dheireadh Fómhair 2025.[14]

**Catagóirí na bPáipéar Ballóide Neamhbhailí**

| |
|---|
| Ceal Marc Oifigiúil |
| Níor taispeánadh Príomhrogha go soiléir, páipéir bhallóide gan mharc ina measc |
| Taifeadadh príomhrogha do níos mó ná iarrthóir amháin |
| Scríbhneoireacht nó marc atá ceaptha an vótálaí a aithint |


Amach anseo, d'fhéadfadh taifeadadh ar leithligh le haghaidh 'páipéir bhallóide gan mharc' ó 'príomhrogha nach dtaispeántar go soiléir' cabhrú tuilleadh lenár dtuiscint ar iompar vótálaithe agus ar riachtanais oideachais vótálaithe i gcomhthéacs toghcháin. Molann an Coimisiún go leasófaí na foirmeacha tuairiscithe sonraí toghcháin a líonann cinn chomhairimh isteach i ndiaidh gach imeachta toghcháin, agus aird ar na forálacha reachtacha a rialaíonn vótaí neamhbhailí, sa chás seo, alt 48 d'*Acht Toghchán an Uachtaráin, 1993*, ionas go dtaifeadfar 'páipéir bhallóide gan mharc' agus go ndéantar iad a chomhaireamh ar leithligh ó pháipéir ballóide nár 'taispeánadh príomhrogha go soiléir' orthu.

Bhí páipéir bhallóide ar a léiríodh príomhrogha do níos mó ná iarrthóir amháin i gceist le beagnach 15% de na páipéir bhallóide a measadh a bheith neamhbhailí (31,651). Is suntasaí, agus mar a tuairiscíodh agus a tráchtadh go forleathan, gur dearbhaíodh beagnach 59% de na vótaí neamhbhailí (125,732) i dToghchán an Uachtaráin mar vótaí neamhbhailí mar gheall ar scríbhneoireacht nó marc a bheith ar an bpáipéar ballóide a ceapadh chun an vótálaí a aithint. Tuigeann an Coimisiún go rímhaith gur faoi bhreithiúnas gach cinn comhairimh áitiúil aonair atá sé, sa deireadh thiar, páipéir bhallóide neamhbhailí a bhreithniú. Shonraigh breathnóirí an Choimisiúin sna hionaid chomhairimh an chaoi ar chuir an líon mór vótaí a dearbhaíodh mar vótaí neamhbhailí srian ar ghrinnscrúdú dian san ionad comhairimh ar chúrsaí amhail an chaoi ar ríomhadh marc nó scríbhneoireacht ar gach páipéar ballóide a d'fhéadfadh a bheith neamhbhailí chun vótálaí a aithint. Bhíomar i láthair ag cuid de na cleachtaí anailíse samplacha ar vótaí ballóide amhrasacha a rinne cinn chomhairimh áitiúla i láthair gníomhairí agus bhreathnóirí an Choimisiúin. Tuigeann an Coimisiún an dearcadh a glacadh, ó thaobh na lóistíochta de, nach raibh sé praiticiúil scrúdú a dhéanamh ar na páipéir bhallóide uile a catagóiríodh mar neamhbhailí ar mhaithe le bailiú tráthúil na dtorthaí ar fud gach dáilcheantair a éascú.

Shonraigh breathnóirí an Choimisiúin freisin, i gcásanna áirithe, gur ghlac cinn chomhairimh áitiúla i ndáilcheantair éagsúla cur chuige dhifriúla agus iad ag cinneadh cé na vótaí a bhí neamhbhailí, agus nuair a bhí vótaí neamhbhailí á gcatagóiriú, mar is ceart. Sa mhiondealú oifigiúil ar vótaí neamhbhailí, bhí difríochtaí suntasacha i gcóimheas na vótaí neamhbhailí a aicmíodh mar vótaí a bhain le gach catagóir ó dháilcheantar amháin go dtí an chéad cheann eile. Mar shampla, thuairiscigh roinnt dáilcheantar líon ard ballóidí gan aon phríomhrogha shoiléir, ach gan aon cheann nó an-bheagán acu le príomhrogha do níos mó ná iarrthóir amháin. Os a choinne sin, thuairiscigh roinnt dáilcheantar líon ard ballóidí ina raibh príomhrogha do níos mó ná iarrthóir amháin, agus i bhfad níos lú ballóidí gan aon phríomhrogha shoiléir. D'fhéadfadh sé gur eascair na neamhionannais sin ó léirmhínithe na gceann comhairimh áitiúil ar na catagóirí faoi seach. Cé gur gá údarás agus neamhspleáchas na gceann comhairimh a chaomhnú agus iad i mbun a ndualgas, d'fhéadfadh sé a bheith tairbheach iarrachtaí a dhéanamh chun comhsheasmhacht níos fearr a chinntiú i mbreithniú agus i gcatagóiriú vótaí neamhbhailí ar fud na tíre.

Molann an Coimisiún go ndéanfaí treoir a nuashonrú maidir leis an gcaoi agus an chúis a bhféadfadh cinn chomhairimh páipéar ballóide a mheas mar neamhbhailí agus cén chatagóir vóta neamhbhailí faoina n-ainmneofar é. Tugann an Coimisiún dá aire an treoir a eisíodh do chinn chomhairimh faoi vótaí neamhbhailí i gCuid 22 den *Memorandum for the Guidance of Local Returning Officers at Presidential Election, 24 October 2025*[15] agus measann sé go mbeadh luach agus cúnamh mór i gceist le leagan leathnaithe den treoir sin a fhoilsiú ar leithligh. Cuidíonn cur i bhfeidhm treoir mar sin i rith an phróisis breithnithe chomh maith le tuairisciú agus catagóiriú ina dhiaidh sin ar thorthaí an chomhairimh le leibhéal comónta comhsheasmhachta a sholáthar, rud a léiríonn comhaontú comhchoiteann maidir le cleachtais breithnithe vótaí neamhbhailí i gcoitinne.

Maidir le sainchúram an Choimisiúin scrúdú a dhéanamh ar riar imeachta toghcháin trí thuarascáil PEER, is iad na vótaí sin a measadh a bheith neamhbhailí mar gheall ar mhainneachtain oifigigh toghcháin an páipéar ballóide a mharcáil leis an uirlis stampála a cuireadh ar fáil chun na críche seo atá mar phríomhfhócas againn maidir le vótaí neamhbhailí. Léiríonn na vótaí neamhbhailí sin ar fad samplaí de mhainneachtain cloí le dlí toghcháin. Seachas sin, is cinneadh daonlathach é an rogha a dhéanann vótálaí agus a bpáipéar ballóide á mharcáil acu agus fanann sé lasmuigh dár scrúdú PEER ar ghnéithe riaracháin d'imeacht toghcháin. Mar sin féin, rinneadh iniúchadh ar na cúiseanna agus na spreagthaí taobh thiar de vótaí a rinneadh neamhbhailí d'aon ghnó mar chuid den Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais ar Thoghchán an Uachtaráin, agus tá na torthaí sin ar fáil ar www.neds.ie



## 16. Saorphost

Go gairid i ndiaidh Thoghchán an Uachtaráin, fuair an Coimisiún tuarascáil ón gComhairle um Inimircigh in Éirinn inar tarraingíodh aird ar an riachtanas i gcásanna áirithe íoc as postas má dhéantar iarratas chun clárú le vótáil ag baint úsáid as an bhfoirm iarratais ar pháipéar (ERF1)[16], in áit iarratas a dhéanamh tríd an bhfoirm a chomhlánú ar líne ar www.checktheregister.ie nó www.voter.ie (Baile Átha Cliath amháin).

Rinneamar scrúdú ar an leagan páipéir den fhoirm ERF1 agus thugamar faoi deara go luaitear ar chúl na foirme:

**Cén áit le d'fhoirm a sheoladh**

Seol d'fhoirm mar aon le haon fhaisnéis eile a theastaíonn chuig d'údarás áitiúil. Ar an gclúdach litreach, scríobh 'Clár Toghthóirí' agus seoladh baile an údaráis áitiúil iomchuí. ***Is féidir leat é a chur sa phost le stampa caighdeánach.***

Tuigeann an Coimisiún go n-áirítear i dtreoirlínte na n-údarás áitiúil maidir le hullmhú agus cothabháil chláir na dtoghthóirí tagairt do bhainistiú na saoráide saorphoist i ndáil le hiarratais pháipéir. Mar sin féin, ní thugann an treoir le fios go bhfuil aon cheart uathoibríoch ná foráil ann maidir le saorphostas mar mhalairt ar iarratais ar líne.

Tugann an Coimisiún dá aire nach bhfuil aon tagairt ar an bhfoirm ERF1 don chaoi a bhféadfadh toghthóirí ionchasacha leas a bhaint as rogha saorphoist. Mar fhreagra ar cheist pharlaiminte ar an ábhar i mí na Bealtaine 2023, dúirt an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ag an am, Darragh O'Brien:

> *"Is rogha fós iad na foirmeacha páipéir dóibh siúd ar mian leo iad a úsáid, nó ar gá dóibh iad a úsáid. Tuigim go nglacann roinnt údaráis áitiúla faoi láthair le foirmeacha a sheoltar ar ais gan stampa seasta agus a bhfuil saorphost scríofa ar an gclúdach litreach. Ós rud é go bhfuil údaráis áitiúla faoi dhliteanas na muirir shaorphoist a íoc, tá sé i gceist agam suirbhé a dhéanamh go luath ar na húdaráis áitiúla go léir faoin ábhar, agus ina dhiaidh sin déanfar athbhreithniú ar an gceist."*[17]

Is é tuairim shoiléir an Choimisiúin Toghcháin nár cheart go mbeadh ar aon duine íoc as iarratas a dhéanamh chun clárú le vótáil. Níl an easpa tagartha do shaorphost ar an bhfoirm iarratais pháipéir ERF1 agus easpa comhsheasmhachta i mbeartais na n-údarás áitiúil maidir le saorphost inghlactha. Moltar go nglacfaí le polasaí clárúcháin vótálaithe trí shaorphost i ngach údarás áitiúil. Ba cheart go mbeadh an rogha saorphoist le feiceáil go soiléir do gach toghthóir ar an bhfoirm ERF1.



## 17. Triail Uirlise Stampála i gCorcaigh Thiar Theas agus Corcaigh Thuaidh-Lár

Mar a leagtar amach in alt 38 d'*Acht Toghchán an Uachtaráin, 1993*

> 38.—(1) Déanfar páipéar ballóide a mharcáil tráth a eisithe le marc oifigiúil (dá ngairtear "an marc oifigiúil" san Acht seo) agus é **cabhraithe nó breifnithe** ar dhóigh go mbeidh sé sofheicthe ar dhá thaobh an pháipéir agus, chun na críche sin, soláthróidh an ceann comhairimh áitiúil leorlíon de ghléasanna marcála.

Le cúpla scór bliain anuas, rinneadh an marc oifigiúil ar pháipéir bhallóide le huirlis stampála a thollann an páipéar ballóide (ar a dtugtar stampa snáthaide). I bhfianaise na ndúshlán a bhaineann le stampaí snáthaide a chothabháil agus a athsholáthar, roimh Thoghchán an Uachtaráin, chuir an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta in iúl don Choimisiún go raibh cinneadh déanta aici, i gcomhairle le cinn chomhairimh, úsáid séalaí cabhraíochta a thabhairt isteach de réir a chéile chun an marc oifigiúil a dhéanamh ar pháipéir bhallóide. Fuair Oifig na nOibreacha Poiblí roinnt séalaí cabhraíochta agus cuireadh tús le tabhairt isteach na séalaí cabhraíochta sin i gCorcaigh Thiar Theas agus i gCorcaigh Thuaidh-Lár. Is iad seo a leanas gnéithe an tséala cabhraithe:

- is aonad deisce tromshaothair é nach gcaithfear a chur le chéile,
- déanann sé litir aibítre a chabhradh ar pháipéar ballóide atá glan, grinn agus le feiceáil ar an dá thaobh den pháipéar,
- is féidir litreacha inmhalartaithe a shleamhnú isteach sa séala,
- tá sé níos éasca agus níos tapúla é a ghlanadh i gcodarsnacht leis an gcothabháil a theastaíonn do na bioráin ar na stampaí snáthaide polltacha reatha.

Dheimhnigh ceann comhairimh Chorcaí, Sinéad McNamara, do bhaill foirne an Choimisiúin, a bhí i láthair ag eisiúint an vóta poist do Chathair agus do Chontae Chorcaí, go raibh an t-athrú ó stampa snáthaide go séala cabhraíochta á dhéanamh mar gheall ar fhadhbanna a bhí ag Oifig na nOibreacha Poiblí leis na huirlisí stampála traidisiúnta a chothabháil, a mbíonn claonadh acu éirí maol le himeacht ama. Stampáladh poll ar na ballóidí do na trí dháilcheantar eile i gCorcaigh (agus don chuid eile den tír), mar is gnách.



Uirlis stampála a úsáideadh chun páipéir bhallóide a chabhradh i gCorcaigh Thiar Theas agus Corcaigh Thuaidh-Lár. [Fíor 8]

Cé gur stampáladh an litir chéanna (N) ar na ballóidí pollta agus na ballóidí cabhartha do Thoghchán an Uachtaráin, mheas an Coimisiún go bhfuil an stampa cabhartha ar pháipéar ballóide an-difriúil ar fad le páipéar ballóide pollta.



Sampla de Chabhradh [Fíor 9]

Léirigh aiseolas a fuarthas ó Fhoirne Breathnóireachta PEER a thug cuairt ar shé cinn de na stáisiúin vótála ina raibh triail na huirlise stampála nua, i gcás amháin nár thug an cléireach vótála faoi deara an difríocht i gcuma idir an uirlis stampála nua agus an uirlis stampála a úsáideadh in imeachtaí toghcháin roimhe sin. I stáisiún vótála eile ar tugadh cuairt air, dúirt ball foirne amháin gur cheap siad nach raibh an cabhradh chomh hinfheicthe le poll ar an bpáipéar ballóide. Chuir foireann an stáisiúin vótála i Mala sástacht leis an séala cabhraíochta in iúl don fhoireann breathnóireachta PEER a bhí ar cuairt.



Páipéar ballóide pollta [Fíor 10]



# 18. Vótáil ar Oileáin

Leasaigh Cuid 8 den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* reachtaíocht toghcháin, agus dá bhrí sin bíonn an vótáil ar na 19 n-oileán amach ón gcósta ar a bhfuil stáisiúin vótála ar siúl ar an lá céanna leis an gcuid eile den tír. Ba iad na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram i mí an Mhárta 2024 an chéad uair a chaith muintir na n-oileán ar fad atá amach ón gcósta vóta ar an lá céanna leis an mórthír.

## Oileáin amach ón gcósta ar a bhfuil stáisiúin vótála suite:

**Corcaigh Thiar Theas**

- An tOileán Mór (daonra:[18] 218)
- Cléire (daonra: 110)
- Oileán Baoi (daonra: 3)
- Inis Uí Drisceoil (daonra: 22)
- Faoide (daonra: 31)
- Inis Fada, an Scoil (daonra: 17)
- Inis Arcáin (daonra: 110)

**Dún na nGall**

- Árainn Mhór (daonra: 478)
- Gabhla (daonra: 15)
- Inis Bó Finne (daonra: 16)
- Inis Fraoigh (daonra:[19] 0)
- Toraigh (daonra: 141)

**Gaillimh Thiar**

- Inis Mór (daonra: 820)
- Inis Meáin (daonra: 184)
- Inis Oírr (daonra: 343)
- Inis Bó Finne (daonra: 184)

**Maigh Eo**

- Cliara (daonra: 138)
- Inis Bigil (daonra: 12)
- Inis Toirc (daonra: 56)

*(Fuarthas figiúirí daonra ó thorthaí Dhaonáireamh 2022)*



*Faoide*




*Faoide*

Mar chuid dár gcleachtaí PEER roimhe seo, thug an Coimisiún cuairt ar stáisiúin vótála in Árainn Mhór, Contae Dhún na nGall; Inis Arcáin, Contae Chorcaí; agus Inis Oírr, Contae na Gaillimhe.

As an 100 stáisiún vótála ar tugadh cuairt orthu ar lá na vótála do Thoghchán an Uachtaráin, bhí dhá stáisiún vótála suite ar oileáin amach ón gcósta: An Seanteach Scoile (Faoide, Co. Chorcaí) agus S.N. Chliara (Cliara, Co. Mhaigh Eo).

Mar a leagtar amach in alt 86 den *Acht Toghcháin, 1992* arna leasú le halt 200 den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, i gcás inar gá, tá an tsaoráid ann chun uaireanta vótála a ghiorrú ar aon cheann de na 19 n-oileán má éilíonn cúinsí áitiúla, ar nós “tús tobann struis aimsire nó deacrachtaí iompair gan choinne”, bearta den sórt sin. Foráiltear sa reachtaíocht sin freisin an cás ina féadfaidh ceann ceannais an vótáil a dhúnadh má tá siad den tuairim, dá leanfaí leis an vótáil, nach bhféadfadh na boscaí ballóide an áit le haghaidh chomhaireamh na vótaí a bhaint amach faoi 9.00 r.n. an lá i ndiaidh lá na vótála. Thuairiscigh foireann breathnóireachta PEER ar Chliara gur baineadh leas as na forálacha sin nuair ab éigean roinnt stáisiúin vótála ar na hoileáin a dhúnadh go luath mar gheall ar dhrochaimsir i Maigh Eo agus i nDún na nGall lena chinntiú go bhféadfaí na boscaí ballóide a thabhairt ar ais chuig na hionaid chomhairimh in am don chomhaireamh. Ar Fhaoide, thuairiscigh foireann breathnóireachta PEER ar an gcaoi chéanna go raibh baill foirne an stáisiúin vótála ag tabhairt le fios go ndúnfadh an stáisiún vótála ag ‘thart ar 7’ chun an bosca ballóide a thabhairt ar ais go dtí an mórthír in am.


# Home

## IMPORTANT - Island Weather Notice

| | |
|---|---|
| *Local Returning Office* | *Oifig an Cheann Comhairimh Áitiúil* |
| *Courthouse* | *Teach an Chuirte* |
| *Letterkenny* | *Leitir Ceanainn* |
| *County Donegal* | *Dun na nGall* |
| *Telephone: 074 – 9202091 (5:00-8:00pm)* | *Teileafón: 074 – 9202091 (5:00-8:00pm)* |
| Email: info@donegalreturningofficer.com | |

**Due to inclement weather forecast for Friday afternoon**

There is a change of closing time of the Poll at both polling stations at Arranmore Island to 7pm in place of 7.30pm due to weather forecast.

James Canny
Local Returning Officer

Fógra ar [donegalreturningofficer.com/](donegalreturningofficer.com/) *Fíor 11*


*Cliara*

Maidir le vótáil an lae chéanna, is cosúil go bhfuil an t-aiseolas éagsúil go dtí seo. Leagadh amach do bhreathnóirí PEER na constaicí lóistíochta ar Inis Bigil (Contae Mhaigh Eo) ar lá na vótála mar go raibh ar an ngarda cósta an bosca ballóide a sheachadadh mar gheall ar dhrochaimsir. Ar Chliara, tháinig an Garda a raibh an bosca ballóide faoina gcúram an oíche roimh thús na vótála agus d’fhan ar an oileán go dtí gur chríochnaigh an vótáil. Cuireadh in iúl don fhoireann breathnóireachta PEER ar Chliara go raibh an vótáil roimh ré níos éasca ar go leor bealaí ná an vótáil ar an lá céanna, lena n-áirítear ó thaobh phleanáil na nGardaí de.

Féadfaidh vótálaithe oileáin a gceart vótála daonlathach a fheidhmiú anois ar an lá céanna le vótálaithe eile. Ar ndóigh, glacann muintir na n-oileán le vótáil ar an lá céanna mar go bhfuil comhionannas ceart vótála, a bhí á lorg acu le fada, bainte amach acu. Le blianta fada, bhí muintir na n-oileán ag gearán mar go mbíodh orthu a vótaí a chaitheamh roimh an mórthír, i gcásanna áirithe sular tharla imeachtaí deiridh an fheachtais. Is guaiseacha iad na saincheisteanna lóistíochta a eascraíonn as aimsir chósta agus modhanna iompair a d’fhéadfadh bac a chur ar an gcumas an tréimhse vótála chéanna a sholáthar ar lá na vótála mar a sholáthraítear do vótálaithe mórthíre. Sonraítear an gá atá ann na bearta teagmhasacha a thionscnamh mar a fhoráiltear san *Acht Toghcháin, 1992* arna leasú ag an *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*.

Maidir le figiúirí daonra na n-oileán amach ón gcósta ar a bhfuil stáisiúin vótála suite, léirítear sa pháipéar beartais *Ár nOileáin Bheo. Polasaí Náisiúnta na nOileán 2023-2033*[20] go raibh “os cionn 20% de dhaonra na n-oileán in 2016 65 bliana d’aois agus níos sine; tá sé sin i bhfad níos airde ná an meán náisiúnta de 12% don chohórt aoise sin.” Ag féachaint ar fhigiúirí daonra Dhaonáireamh 2022, meastar go raibh breis agus an ceathrú cuid de dhaonra na n-oileán 65 bliain d’aois agus níos sine i gcomparáid le meán náisiúnta de 15.1% de dhaoine.[21] Léiríonn daonra níos airde ná an meán de dhaoine scothaosta ar ár n-oileáin amach ón gcósta go gcaithfidh na stáisiúin vótála a úsáidtear ansin freastal ar vótálaithe scothaosta, a bhféadfadh riachtanais tacaíochta bhreise a bheith acu mar gheall ar aois agus easláine.

Maidir le hinrochtaineacht d’úsáideoirí cathaoireacha rothaí, as na cúig stáisiún vótála ar oileáin ar tugadh cuairt orthu go dtí seo, bhí príomhbhealach isteach ag an stáisiún

vótála ar Inis Arcáin nach raibh inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí ach tairgeadh bealach isteach malartach le rampa buan a bhí marcáilte mar 'inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí'. Cuireadh in iúl don fhoireann breathnóireachta PEER, agus iad ag tabhairt cuairt ar an stáisiún vótála seo, go n-úsáidfí halla nua, atá le bheith críochnaithe in 2026, mar stáisiún vótála ina dhiaidh sin. Ar oileán eile, bhí doras inmheánach ag an stáisiún vótála ar Chliara isteach sa seomra ina raibh botháin vótála nár cheap foireann breathnóireachta PEER go mbeadh rochtain ag toghthóir faoi mhíchumas fisiceach air.

Is mian leis an gCoimisiún tuiscint níos fearr a fháil ar an taithí vótála ar oileáin agus tá sé beartaithe aige breathnú ar an vótáil ar na hoileáin ar lá na vótála nuair is féidir, lena n-áirítear mar chuid den chorrthoghchán Dála do dháilcheantar na Gaillimhe Thiar in 2026.

*An tOileán Mór*







*Faoide*



# 19. Forléargas ar Inrochtaineacht

Foilsíodh an *Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Mhíchumas 2025-2030*[22] i mí Mheán Fómhair 2025. Is í an straitéis seo plean na hÉireann chun comhlíontacht iomlán a bhaint amach lena hoibleagáidí faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD) a dhaingnigh Éire in 2018. Tugann an Coimisiún dá aire an tagairt atá sa Straitéis don cheart chun rannpháirteachas chomhionann sa saol polaitiúil agus poiblí do dhaoine faoi mhíchumas mar atá cumhdaithe in Airteagal 29 den UNCRPD.

I bhfianaise na bhforálacha atá leagtha amach san *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, go dtí seo, dhírigh tuarascálacha PEER go daingean ar na dúshláin a bhíonn roimh thoghthóirí faoi mhíchumas agus iad ag vótáil. Mar a dúirt Art Ó Leary, Príomhfheidhmeannach an Choimisiúin Toghcháin, ina óráid chuig Comhchoiste an Oireachtais um Nithe a Bhaineann le Míchumas i mí Iúil 2025, is "snáithe órga" atá ag rith trí gach PEER an bhéim chomhsheasmhach ar inrochtaineacht. Tá sé ríthábhachtach inrochtaineacht a chomhtháthú i ngach céim den phróiseas toghcháin:

> "Ní bhíonn an daonlathas ionadaíoch i ndáiríre ach amháin nuair a chuimsíonn sé gach duine. Ciallaíonn sé sin a chinntiú nach amháin go ndéantar daoine faoi mhíchumas a chomhaireamh ach go gcloistear iad. Bíonn bacainní roimh go leor daoine faoi mhíchumas maidir le rannpháirtíocht agus vótáil, bídís fisiciúil, faisnéiseach, de chineál dearcaidh nó córasach. Ní hamháin go ndéanann na constaicí sin a gcearta a eiteach ar dhaoine aonair; lagaíonn siad ár ndaonlathas. Ní dualgas sibhialta amháin atá sa vótáil; is bealach é chun na córais a mbíonn tionchar díreach acu ar shaol daoine a mhúnlú: iompar, tithíocht, cúram sláinte agus oideachas. Caithfidh cead cainte a bheith ag daoine faoi mhíchumas sna cinntí sin – ní hamháin mar smaoineamh ina dhiaidh sin ach mar rannpháirtithe gníomhacha. Nuair a bhíonn inrochtaineacht mar chuid de gach céim den phróiseas toghcháin, ón gclárú go dtí an bhallóid a chaitheamh, ní hamháin go gcosnaímid an ceart chun vótála ach cosnaímid dínit agus cumas gníomhaíoch gach saoránaigh. Ciallaíonn fíor-chuimsiú ionaid vótála inrochtana, ábhair i dteanga shimplí, teicneolaíocht chúnta agus dearcthaí measúla. Ciallaíonn sé a chinntiú go dtacaítear le riachtanais gach duine, ní go n-eisiatar iad.[23]"

Le linn na PEERanna a rinneadh go dtí seo, tá breathnóireacht dhíreach déanta againn ar cé chomh lárnach is atá inrochtana an gníomh vótála agus tá léargas saibhir faighte againn air. D'fhéadfadh fadhbanna ginearálta rochtana ar stáisiúin vótála a bheith ag roinnt vótálaithe mar gheall ar laige fhisiciúil de dheasca drochshláinte nó seanaoise. D'fhéadfadh constaicí sonracha ar an taithí vótála a bheith fisiciúil nó céadfach amhail i gcás úsáideoirí cathaoireacha rothaí, vótálaithe a bhfuil lagú amhairc orthu nó toghthóirí ón bPobal Bodhar. Os a choinne sin, d'fhéadfadh dúshláin a bheith ag baint le stáisiúin vótála mar gheall ar an timpeallacht agus an leagan amach ina ndéantar an vótáil, mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh socruithe oiriúnaithe dá riachtanais ag teastáil ó thoghthóirí néara-éagsúla, nó d'fhéadfadh go mbeadh gá ag vótálaithe faoi mhíchumas intleachtúil go ndéanfaí an próiseas vótála a shoiléiriú ar bhealach atá curtha in oiriúint dá dtuiscint.

# 20. Cás-staidéir 'Feictear agus Ansin Tuigtear'

I gcás Olltoghchán mhí na Samhna 2024, leathnaíomar ár mbéim PEER ar inrochtaineacht chun cur chuige 'feictear agus ansin tuigtear' níos leithne a ghlacadh trí thabhairt faoi chás-staidéar i dteannta Chumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (IWA). Bhain an cás-staidéar tosaigh sin le foireann breathnóireachta PEER ag bualadh le húsáideoirí seirbhísí IWA agus iad ag vótáil i gcúig stáisiún vótála ar fud Leithinis Bhéal an Mhuirthead i dTuaisceart Mhaigh Eo.

I ndiaidh rath an chleachtaidh breathnóireachta sin agus mar gheall ar an méid a d'fhoghlaimíomar, chomhoibríomar arís le IWA do Thoghchán an Uachtaráin. Shonraíomar gur ball é IWA anois de **Mheitheal Grúpaí a mBíonn Constaicí sa Bhealach Orthu** a bhunaigh an Coimisiún go luath in 2025 chun cabhrú le forbairt *Straitéis Oideachais agus Rannpháirtíocht an Phobail* dá chuid.

Maidir lenár mbreathnóireachtaí ar an láthair ar lá na vótála, chomh maith le díriú ar thaithí úsáideoirí cathaoireacha rothaí, is réimse é riachtanais agus tuairimí vótálaithe faoi mhíchumas intleachtúil ar ar thugamar aghaidh sa PEER seo den chéad uair. Is ball den **Mheitheal Grúpaí a mBíonn Constaicí sa Bhealach Orthu** é Down Syndrome Ireland freisin, agus chomhaontaigh siad oibriú leis an gCoimisiún agus d'eagraigh siad go bhféadfaimis bualadh le cuid dá mbaill chun a dtaithí ar lá na vótála a thaifeadadh.

Tá ár gcomhoibriú le Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann agus Down Syndrome Ireland ag teacht leis 'Na Chéad Chéimeanna Eile' a shainaithnítear san *Athbhreithniú i ndiaidh Imeacht Toghcháin: An tOlltoghchán | 29 Samhain 2024.*[24]

> ***"I gcás PEER an toghcháin uachtaráin, scrúdófar taithí vótála toghthóirí faoi mhíchumas i gcomhairle leis an Meitheal Grúpaí a mBíonn Constaicí sa Bhealach Orthu a bhunaigh an Coimisiún."*** *(p.65)*

Bhí na gníomhartha sin i gcomhréir freisin le gealltanas ginearálta sa tuarascáil PEER sin:

> ***"Ceapfar cur chuige agus plean PEER don toghchán uachtaráin i gcomhairle leis na grúpaí a bhunaigh an Coimisiún chun cabhrú le forbairt Straitéis Oideachais agus Rannpháirtíocht an Phobail dá chuid."*** *(lch 11)*

Ar dtús agus muid ag pleanáil ár sraith cás-staidéar '**feictear agus ansin tuigtear**' do Thoghchán an Uachtaráin, rinneamar iarracht comhoibriú le hEagraíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas. I mí Iúil agus i mí Mheán Fómhair 2025, chuamar i dteagmháil le dhá Eagraíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas chun cruinnithe aonair a mholadh chun plé a dhéanamh ar a rannpháirtíocht fhéideartha mar chuid de bhreathnóireachtaí toghcháin PEER a dhéanfaí i mí Dheireadh Fómhair 2025. Ar an drochuair, b'fhéidir mar gheall ar na brúnna iomadúla agus éagsúla ar acmhainní Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas, níorbh fhéidir leis na teagmhálacha sin a bheith tairbheach i dtéarmaí rannpháirtíocht a sholáthar. Ba mhaith linn a chur i bhfáth gur mian linn comhoibriú le hEagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas amach anseo, lena n-áirítear b'fhéidir mar chuid de na cleachtaí PEER a bheidh ar siúl i gcomhar leis na corrthoghcháin Dála do dháilcheantair na Gaillimhe Thiar agus Bhaile Átha Cliath Láir in 2026. Fáiltímid freisin roimh na struchtúir rannpháirtíochta páirtithe leasmhara atá á mbunú mar chuid den *Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Mhíchumas 2025-2030* chun rannpháirtíocht iomlán Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas a chinntiú i gcruthú agus i rialú gach tionscnaimh, beartais agus seirbhíse Rialtais a mbíonn tionchar acu ar dhaoine faoi mhíchumas.

Maidir lenár gclár rannpháirtíochta ginearálta ar na tuarascálacha PEER le hEagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas, Soláthraithe Seirbhísí Míchumais agus eagraíochtaí eile den tsochaí shibhialta, scaipeadh cóipeanna de thuarascálacha PEER roimhe seo ar: Physical Impairment Ireland, Voice of Vision Impairment, AsIAm, Disabled Women Ireland, Independent Living Movement Ireland, Cumann Bodhar na hÉireann agus National Platform of Self-Advocates. Ina theannta sin, scaipeadh cóipeanna den PEER ar na Soláthraithe Seirbhísí Míchumais agus na hEagraíochtaí seo a leanas do Dhaoine faoi Mhíchumas: an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, Ionchuimsiú Éireann, Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann, Mental Health Reform, Cónaidhm na hÉireann um Míchumas agus Siondróm Down Éireann. Tá roinnt de na heagraíochtaí sin tar éis freagra a thabhairt tar éis dóibh tuarascálacha PEER a fháil, ag soláthar aiseolas agus tuairimí léargasacha.






# 21. Cás-staidéar IWA




I ndiaidh rath ár gcéad cás-staidéir le Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (IWA) i rith Olltoghchán 2024, bhuaileamar le IWA chun plé a dhéanamh ar phleananna chun cleachtadh athuair a dhéanamh i ndáil le Toghchán an Uachtaráin. Bunaithe ar chlár taistil a cheap IWA agus a comhaontaíodh leis an gCoimisiún, thaistealaíomar go Contae Dhún na nGall chun bualadh le húsáideoirí seirbhíse IWA ar lá na vótála.

De réir socraithe roimh ré, bhuail foireann breathnóirí PEER, ar a raibh beirt bhall foirne ón gCoimisiún, le cúigear vótálaithe nuair a shroich siad gach ceann de na cúig stáisiún vótála inar ainmníodh iad le vótáil.

## S.N. an Bhaile Nua

D'fhreastail breathnóirí PEER an Choimisiúin ar Scoil Náisiúnta an Bhaile Nua in éineacht le Katriona O'Laughlin, úsáideoir cathaoir rothaí, a d'úsáid seirbhís bus inrochtana IWA chun rochtain a fháil ar an stáisiún vótála ar lá na vótála. Chuir an t-oifigeach ceannais in iúl do na breathnóirí PEER go raibh oibreacha inrochtaineachta críochnaithe le déanaí ar an bpríomhbhealach isteach chuig an stáisiún vótála roimh Thoghchán an Uachtaráin. Dá ainneoin seo, i dtuairim na mbreathnóirí PEER, chruthaigh fána an rampa ag an mbealach isteach deacrachtaí inrochtaineachta d'úsáideoir cathaoir rothaí gan tionlacan. Maidir leis an bpróiseas vótála, vótáil Katriona gan aon fhadhb. Tríd is tríd, léirigh Katriona gur taithí dhearfach a bhí aici ag an stáisiún vótála. Mar sin féin, maidir leis an mbealach isteach chuig an stáisiún vótála, thug breathnóirí PEER faoi deara gur chabhraigh IWA le Katriona an rampa a úsáid agus dúirt Katriona féin nach mbeadh sí in ann dul isteach sa stáisiún vótála dá mbeadh sí ina haonar. Maidir le bothán vótála inrochtana, shonraíomar go raibh urrann vótála íseal-leibhéil ar fáil.

## Scoil Mhuire gan Smál

Mar bhreathnóirí PEER, d'fhreastalaíomar ar Scoil Mhuire gan Smál in éineacht le John Doherty, úsáideoir seirbhíse IWA, toghthóir a bhfuil lagú amhairc air. D'fhreastail John ar an stáisiún vótála in éineacht le compánach vótála ar ball teaghlaigh iad. Maidir le hinrochtaineacht, shonraíomar go raibh rampa buan inrochtana ag an mbealach isteach chuig an stáisiún vótála. Maidir le leagan amach agus inrochtaineacht inmheánach, thug breathnóirí PEER faoi deara go ndearnadh an vótáil i roinnt seomraí ranga agus mheas siad go raibh spás teoranta inmheánach laistigh de na seomraí ranga ach dá ainneoin sin, bhí an spás eagraithe go hiomasach.

Shonraigh breathnóirí PEER, chun cabhrú leis an sreabhadh vótála sa stáisiún vótála, go raibh deasc eolais socraithe ag an oifigeach ceannais maoirseachta ag an mbealach isteach chuig an stáisiún vótála. Chuir John in iúl dúinn gur taithí mheasctha a bhí aige ag an stáisiún vótála, toisc gur sa halla seachas i seomraí ranga a rinneadh an vótáil roimhe seo, rud a chruthaigh níos lú constaicí dó mar dhuine a bhfuil lagú amhairc air. Dar le John, cé gur éirigh leis vótáil lena chompánach vótála gan aon fhadhb, bhí deacracht aige a mbothán

vótála sannta a aithint agus mheas John gur chuir an cinneadh an vótáil a dhéanamh i seomraí ranga leis an bhfadhb sin. Maidir le bothán vótála inrochtana, shonraíomar go raibh urrann vótála íseal-leibhéil ar fáil.

## S.N. Naomh Baoithín

D'fhreastalaíomar ar S.N. Naomh Baoithín le húsáideoir seirbhíse IWA, Dorothy Robinson, úsáideoir cathaoireach rothaí. Ba bhealach isteach cothrom inrochtana an príomhbhealach isteach chuig an stáisiún vótála. Maidir leis an leagan amach inmheánach agus an spás gluaiseachta, mheasamar go raibh spás teoranta ann mar gheall ar shuíomh na n-urrann vótála. Mar úsáideoir cathaoireach rothaí leictrí, bhí deacrachtaí ag Dorothy ar dtús rochtain a fháil ar an urrann vótála íseal-leibhéil a bhí suite in aghaidh an bhalla. Mar fhreagra air sin, chuir an t-oifigeach ceannais in iúl go ndéanfaidís athchóiriú ar an urrann vótála. Dheimhnigh Dorothy gur vótáil sí gan aon fhadhb a luaithe a bogadh an urrann vótála amach ón mballa agus gur taithí dhearfach a bhí aici ag an stáisiún vótála ar an iomlán. Chomh maith le bheith ina chabhair mhór nuair a tugadh urrann íseal-leibhéil isteach, thug Dorothy le fios gur stáisiún vótála a bhíodh ann roimhe seo nach mbíodh inrochtana, ach an uair seo, i ndiaidh síneadh a chur le foirgneamh scoile, go raibh limistéar nua in úsáid don vótáil.

## Seanteach na Cúirte

Chuamar go dtí Seanteach na Cúirte in éineacht le húsáideoir seirbhíse IWA, Mary T. Gallagher, úsáideoir siúladáin rothaí. Mar bhreathnóirí PEER, shonraíomar go raibh constaicí inrochtaineachta ag an mbealach isteach chuig an stáisiún vótála. Bhí fána i gceist le rochtain d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí ar an mbealach isteach a chruthaigh deacrachtaí inrochtaineachta d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí gan tionlacan agus do thoghthóirí a raibh míchumas fisiciúil de chineál éigin orthu. Ba bhealach isteach cothrom inrochtana an príomhbhealach isteach chuig an stáisiún vótála. Maidir le bothán vótála inrochtana, shonraíomar go raibh urrann vótála íseal-leibhéil ar fáil do vótálaithe. Mhínigh Máire do bhreathnóirí PEER go raibh taithí mheasctha vótála aici, agus í in ann vótáil taobh istigh den stáisiún vótála gan aon fhadhb ach go raibh deacracht aici rochtain a fháil ar an stáisiún vótála mar gheall ar an bhfána. Cuireadh in iúl don Choimisiún go n-úsáidfear stáisiún vótála eile seachas Seanteach na Cúirte i dtoghcháin amach anseo.



## S.N. Chill Mhic Réanáin

Mar bhreathnóirí PEER, d'fhreastalaíomar ar S.N. Chill Mhic Réanáin agus bhuaileamar le Martin Cassidy, úsáideoir cathaoireach rothaí. Shonraíomar gur bealach isteach cothrom inrochtana a bhí sa phríomhbhealach isteach chuig an stáisiún vótála a chuir neart spás gluaiseachta ar fáil idir na doirse seachtracha agus inmheánacha. Maidir le hinrochtaineacht, bhí na doirse seachtracha ag an mbealach isteach chuig an stáisiún vótála dúnta, rud a chruthaigh deacrachtaí d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí gan tionlacan. Mhínigh Martin dúinn, ós rud é go raibh na doirse seachtracha á n-oibriú de láimh, go raibh cúnamh ag teastáil uaidh óna chompánach vótála chun dul isteach sa stáisiún vótála. Maidir leis an vótáil, rinneadh an vótáil in áit inrochtana a raibh neart spáis ann chun gluaiseacht. Socraíodh na hurranna vótála i leagan amach iomasach a thug príobháideachas leordhóthanach do vótálaithe. Maidir le vótáil inrochtana, cuireadh urrann vótála íseal-leibhéil ar fáil do vótálaithe. Maidir leis an bpróiseas vótála agus an taithí a bhí aige, léirigh Martin gur vótáil sé gan aon fhadhb agus gur taithí dhearfach a bhí aige ag an stáisiún vótála.




Ba mhaith leis an gCoimisiún buíochas a ghabháil le IWA as an obair lóistíochta i ndáil leis an gcleachtadh seo, agus le Nicole Sheridan agus le Owen McFadden as a dtacaíocht agus a gcomhoibriú díograiseach ar an lá. Toisc gur bhuaileamar le húsáideoirí seirbhíse IWA i gContae Dhún na nGall, bhí cuntas cuimsitheach againn ar thuras na vótálaithe sin óna dturas go fisiciúil chuig gach ceann de na stáisiúin vótála chomh maith lena dtaithí vótála istigh iontu. Gabhaimid ár mbuíochas leis na vótálaithe uile a d'aontaigh bualadh linn chun a gcuid taithí agus tuairimí vótála a roinnt linn.

# 22. Cás-staidéar DSI

*"Is lucht spéise iad daoine a bhfuil siondróm Down orthu atá thar a bheith tábhachtach dúinn go léir sa Choimisiún Toghcháin, go gairmiúil agus go pearsanta araon. Saibhríonn a nguthanna, a roghanna agus a rannpháirtíocht ár ndaonlathas. Ní rogha bhreise é a chinntiú go dtacaítear leo chun páirt iomlán a ghlacadh – tá sé i gcroílár sochaí sláintiúla, córa."*

*Art O'Leary, Príomhfheidhmeannach an Choimisiúin Toghcháin*

I mí Mheán Fómhair 2025, shocraíomar cás-staidéar a dhéanamh le Down Syndrome Ireland (DSI) ina ndéanfaimis breathnóireacht ar thoghthóirí a bhfuil siondróm Down orthu, a bhféadfadh riachtanais tacaíochta bhreise a bheith acu, ag vótáil ina stáisiúin vótála. Bhuaileamar le DSI roimh Thoghchán an Uachtaráin chun plé a dhéanamh ar phleananna chun bualadh lena mbaill ar lá na vótála. Shainaithin DSI grúpa mac léinn atá ina mbaill de chraobh Chiarraí de DSI agus chuir siad clár taistil i dtoll a chéile dá réir. Ba mhic léinn ar Champas Thrá Lí d'Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan a bhí cláraithe le vótáil i réimse toghcheantar i gContae Chiarraí iad na vótálaithe ar fad a chomhaontaigh páirt a ghlacadh sa chás-staidéar. Ceapadh clár taistil an lae sa chaoi is go bhféadfadh na mic léinn agus a dteaghlaigh vótáil ag am a bheadh áisiúil dóibh agus nach gcuirfí isteach ar a bhfreastal ar an ollscoil. Dheimhnigh Sinéad Flynn, an Ceann Breisoideachais agus Oiliúna in DSI, go mbeadh sí i láthair i gCiarraí lá na vótála chun maoirseacht a dhéanamh ar an gcleachtadh thar ceann DSI.

De réir socraithe roimh ré, ar lá na vótála, bhuail foireann breathnóirí PEER, ar a raibh beirt bhall foirne ón gCoimisiún, le cúigear vótálaithe agus a dteaghlaigh nuair a shroich siad gach ceann de na cúig stáisiún vótála inar ainmníodh iad le vótáil [Bunscoil C.B.S., Trá Lí; S.N. an Chuileannaigh, Lios an Phúca; Scoil Náisiúnta na Toirbhirte, Lios Tuathail; agus S.N. Oilibhéir Naofa, Béal Átha Longfoirt]. Bhí deis againn freisin labhairt leis na vótálaithe agus a dteaghlaigh a luaithe a chaith siad a vóta, rud a bhí ina dheis úsáideach dúinn chun aiseolas a




bhailiú agus léargas díreach a fháil ar thaithí vótála vótálaithe faoi mhíchumas intleachtúil. Bhí áthas orainn aiseolas an-dearfach a fháil ó na mic léinn ar a dtaithí vótála, a vótáil go neamhspleách gan chúnamh. Ghabhamar buíochas leis na mic léinn agus lena dteaghlaigh as ucht aontú bualadh linn.






Bhuaileamar le Yann O'Carroll ar dtús, mac léinn MTU i dTrá Lí, tar éis dó teacht díreach ón gcoláiste chun a vóta a chaitheamh. Dúirt Yann linn nár chaill sé vóta ó shlánaigh sé 18 mbliana d'aois agus go bhféachann sé ar an nuacht ar an teilifís gach oíche. Bhí sé ag leanúint an fheachtais agus rinne sé machnamh cúramach ar cé dó a vótálfadh sé roimh lá na vótála.

Bhuaileamar le Maurice Flavin agus Stephen Faley ag a stáisiún vótála i mBéal Átha Longfoirt, beirt a bhfuil dúil mhór acu sa vótáil. Shonraigh Maurice chomh dearfach is a bhí an taithí vótála dó. Cuireadh in iúl dúinn nuair a cuireadh Stephen in aithne dúinn "Más gá daoibh aon rud a fhoghlaim faoin bpolaitíocht, seo é an fear chuige." Tar éis dó a vóta a chaitheamh, d'inis Stephen dúinn faoina chuairteanna ar Chomhairle Contae Chiarraí, ar Theach Laighean agus ar an mBruiséil: "Níl mé ach ag fanacht leis an lá amárach anois; beidh mé ag faire ar na torthaí an lá ar fad." Dúirt Stephen linn go raibh taithí aige freisin ar vótáil ar Chomhairle Chomhairleach Réigiúnach Chiarraí de chuid Down Syndrome Ireland – comhairle atá comhdhéanta de dhaoine fásta a bhfuil siondróm Down orthu, agus arb é Stephen Comhchathaoirleach na comhairle sin.

Chuamar in éineacht le Dale O'Carroll chuig a stáisiún vótála i Lios Tuathail agus chualamara ó Dale ina dhiaidh sin go raibh taithí an-dearfach aige agus é ag caitheamh a vóta go neamhspleách. D'inis Dale dúinn faoin seimineár gréasáin ar Thoghchán an Uachtaráin a raibh sé tar éis féachaint air – comhoibriú idir an Coimisiún agus DSI. Dúirt sé gur fhoghlaim sé go leor faoi conas vótáil agus faoi ról an Uachtaráin. Cheap sé go raibh sé sin



an-úsáideach. Faoi dheireadh, bhuaileamar le James Doyle i Scoil Náisiúnta an Chuileannaigh i Lios an Phúca. Chuir James in iúl dúinn gur vótáil sé ag gach imeacht toghcháin ó shlánaigh sé 18 mbliana d'aois agus gur bhain sé taitneamh as an taithí a bhí aige ar lá na vótála. Bhí teagmháil gan choinne againn freisin le ball de DSI agus cara le James, Anthony O'Connor, a bhí ag tnúth lena vóta a chaitheamh.

I ngach ceann de na stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu, chuaigh ár bhfoireann breathnóireachta PIER i gcomhairle leis an seicliosta PEER céanna a úsáideann gach



foireann breathnóireachta PEER chun na dálaí agus na hábhair a bhí ar fáil a mheas, chomh maith le haiseolas a bhailiú go díreach ó na vótálaithe agus a dteaghlaigh. Maidir le hinrochtaineacht ghinearálta, shonraíomar go raibh rampa buan inrochtana ag an mbealach isteach chuig an stáisiún vótála ag gach stáisiún vótála ar tugadh cuairt orthu. Laistigh de na ceithre stáisiún vótála, chonaiceamar go raibh urrann vótála íseal-leibhéil ar fáil do thoghthóirí.

In dhá stáisiún vótála (Bunscoil C.B.S., Trá Lí; Bunscoil na Toirbhirte, Lios Tuathail), bhí an bosca ballóide suite ar bhord a mheasamar a d'fhéadfadh fadhbanna a chruthú d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí agus do vótálaithe eile faoi mhíchumas. I gceann de na stáisiúin vótála sin, dúirt tuismitheoir le duine de na mic léinn linn gur chruthaigh suíomh an bhosca ballóide ar bhord deacracht dá mac a bhallóid a chur sa bhosca ballóide. I ngach stáisiún vótála ar tugadh cuairt orthu, bhí fógra i gcló mór faoin bpáipéar ballóide ar taispeáint laistigh de na stáisiúin vótála ach ní sna botháin vótála. Maidir le dálaí páirceála, bhí páirceáil inrochtana ainmnithe ar fáil ag dhá cheann de na ceithre stáisiún vótála agus bhí spás páirceála ginearálta leordhóthanach ag an gceithre stáisiún vótála.


Ba é an rud ba mhó a bhaineamar as an gcleachtadh breathnóireachta seo ná, tar éis dúinn bualadh le grúpa vótálaithe a bhféadfadh riachtanais tacaíochta bhreise a bheith acu, gur chinneamar nach raibh aon tacaíochtaí breise ag teastáil i ndáiríre an lá sin d'aon duine de na vótálaithe a casadh orainn. Cé gur tháinig a dtuismitheoirí nó a dteaghlach isteach sa stáisiún vótála leo i dtosach, vótáil na mic léinn ar fad a casadh orainn go neamhspleách. D'fhéadfadh go mbeadh cúnamh breise ag teastáil ó vótálaithe áirithe a bhfuil siondróm Down agus míchumais intleachtúla eile orthu, rud a bhforáiltear dó sa reachtaíocht agus is féidir le compánach an vótálaí nó le foireann an stáisiúin vótála féin é sin a thairiscint. Mar sin féin, chinntigh leagan amach na gceithre stáisiún vótála ar tugadh cuairt orthu, agus iompar na foirne iontu, go bhféadfadh an cúigear vótálaithe a casadh orainn an próiseas vótála ina iomláine a chríochnú go neamhspleách agus mothú dearfach a bheith acu faoina dtaithí. Fáiltíonn an Coimisiún roimh an éascú sin ar cheart na vótálaithe chun príobháideachta agus dínite le linn an phróisis vótála.

Maidir le heolas faoin vótáil agus toghcháin atá beartaithe chun cabhrú le vótálaithe a bhfuil siondróm Down nó míchumais intleachtúla eile orthu, d'oibrigh an Coimisiún le DSI chun



seimineáir ghréasáin a óstáil lena chomhaltaí ar fud na tíre chun iad a chur ar an eolas faoi vótáil, conas vótáil agus na tacaíochtaí atá ar fáil ag an mbothán vótála. I gcomhar le hIonchuimsiú Éireann agus DSI, tá treoracha Éasca le Léamh agus físeáin oideachais curtha i dtoll a chéile againn freisin faoin bpróiseas vótála agus faoi thoghcháin, lena n-áirítear seimineár gréasáin arna óstáil ag an gcomhalta Conor O'Donnell.[25]

Tá an Coimisiún thar a bheith buíoch de DSI as an gcaoi ar eagraigh siad an obair lóistíochta a bhain leis an gcleachtadh seo, de Michelle Burke, Teagascóir in MTU, agus de Shinéad Flynn as a tacaíocht agus a comhoibriú díograiseach ar an lá. Trí bhualadh leis na mic léinn agus breathnú orthu agus iad ag teacht chun vótála agus labhairt leo ina dhiaidh sin, fuair an Coimisiún pictiúr iomlán agus dearfach dá dtaithí vótála. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na vótálaithe agus a dteaghlaigh freisin, as a gcuid léargais a roinnt chomh fial sin agus as ligean dúinn a bheith leo ar lá na vótála.





# 23. Stáisiúin Vótála agus Áiteanna Vótála a Shannadh agus a Athrú

## Próiseas Dréachtaithe Scéime Vótaíochta

Roinneann scéim vótaíochta an contae ina Thoghcheantair, ina Thoghranna, ina gCeantair Vótaíochta agus ina Bhailte Fearainn chun críche imeachtaí toghcháin agus ceapann sí ionad vótála do gach ceantar vótála.

Ní mór scéimeanna vótála a nuashonrú gach deich mbliana ar a laghad nó i gcás aon athruithe ar theorainneacha toghcheantair.

Tá aonaid Seirbhísí Corparáideacha in údaráis áitiúla freagrach as scéimeanna vótaíochta a dhréachtú. Baineann an próiseas dréachtaithe le scrúdú a dhéanamh ar scéim vótaíochta atá ann cheana féin agus ar na hionaid vótaíochta ainmnithe a úsáidtear chun toghcháin a reáchtáil faoin scéim vótaíochta sin.

Cuirtear forbairtí ábhartha i limistéar an Údaráis Áitiúil san áireamh, lena n-áirítear forbairt uirbeach agus leathnú bonneagair, éabhlóid dhéimeagrafach, agus cinntí maidir le teorainneacha riaracháin agus toghcheantar. Chun freastal ar fhorbairtí ábhartha, aistrítear codanna de cheantair riaracháin lena n-áirítear toghcheantair agus bailte fearainn ó cheantar vótála go ceantar vótála de réir mar is gá. Mar an gcéanna, féadfar ceantar vótála a chruthú nó a dhíscaoileadh de réir riachtanais phraiticiúla. Maidir leis an toghlach, déantar iarrachtaí a chinntiú go sanntar vótálaithe do cheantar vótála a chuirfidh ar a gcumas vótáil san ionad vótála is gaire dóibh. Is minic a bhíonn leibhéal áirithe inoiriúnaitheachta san áireamh agus áit vótála á hainmniú do cheantar vótála, mar shampla, féadfaidh scéim vótaíochta limistéar ar leith a ainmniú mar áit vótála seachas áitreabh ar leith. Déantar sin chun go mbeidh cinn chomhairimh in ann oiriúnú do shaincheisteanna níos gaire do lá na vótála.

Scaiptear dréachtscéim vótaíochta ar chomhairleoirí agus ar chinn chomhairimh lena mbreithniú. Reáchtáiltear comhairliúchán poiblí freisin, rud a thugann deis do bhaill den phobal agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta a gcuid tuairimí a chur in iúl maidir leis an dréacht-togra agus páirt a ghlacadh go hábhartha sa phróiseas. Is deis luachmhar é an comhairliúchán poiblí do Sholáthraithe Seirbhísí Míchumais, d'Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas, agus do bhaill den phobal faoi mhíchumas chun ionchur a thabhairt maidir leis an scéim vótaíochta. Nuair a bheidh an tréimhse comhairliúcháin phoiblí thart, déantar athbhreithniú ar an dréachtscéim vótaíochta, más ábhartha, chun na leasuithe atá beartaithe a chur san áireamh. Ós rud é gur feidhm fhorchoimeádta de chuid na comhairle í glacadh le scéim vótaíochta, déanann comhaltaí na comhairle vótáil uirthi ansin. Nuair a ghlacann comhaltaí na comhairle an scéim vótaíochta, deimhníonn an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta í.

## Iniúchtaí Oifigeach Rochtana an Údaráis Áitiúil ar Stáisiúin Vótála

Is acmhainn luachmhar iad Oifigigh Rochtana Údarás Áitiúil chun leibhéil inrochtaineachta a mheas. Ceaptar na hOifigigh Rochtana de réir alt 26(2) den *Acht um Míchumas, 2005*, agus bíonn siad freagrach as cúnamh agus treoir a sholáthar agus a chomhordú do dhaoine faoi mhíchumas atá ag rochtain seirbhísí arna soláthar ag údarás áitiúil. Féadfaidh Oifigigh Rochtana comhairle a thairiscint nó moltaí a dhéanamh ina dhiaidh sin maidir le feabhsuithe ar na seirbhísí sin.


Agus cás-staidéar á dhéanamh i ndáilcheantar Dhún na nGall le Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (IWA) le linn Thoghchán an Uachtaráin, cuireadh in iúl don Choimisiún go ndearna Oifigeach Rochtana Chomhairle Contae Dhún na nGall iniúchadh inrochtaineachta ar stáisiúin vótála i ndáil leis na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúraim ar an 8 Márta 2024.

San 'Fhógra maidir le Stáisiúin Vótála Neamh-inrochtana' a d'eisigh an ceann comhairimh do reifrinn mhí an Mhárta, aithníodh stáisiúin vótála in S.N. Chúil Dabhcha, S.N. Chionn Mhálanna, agus S.N. Rann na Feirste mar stáisiúin nach raibh inrochtana ag úsáideoirí cathaoireacha rothaí. Ar lá na vótála, an 8 Márta 2024, rinne Oifigeach Rochtana Chomhairle Contae Dhún na nGall breathnóireacht ar an vótáil ag roinnt stáisiúin vótála, ag measúnú saincheisteanna lena n-áirítear páirceáil inrochtana, bealach isteach inrochtana, inrochtaineacht inmheánach, vótáil inrochtana, agus feasacht ar mhíchumas. I ndiaidh an iniúchta, chuaigh Oifigeach Rochtana Chomhairle Contae Dhún na nGall i mbun plé le ceann comhairimh an dáilcheantair maidir le hinrochtaineacht roinnt stáisiúin vótála i ndáilcheantar Dhún na nGall. I gcás thoghcháin áitiúla agus Eorpacha mhí an Mheithimh, thug foireann breathnóireachta PEER a thug cuairt ar Chionn Mhálanna faoi deara gur aistrigh an ceann comhairimh S.N. Chionn Mhálanna go háitreabh inrochtana i gCionn Mhálanna gan mórán fógra. Thug an fhoireann breathnóireachta PEER cuairt freisin ar S.N. Rann na Feirste agus chonaic siad rampa sealadach cathaoireach rothaí ag an mbealach isteach chuig an bhfoirgneamh, agus mheas siad gur chuir sé rochtain ar fáil d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí ar lá na vótála.

## Breithnithe Cinn Comhairimh: Riarachán, Ullmhúchán & Próiseas

Mar ullmhúchán do thoghchán, féadfaidh cinn chomhairimh dul i mbun oibre leis an údarás áitiúil, lena n-áirítear a nOifigigh Rochtana, ar shaincheisteanna riaracháin éagsúla, lena n-áirítear roghnú stáisiún vótála. Tríd an rannpháirtíocht sin, beidh an ceann comhairimh ar an eolas faoi áitribh faoi úinéireacht na comhairle a bheidh ar fáil, nó nach mbeidh ar fáil, lena n-úsáid ar lá na vótála. Ina theannta sin, tugann an rannpháirtíocht seo deis don údarás áitiúil comhairle a chur ar oifigigh chomhairimh faoi aon fheabhsuithe ar bhonneagar inrochtaineachta in áitreabh faoi úinéireacht na comhairle. Mar an gcéanna, cuireann rannpháirtíocht i ndiaidh toghcháin ar chumas ceann comhairimh an t-údarás áitiúil a chur ar an eolas faoi aon saincheisteanna a eascraíonn as úsáid áitreabh atá faoi úinéireacht na comhairle.

Agus stáisiúin vótála á sannadh acu, bíonn cinn chomhairimh ag brath ar fhaisnéis a sholáthraíonn a gcigirí ceantair áitiúil ceaptha. Fostaíonn cinn chomhairimh iad chun cabhrú le riar toghchán, agus cuireann cigirí ceantair áitiúil maoirseacht riaracháin agus lóistíochta ar fáil ar lá na vótála. Mar ullmhúchán do thoghchán, déanann cigirí ceantair áitiúil cigireachtaí ar stáisiúin vótála a úsáideadh roimhe seo sa toghcheantar, ag dearbhú go bhfuil na háitribh atá á mbreithniú mar stáisiún vótála leordhóthanach chun críocha an vótáil a reáchtáil. Tagann na cigireachtaí sin le moltaí a bhaineann le cigireacht stáisiúin vótála atá i gCiorclán Roinne (18-91). Áirítear measúnú inrochtaineachta leis na cigireachtaí a dhéanann cigirí ceantair áitiúil. Chomh maith le cigireachtaí réamhthoghcháin a dhéanamh ar stáisiúin vótála, féadfaidh cigirí ceantair áitiúil athbhreithniú iarthoghcháin a dhéanamh ar stáisiúin vótála, go háirithe má chláraítear fadhbanna ag stáisiún vótála. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí sna hathbhreithnithe sin dearcadh na n-oifigeach ceannais atá sannta don ionad vótála ar lá na vótála. Chomh maith leis na meastóireachtaí a dhéanann cigirí ceantair áitiúil, féadfaidh cinn chomhairimh breathnú ar an vótáil ag go leor ionaid vótála ar lá na vótála freisin.




*Fíor 12*

## Feasacht an Phobail

Tá comhsheasmhacht úsáideach agus ionaid vótála á sannadh, rud a ligeann do vótálaithe feasacht a fhorbairt ar a n-áit vótála. Léiríonn fianaise idirnáisiúnta go bhféadfadh athrú agus comhdhlúthú áite vótála laghdú a dhéanamh ar an líon vótálaithe a vótálann i dtoghchán. Chuige sin, tá dreasacht ann do chinn chomhairimh ionaid vótála a úsáideadh i dtoghcháin roimhe seo a úsáid, ar choinníoll go bhfuil siad comhsheasmhach le ceanglais inrochtaineachta, chomh maith le cinntiú go mbeidh cinn chomhairimh agus na riarthóirí toghcháin, lena n-áirítear oifigigh cheannais agus cléirigh vótála, eolach ar úsáid na n-áitreabh.

## Cóngaracht an Vótálaí


Tugann cóngaracht vótálaithe léargas ar an leibhéal inrochtaineachta geografaí atá i gceist do vótálaí chun taisteal chuig an áit vótála. Agus áiteanna vótála á roghnú, tá sé ríthábhachtach go ndéantar cothromaíocht idir inrochtaineacht bonneagair agus inrochtaineacht gheografach agus cóngaracht vótálaithe, go háirithe i gceantair thuaithe ina bhfuil líon teoranta áitreabh ar fáil lena n-úsáid. D'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ag vótálaithe faoi mhíchumas maidir le taisteal neamhspleách agus mar sin níl mórán luacha ag baint le háit vótála a bhfuil bonneagar inrochtaineachta forbartha ann do vótálaithe faoi mhíchumas má tá sé deacair taisteal chuici.

## Infhaighteacht an Áitribh

Go praiticiúil, tá cinn chomhairimh i dteideal úsáid fhabhrach a bhaint as áitreabh faoi úinéireacht phoiblí amhail áitreabh faoi úinéireacht na comhairle agus scoileanna atá maoinithe go poiblí.  D'fhéadfadh úsáid áitreabh príobháideach fadhbanna a chruthú do chinn chomhairimh. Ós rud é gur féidir le dátaí roinnt imeachtaí toghcháin a bheith neamhchinnte, d'fhéadfadh sé a bheith deacair do chinn chomhairimh áitreabh príobháideach a chur in áirithe, toisc go bhféadfadh eagraíocht nó duine aonair áitreabh príobháideach a chur in áirithe roimh aon imeacht toghcháin a sceidealú.

## Costas

Athraíonn costais a bhaineann le húsáid áitribh ag brath ar an gcineál áitribh a úsáidtear. Tá cinn chomhairimh i dteideal áitreabh poiblí a úsáid nach mbíonn mórán caiteachais ag baint leo, amhail úsáid bunscoile. I gcodarsnacht leis sin, d'fhéadfadh costas níos airde a bheith i gceist le háitreabh príobháideach.




*Fíor 13*

# 24. Postvótáil, Comhstaidéar ACT/IDEA

Ceadaítear don Choimisiún faoi alt 64 den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* taighde a dhéanamh ar bheartas agus nós imeachta toghcháin. I d*Tuarascáil Bhliantúil 2024* dá chuid, thug an Coimisiún tiomantas go mbeadh sé d'aidhm ag a thaighde "ar mhodhanna féideartha chun chomh héasca agus a bhíonn an vótáil a fheabhsú fianaise a thabhairt chun tús a chur le cur agus cúiteamh sa tír seo ar na buntáistí a bhaineann lenár gcóras vótála faoi láthair agus ar na roghanna éagsúla don athchóiriú."[26]

Tar éis tréimhse comhairliúcháin phoiblí, d'fhoilsigh an Coimisiún *Clár Taighde 2024-2026* an 10 Iúil 2024 inar gheall sé taighde a dhéanamh ar phostvótáil agus ar vótáil roimh ré. Sa chlár taighde, aithníodh an phostvótáil mar réimse tosaíochta taighde don Choimisiún agus gealladh go ndéanfaí iniúchadh ar "ar an bhféidearthacht a bhaineann le postvótáil a shíneadh, a bhuntáistí agus a mhíbhuntáistí agus roghanna chuige sin."[27] Aithníodh vótáil roimh ré ar bhealach níos leithne mar réimse tosaíochta taighde sa chlár taighde freisin. Seachas an vótáil speisialta a dhéantar in ospidéil, i dtithe altranais agus in institiúidí dá samhail, níl aon fhoráil ann faoi láthair le haghaidh vótáil roimh ré i bpearsa ag imeachtaí toghcháin in Éirinn.

Chuige sin, tá an Coimisiún i mbun tionscadal taighde a choimisiúnú ar ábhar na postvótála agus na vótála roimh ré, agus é mar aidhm aige measúnú a dhéanamh ar indéantacht agus ar inmhianaitheacht leathnú na gcleachtas sin i gcóras toghcháin na hÉireann. Beidh an taighde sin i mbun oibre le páirtithe leasmhara tábhachtacha agus scrúdófar fianaise agus taithí idirnáisiúnta chun meastóireacht a dhéanamh ar an gcóras reatha vótála roimh ré in Éirinn, cás-staidéir idirnáisiúnta chun na himpleachtaí dearfacha agus diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag leathnú postvótála nó vótála roimh ré i bpearsa (e.g. maidir le hinrochtaineacht agus rannpháirtíocht, sláine toghcháin, srl.) a aithint agus a mheas, agus breithniú a dhéanamh ar na cúinsí praiticiúla a bhaineann le hathchóiriú toghcháin den sórt sin. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhréir lena chumhachtaí reachtúla faoi alt 64 den Acht, moltaí a dhéanamh don Aire agus don Rialtas ag eascairt as an taighde seo.

Meastar go bhfoilseofar an taighde sin sa chéad leath de 2027.





# 25. Vótáil Speisialta

Tugtar an vótáil speisialta do dhaoine a bhfuil gnáthchónaí orthu in ospidéal, i dteach altranais nó in institiúid dá leithéid. Leathnaigh *an tAcht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* an vóta speisialta chun go bhféadfaidh toghthóirí a bhfuil gnáthchónaí orthu i saoráidí síciatracha nó meabhairshláinte cur isteach ar an liosta vótálaithe speisialta. Féadfaidh toghthóirí incháilithe vóta a chaitheamh sna suíomhanna sin ar na laethanta roimh imeacht toghcháin trí pháipéar ballóide a chomhlánú; tugann oifigeach ceannais speisialta an páipéar ballóide don toghthóir i dteannta comhalta den Gharda Síochána.

Mar a leagtar amach faoi láthair in alt 82.2 den *Acht Toghcháin, 1992* arna chur chun feidhme le halt 41(2) d'*Acht Toghchán an Uachtaráin, 1993*,

> (2) Ní bheidh duine ar bith seachas an t-oifigeach ceannais speisialta agus an comhalta den Gharda Síochána i láthair nuair atá an vótálaí speisialta ag vótáil de bhun an ailt seo.

Chuir an *Memorandum for the Guidance of Local Returning Officers at Presidential Election, 24 October 2025*[28] don choinníoll freastail sin freisin.



I mí Dheireadh Fómhair 2025, fuair an Coimisiún toiliú ó bheirt cheann comhairimh freastal, i gcáil breathnóra, ar riar an vóta speisialta i ndáilcheantair i mBaile Átha Cliath agus in Uíbh Fhailí.

Ar an 15 Deireadh Fómhair 2025, bhuail beirt bhall foirne ón gCoimisiún le hoifigigh cheannais speisialta agus le comhaltaí den Gharda Síochána i dtithe altranais atá suite i ndáilcheantar Uíbh Fhailí agus Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh. Chonaiceamar i bhfad (taobh amuigh den seomra inar tharla an vótáil) riar an vóta speisialta in dhá theach altranais.

Cé go bhfuilimid an-bhuíoch as cúnamh agus comhoibriú na gceann comhairimh d'Uíbh Fhailí agus do Chathair Bhaile Átha Cliath, shonraigh an Coimisiún na srianta a cuireadh ar ár mbreathnóirí agus iad ag freastal ar an vótáil speisialta, eadhon, bhí orainn fanacht lasmuigh de na seomraí – limistéir phoiblí ainmnithe – inar tharla an vótáil. Chomhlíonamar na coinníollacha freastail sin go cuí. Tar éis machnamh breise a dhéanamh ar na saincheisteanna a tháinig chun cinn maidir leis an méid a cheadaítear dár mbreathnóireachtaí, formhuiníonn an Coimisiún na caighdeáin dea-chleachtais idirnáisiúnta a dtarraingítear aird orthu in *International IDEA Handbook* on *Special Voting Arrangements*:

*"Nuair a bhíonn vótáil shoghluaiste ar siúl in áitreabh atá inrochtana ag an bpobal ar nós ospidéal, tithe altranais agus áiteanna coinneála, ba cheart go mbeadh breathnóirí in ann rochtain a fháil orthu ar na téarmaí céanna le foireann vótála...Ba cheart go mbeadh breathnóirí in ann na taifid agus na hábhair a bhaineann le vótáil shoghluaiste a fhíorú – mar shampla, líon na n-iarratas ceadaithe, líon na mballóidí a eisíodh, líon na mballóidí a cuireadh ar ais, agus taifid liosta na vótálaithe do gach lá vótála soghluaiste. Mar is amhlaidh le Socruithe Speisialta Vótála eile, méadaíonn iontaoibh as ionracas riar an toghcháin muinín as an modh vótála seo."*[29] *lgh 129-130*

Mar a moladh roimhe seo, tá foráil dhlíthiúil shainráite á lorg ag an gCoimisiún maidir lenár bhfreastal agus lenár mbreathnóireacht ag imeachtaí toghcháin (féach an chuid 'Freastal agus Breathnóireacht ar na hImeachtaí Toghcháin', lch 12). Cé go bhfuil reachtaíocht á lorg ag an gCoimisiún chun ár mbreathnóireacht ar vótáil speisialta a leathnú agus a fheabhsú, níl sé i gceist aige go leathnófaí an rochtain sin níos faide ná na limistéir phoiblí atá ainmnithe le haghaidh vótáil speisialta. Tá vótáil speisialta a dhéantar i seomraí daoine atá ina gcónaí in ospidéil, i dtithe altranais agus in institiúidí cúraim go hiomlán lasmuigh de raon feidhme ár ngníomhaíochtaí nó ár gceanglas breathnóireachta.

# 26. Sonraí Vótaí Poist agus Vótaí Speisialta

## Vótaí Speisialta


**Toghchán an Uachtaráin: Miondealú ar na Vótaí Speisialta**

| Catagóir Vótaí | Stádas Vótaí | An Líon Vótaí | % de Vótálaithe Cláraithe |
|---|---|---|---|
| **Vótaí Speisialta Cláraithe** | – | 16,154 | 100.00 |
| **Vótaí Speisialta a Eisíodh** | – | 8,336 | 51.60 |
| **Vótaí Speisialta a Fuarthas** | Ballóidí Speisialta ar Diúltaíodh Dóibh | 28 | 0.17 |
| | Ballóidí Speisialta ar Glacadh Leo | 8,308 | 51.43 |

Bhí 16,154 vótálaithe cláraithe le haghaidh vóta speisialta i mí Dheireadh Fómhair 2025 i gcomparáid le 15,510 le haghaidh an olltoghcháin i mí na Samhna 2024. As na vótálaithe cláraithe sin, eisíodh an vóta speisialta do 8,336 (51.6%) díobh. I gcás an olltoghcháin, as an 15,510 vótálaí cláraithe, eisíodh an vóta speisialta do 9,902 (63.8%) díobh.

## Miondealú ar na Vótaí Speisialta de réir Dáilcheantair

**Toghchán an Uachtaráin 2025: Vótaí Speisialta Eisithe de réir Dáilcheantair**



Ba í Corcaigh Theas-Lár an dáilcheantar leis an líon is mó de vótaí speisialta a eisíodh (344) as an 8,336 vóta speisialta a eisíodh ar fud na tíre. Bhí sciar mór de na vótaí speisialta eisithe sa Chabhán-Muineachán agus i gCill Mhantáin freisin, le 342 agus 333 ballóid speisialta eisithe iontu faoi seach.


## Vótaí Poist

I mí Dheireadh Fómhair 2025, bhí 14,290 toghthóir cláraithe le haghaidh vóta poist do Thoghchán an Uachtaráin i gcomparáid le 15,499 le haghaidh an Olltoghcháin i mí na Samhna 2024.

**Clárú Postvótálaithe de réir Catagóire**

| Catagóir | An Líon Vótálaithe Cláraithe |
|---|---|
| Óglaigh na hÉireann | 8,117 |
| Tinneas nó Míchumas | 3,415 |
| Gairm Bheatha agus Mic Léinn | 1,108 |
| Taidhleoirí | 732 |
| Príosúnaigh | 557 |
| An Garda Síochána | 314 |
| Anaithnid | 47 |
| **An Líon Iomlán Postvótálaithe Cláraithe** | **14,290** |

As an 14,290 postvótálaí cláraithe, bhí 3,415 toghthóir cláraithe le haghaidh vóta poist mar gheall ar mhíchumas nó riocht sláinte. Is laghdú beag é sin ar an líon a chláraigh ar an gcúis sin (3,564) don olltoghchán i mí na Samhna 2024. Ar an iomlán, bhí 24% de na postvótálaithe cláraithe mar gheall ar thinneas nó míchumas do thoghchán an uachtaráin i gcomparáid le 23% don olltoghchán i mí na Samhna 2024. Ba iad comhaltaí Óglaigh na hÉireann an chatagóir ba mhó díobh siúd a chláraigh do vóta poist i dtoghchán an uachtaráin, le 57% de na clárúcháin don phostvótáil (8,117 vóta). Mhéadaigh an líon príosúnach a chláraigh le vótáil ó 492 i mí na Samhna 2024 go 557 i mí Dheireadh Fómhair 2025.




## Miondealú ar na Vótaí Poist


**Toghchán an Uachtaráin: Miondealú ar na Vótaí Poist**

| Catagóir Vótaí | Stádas Vótaí | An Líon Vótaí | % de Vótálaithe Cláraithe | % den Chatagóir |
|---|---|---|---|---|
| **Postvótálaithe Cláraithe** | An Líon Iomlán Vótálaithe Cláraithe | 14,290 | 100.00 | 100.00 |
| **Vótaí Poist a Eisíodh** | An Líon Iomlán Ballóidí Poist a Eisíodh | 14,261 | 99.80 | 100.00 |
| | Ballóidí Poist Nárbh Fhéidir a Sheachadadh | 174 | – | 1.22 |
| | Vótaí Poist a Fuarthas i ndiaidh Chríochnú na Vótaíochta | 71 | – | 0.50 |
| | Ballóidí Poist Nárbh Seoladh ar Ais | 6,024 | – | 42.24 |
| | Ballóidí Poist a Fuarthas | 7,992 | – | 56.04 |
| **Vótaí Poist a Fuarthas** | An Líon Iomlán Ballóidí Poist a Fuarthas | 7,992 | 55.93 | 100.00 |
| | Ballóidí Poist ar Diúltaíodh Dóibh | 391 | – | 4.89 |
| | Ballóidí Poist ar Glacadh Leo | 7,601 | – | 95.11 |

I dToghchán an Uachtaráin in 2025, taifeadadh ráta freagartha 56% ó thoghthóirí ar eisíodh vóta poist dóibh. I gcomparáid leis sin, bhí ráta freagartha 63% ag an olltoghchán i mí na Samhna 2024.


## Miondealú ar na Vótaí Poist de réir Dáilcheantair

**Toghchán an Uachtaráin 2025: Vótaí Poist Eisithe de réir Dáilcheantair**



Ba é an Longfort-an Iarmhí an dáilcheantar leis an líon is mó de vótaí poist a eisíodh ar an iomlán (739) as an 14,261 vóta poist a eisíodh ar fud na tíre. Bhí ráta freagartha beagnach 50% ag an Longfort-an Iarmhí. Eisíodh líon ard vótaí poist do dháilcheantair Chill Dara Theas agus Chorcaí Thoir freisin. Eisíodh an líon vótaí poist is ísle sa Mhí Thiar, Contae Luimnigh, Cill Mhantáin-Loch Garman agus Cathair Luimnigh.

**Toghchán an Uachtaráin 2025: Ráta Freagartha Vótaí Poist de réir Dáilcheantair**




Léirítear an ráta freagartha le haghaidh vótaí poist de réir dáilcheantair sa léarscáil thuas. Tá athrú ar an ráta freagartha don vóta poist (56%) ag brath ar an suíomh. Bhí an ráta freagartha is airde i nDún Laoghaire, áit a raibh ráta freagartha 71%. Chonacthas leibhéil arda de bhallóidí poist a seoladh ar ais freisin i mBaile Átha Cliath-Ráth an Dúin (70%), an Cabhán-Muineachán (69%), Cuan Bhaile Átha Cliath Theas (68%), Maigh Eo (68%) agus Corcaigh Thuaidh-Lár (68%). Ba é Lú, le ráta freagartha 39%, an dáilcheantar leis an ráta freagartha ab ísle.

## Vótaí Poist agus Vótaí Speisialta ar Diúltaíodh dóibh

Ós rud é gur taifeadadh líon iomlán na bpáipéar ballóide poist agus speisialta a cuireadh sa bhosca ballóide mar 15,908 agus gur 16,328 clúdach clúdaigh poist agus speisialta vótálaithe a fuarthas roimh dheireadh na vótála, is é an difríocht de 420 líon iomlán na bpáipéar ballóide poist agus speisialta ar diúltaíodh dóibh.

Mhol an Coimisiún in PEER na Samhna go leasófaí na foirmeacha tuairiscithe a chomhlánaíonn cinn chomhairimh, ionas go gcoinneofaí na staitisticí agus vótaí ón bpostvótáil scartha ó na sonraí faoin vótáil speisialta nuair is féidir. Mar gheall ar chur i bhfeidhm an mholta sin, shonraíomar trí scrúdú a dhéanamh ar na sonraí a chuir an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar fáil don Choimisiún, gur vótaí poist a bhí i 391 díobh siúd a diúltaíodh as an 420 vóta poist agus speisialta agus nár diúltaíodh ach 28 vóta speisialta ag an oscailt. Fáiltítear roimh dheighilt sonraí le haghaidh vótaí poist agus vótaí speisialta agus cabhróidh sé linn amach anseo nuair atá patrúin vótála poist agus vótála speisialta á gur i gcomparáid in imeachtaí toghcháin éagsúla.





# 27. Moltaí PEER[30] – Cairt Dul Chun Cinn

I bhfianaise ról an Choimisiúin Toghcháin mar chomhlacht maoirseachta na hÉireann ar imeachtaí toghcháin, is féidir a bheith ag súil go dtiocfadh líon suntasach moltaí as PEERanna a rinneadh ar ocht n-imeacht toghcháin in imeacht 20 mí.

Leis an sos sa timthriall toghcháin dian seo a luaithe a bheidh na corrthoghcháin a bhfuiltear ag súil leo i mí na Bealtaine 2026 thart, beidh an Coimisiún in ann dul chun cinn a mheas i gcás cuid de na príomh-mholtaí atá liostaithe thíos agus nár cuireadh i bhfeidhm go fóill.

| Moladh | Catagóir | Dul chun cinn |
|---|---|---|
| Lámhleabhair treorach a eisítear do chinn chomhairimh agus d'oifigigh cheannais a chur ar fáil don phobal, le haon sonraí oibríochta rúnda fágtha ar lár. | Treoir | Curtha i bhfeidhm |
| Cur chun cinn a dhéanamh ar úsáid na línte cabhrach saorghlao le haghaidh toghthóirí atá dall nó ar a bhfuil lagú amhairc (i ndiaidh a sheiceáil go bhfuil na línte cabhrach réidh le húsáid go cinnte). | Feasacht | Curtha i bhfeidhm |
| Leasú a dhéanamh ar Fhoirm PV4 – Iarratas ar vóta poist mar gheall ar chúiseanna oibre/ seirbhísí nó staidéir, ionas go sonraítear go soiléir ar an bhfoirm iarratais na ceanglais faoi fhreastal ar stáisiún Gardaí agus an dearbhú aitheantais. | Beartas | Curtha i bhfeidhm |
| Leasú a dhéanamh ar na foirmeacha tuairiscithe a chomhlánaíonn cinn chomhairimh i ndiaidh gach imeachta toghcháin ionas go mbíonn na staitisticí agus vótaí ón bpostvótáil scartha ó na sonraí faoin vótáil speisialta. | Riarachán | Curtha i bhfeidhm |
| Uimhreacha saorghlao a thaispeáint ina dtugtar liosta d'iarrthóirí san ord ina mbíonn siad ar an bpáipéar ballóide go soiléir ar leathanach baile shuíomhanna gréasáin na gceann comhaireamh agus www.gov.ie. | Feasacht | Curtha i bhfeidhm |
| Oiliúint chaighdeánach a chur ar na baill foirne ar fad ag stáisiúin vótála, le béim faoi leith ar a chinntiú go marcáiltear páipéir bhallóide i gceart. | Oiliúint | Ar bun |
| A chinntiú go bhfuil rampaí cathaoireacha rothaí ar fáil áit ar bith a dteastaíonn siad de bharr na ndálaí fisiciúla ag stáisiún vótála, agus go bhfuil comharthaí soiléire ann le haghaidh na mbealaí isteach ar fad atá inrochtana do chathaoireacha rothaí. | Inrochtaineacht | Ar bun |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar an treoir agus ar na hábhair atá ar fáil le haghaidh vótálaithe atá dall nó ar a bhfuil lagú amhairc. | Inrochtaineacht/ Treoir | Ar bun |

| Moladh | Catagóir | Dul chun cinn |
|---|---|---|
| Deireadh a chur le gach táille a bhaineann le teastas leighis a fháil, a ghearrtar ar dhaoine atá ag cur isteach ar an vóta poist mar gheall ar thinneas nó míchumas. | Beartas | Athbhreithniú Roinne ar bun |
| Eolas agus tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil chun feasacht a mhéadú i measc toghthóirí faoi mhíchumas ar an bhféidearthacht a bhaineann le leas a bhaint as an bpostvótáil. | Treoir | Ar bun |
| I bhfianaise na leasuithe a tugadh isteach san Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022, feasacht a mhéadú i measc toghthóirí ar a bhfuil riochtaí meabhairshláinte agus ina measc siúd a chónaíonn i saoráidí meabhairshláinte den fhéidearthacht a bhaineann le leas a bhaint as an bpostvótáil agus as vóta speisialta. | Treoir | Ar bun |
| An t-ábhar vótála ar fad a athbhreithniú ag féachaint le raon níos leithne d'fhormáidí inrochtana a chur ar fáil. | Inrochtaineacht | *National Human Rights Strategy for Disabled People First Programme Plan of Action 2025-2026*[1], Gealltanas 9 – Rannpháirtíocht sa Saol Poiblí agus Polaitiúil Gníomh Tosaíochta 9.3 An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le '[h]ábhar soiléir, simplí agus inrochtana a sholáthar ag imeachtaí toghcháin. Áirítear leis seo tús áite a thabhairt d'inléiteacht ábhar clóite a sholáthraítear ag toghcháin agus reifrinn, agus d'inrochtaineacht faisnéise ar an suíomh gréasáin ag imeachtaí toghcháin.'. |
| Lámhleabhar treorach a fhoilsiú do thoghthóirí ina mínítear na saoráidí agus na háiseanna vótála a bhíonn ar fáil ag stáisiúin vótála. | Treoir | *National Human Rights Strategy for Disabled People First Programme Plan of Action 2025-2026*[1], Gealltanas 9 – Rannpháirtíocht sa Saol Poiblí agus Polaitiúil Gníomh Tosaíochta 9.3 An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le '[h]ábhar soiléir, simplí agus inrochtana a sholáthar ag imeachtaí toghcháin. Áirítear leis seo tús áite a thabhairt d'inléiteacht ábhar clóite a sholáthraítear ag toghcháin agus reifrinn, agus d'inrochtaineacht faisnéise ar an suíomh gréasáin ag imeachtaí toghcháin.'. |

1 https://assets.gov.ie/static/documents/7817e62f/National_Human_Rights_Strategy_for_Disabled_People_2025-2030_Irish_Final.pdf



| Moladh | Catagóir | Dul chun cinn |
|---|---|---|
| Reachtaíocht toghcháin a leasú chun foráil go sainráite do fhreastal fhoireann agus chomhaltaí an Choimisiúin ar stáisiúin vótála agus ionaid chomhairimh le haghaidh na n-imeachtaí toghcháin ar fad. | Reachtach | Le cur i ngníomh |
| Na caighdeáin inrochtaineachta le haghaidh stáisiúin vótála a athbhreithniú agus a leathnú i Seicliosta Inrochtaineachta nuashonraithe. | Inrochtaineacht/ Treoir | Ar bun |
| Rátáil Inrochtaineachta a shannadh do gach stáisiún vótála atá éasca le seiceáil ag toghthóirí roimh dóibh vóta a chaitheamh. | Inrochtaineacht/ Treoir | Le cur i ngníomh |
| A chinntiú go gcuirtear oiliúint chuí ar an bhfoireann ag stáisiúin vótála chun cabhrú le toghthóirí a bhfuil raon míchumas orthu, míchumais neamhfhisiciúla ina measc. | Oiliúint | Le cur i ngníomh |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar na hamlínte reachtúla i ndiaidh lánscor na Dála chun a chinntiú go dtugtar gach deis do vótálaithe vóta poist a eagrú, agus go mbíonn siad siúd a dteastaíonn uathu clárú le vótáil den chéad uair nó ag seoladh nua in ann sin a dhéanamh. | Reachtach | Le cur i ngníomh |
| Treoir a eisiúint d'oifigigh cheannais faoi dhiúscairt shábháilte agus shlán na gcártaí faisnéise vótaíochta a fhágann toghthóirí i stáisiúin vótála. | Beartas | Dea-chleachtas |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar scéimeanna vótála i ndiaidh aon athrú a dhéanamh ar theorainneacha toghcháin mar gheall ar athbhreithniú toghcheantar. | Riarachán | Dea-chleachtas |
| Treoir a eisiúint d'oifigigh cheannais faoin gcaoi le freagairt do chásanna ina n-eisítear páipéir bhallóide don toghcheantar mícheart do thoghthóirí. | Treoir | Dea-chleachtas |
| Mar rogha bhreise ar na suíomhanna gréasáin sin, comhaid fuaime a sholáthar ina nglaoitear amach liosta na n-iarrthóirí san ord ina mbíonn siad ar an bpáipéar ballóide. | Inrochtaineacht/ Treoir | Dea-chleachtas |

# 28. Moltaí nua PEER Dheireadh Fómhair 2025

**Reachtach:**

- Reachtaíocht toghcháin a leasú chun foráil go sainráite do fhreastal fhoireann agus chomhaltaí an Choimisiúin mar bhreathnóirí ar stáisiúin vótála ar lá na vótála agus ar chúraimí riaracháin a bhaineann le riar imeachta toghcháin.

**Beartas:**

- Clárúchán vótálaithe tríd an saorphost a chur ar fáil do gach toghthóir mar rogha ar chlárú ar líne.

**Treoir:**

- Agus meas i gcónaí ar neamhspleáchas na gceann comhairimh ina gcinnteoireacht, treoir nuashonraithe a eisiúint faoin gcaoi agus faoin gcúis a bhféadfaidh cinn chomhairimh a mheas go bhfuil páipéar ballóide neamhbhailí agus sainaithint na catagóire uathu faoina ndearbhaítear go bhfuil vóta neamhbhailí.

**Riarachán:**

- An formáidiú a úsáidtear le haghaidh Fógraí i dtaobh Shuíomh na Stáisiún Vótaíochta a chaighdeánú ar mhaithe le húsáid éifeachtúil agus asbhaint sonraí ar stáisiúin vótála agus áiteanna vótála.
- Foirmeacha tuairiscithe sonraí toghcháin a líonann cinn chomhairimh isteach i ndiaidh gach imeachta toghcháin a leasú ionas go dtaifeadfar 'páipéir bhallóide gan mharc' agus go ndéantar iad a chomhaireamh ar leithligh ó pháipéir ballóide nár 'taispeánadh príomhrogha go soiléir' orthu.



# 29. Na Chéad Chéimeanna Eile

Mar an chéad athbhreithniú comhsheasmhach atá bunaithe ar shonraí ar imeachtaí toghcháin na hÉireann, cuireann PEERanna bunús ar fáil chun monatóireacht a dhéanamh le himeacht ama ar thaithí vótálaithe in Éirinn, sna stáisiúin vótála ina gcaitear vótaí, ach freisin i gcomhthéacs postvótála agus vótála speisialta, chomh maith le nósanna imeachta lena rialaítear comhaireamh vótaí. Is príomhchuspóir PEERanna é feabhsuithe leanúnacha ar an taithí vótála a bhaint amach, go háirithe dóibh siúd a bhféadfadh tacaíocht bhreise a bheith ag teastáil uathu chun páirt a ghlacadh sa phróiseas toghcháin.

San fhadtéarma, tá sé mar aidhm ag an gCoimisiún a chinntiú go ndéanfaidh PEERanna:

- cur le forbairt próisis shainithe riar toghcháin lena n-aithnítear cleachtais agus nósanna imeachta áirithe mar chuid riachtanach, amhail iad siúd a bhaineann le hinrochtaineacht.
- spreagadh a thabhairt do ghlacadh uilíoch tionscnamh dea-chleachtais arna gcur i bhfeidhm ag cinn chomhairimh aonair agus ag baill foirne vótála chun go mbeidh siad ina gcleachtas caighdeánach.
- caidrimh a chothú le riarthóirí toghcháin lasmuigh den timthriall toghcháin.
- caidrimh a fhorbairt agus a neartú le hEagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas, Soláthraithe Seirbhísí Míchumais agus eagraíochtaí eile na sochaí sibhialta, d'fhonn tuiscint chomhroinnte a fháil ar an sprioc choiteann maidir le hinrochtaineacht fheabhsaithe an chórais toghcháin.

I dteannta reáchtáil PEER do na corrthoghcháin i mí na Bealtaine 2026, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún béim athnuaite a chur ar dhul chun cinn i ndáil leis na príomh-mholtaí a eisíodh i ngach tuarascáil PEER go dtí seo, d'fhonn a gcur i bhfeidhm a bhaint amach roimh an gcéad timthriall toghcháin eile atá sceidealaithe le tosú in 2029. Déanfar tuilleadh rannpháirtíochta agus plé leis na páirtithe leasmhara lena mbaineann a chur i ngníomh.

*Ionad Comhairimh, Cill Dara Theas*



# 30. Aguisíní

## Aguisín 1 – Feachtas Eolais do Thoghchán an Uachtaráin i mí Dheireadh Fómhair

Leagtar amach tiomantas an Choimisiúin do rannpháirtíocht an phobail i *Ráiteas Straitéise 2024–2026* dár gcuid. Tugtar breac-chuntas ann ar chur chuige atá sainoiriúnaithe chun oideachas a chur ar an toghlacht agus feasacht a mhéadú ina measc chun go mbeifí rannpháirteach in imeachtaí toghcháin.

Roimh lá na vótála do Thoghchán an Uachtaráin, reáchtáil an Coimisiún feachtas náisiúnta spriocdhírithe chun an pobal a chur ar an eolas agus a chur i mbun plé ar an toghchán agus an gá atá le bheith cláraithe agus le vóta a chaitheamh.

Bhí an feachtas cumarsáide agus rannpháirtíochta pobail ar cheann de na feachtais is cuimsithí go dtí seo ón gCoimisiún, agus bhí sé ar bun ó mhí Lúnasa 2025 go dtí lá na vótála ar an 24 Deireadh Fómhair, agus ar lá na vótála féin.

Bhí trí chéim ar leith ag baint lenár straitéis cumarsáide idir mí Lúnasa agus lá na vótála:

1. Daoine incháilithe a fháil cláraithe le vóta a chaitheamh agus daoine a spreagadh lena sonraí clárúcháin a nuashonrú.
2. Daoine a chur ar an eolas faoi thoghchán an uachtaráin, agus faoin gcaoi le vóta a chaitheamh,
3. Daoine a spreagadh le dul go dtí an stáisiún vótála chun vóta a chaitheamh ar lá na vótála.

Bhí an-suim san fheachtas i measc an phobail agus na meán. D'fhreagraíomar fadhbanna agus ceisteanna a tháinig chun cinn i rith an fheachtais go dinimiciúil, go háirithe i ndiaidh do dhuine de na hiarrthóirí deireadh a chur leis an bhfeachtasaíocht. Chuireamar ábhar soiléir, údarásach agus eolach ar fáil trí na meáin nuachta agus ar ár gcainéil meán sóisialta agus suíomh gréasáin féin.

Ba mhór againn go bhfacthas 60,733 iarratas nua ó vótálaithe agus 30,424 iarratas ar nuashonrú i rith thréimhse ár bhfeachtais, agus neart rannpháirtíocht dhearfach ó dhaoine.

Bhuail an Coimisiún leis na mílte daoine óga ag clár imeachtaí a chuimsigh Electric Picnic, an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, cruinnithe poiblí, seimineáir ghréasáin, agus imeachtaí ar champais scoile agus choláiste ar fud na tíre. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leo siúd ar fad a ghlac am chun labhairt linn agus páirt a ghlacadh inár bhfeachtas.

I ndiaidh an chomhairimh, dhearbhaigh an Coimisiún go raibh méadú 1.93% ar an líon daoine a vótáil i gcomparáid le toghchán an uachtaráin dá leithéid in 2018, le méadú 164,098 ar an líon vótálaithe.

Léirigh anailís ar ár bhfeachtas fógraíochta trí chéile gur aimsigh sé lucht féachana measta de 1.1 milliún duine fásta i measc daoine 18–45 bliain d'aois amháin. Léirigh ár dtaighde i ndiaidh an fheachtais freisin go dteastaíonn tuilleadh eolais fós ó 80% díobh siúd atá 18–24 bliain d'aois ón gCoimisiún faoi conas vóta a chaitheamh, an méid a theastaíonn uathu chun vóta a chaitheamh, an chaoi leis an gclár a sheiceáil, agus cuirfidh an léargas sin lenár bpleanáil d'fheachtais amach anseo.

**Rannpháirtíocht sna meáin**

Is féidir ár rannpháirtíocht sna meáin a roinnt idir gnéithe réamhghníomhacha agus gnéithe freagrúla. Ón 28 Lúnasa go dtí spriocdháta an chlárúcháin do vótálaithe ar an 7 Deireadh Fómhair, thugamar faoi agallaimh áitiúla agus náisiúnta inar díríodh ar chlárú vótálaithe, agus ansin ón 13 Deireadh Fómhair go dtí an 24 Deireadh Fómhair, aistríodh ár mbéim go daoine incháilithe a spreagadh le dul amach agus vótáil.

Toisc gur cuireadh deireadh le feachtasaíocht iarrthóra amháin, cuireadh líon mór ceisteanna faoin liosta iarrthóirí, agus faoi stádas an pháipéir ballóide. Mar fhreagra air sin, d'oibrigh an Coimisiún le heagraíochtaí meán chun físeáin mhíniúcháin a chruthú agus a scaipeadh. Taispeánadh iad ar RTÉ agus ar phodchraoltaí ó The Irish Times, RTÉ, Newstalk agus The Journal.

I rith an fheachtais, thug Art O'Leary, an Príomhfheidhmeannach; an Breitheamh Marie Baker, ár gCathaoirleach; Kieran Lenihan, an Ceannasaí Oibríochtaí Toghcháin; Sarah Keaveney, an Bainisteoir Oideachais; agus Brian Dawson, an Bainisteoir Cumarsáide, faoi 79 agallamh leis na meáin le hiriseoirí craolta, podchraolta, prionta agus ar líne. Thug Antóin Ó Trinlúin ón gCoimisiún faoi cheithre agallamh leis na meáin Ghaeilge. Thug an Coimisiún freagra díreach freisin ar cheisteanna ó na meáin faoi na toghcháin trínár bhfeidhm preasoifige.

**Feachtas fógraíochta**

Bhí ár bhfeachtas fógraíochta ar siúl ar feadh naoi seachtaine ón 1 Meán Fómhair go dtí an 23 Deireadh Fómhair. Cuireadh ar bun é ar ardáin éagsúla, agus bhí ábhar teilifíse, raidió, prionta, lasmuigh, ar thaispeáint dhigiteach, closábhar clár agus ar chainéil meán sóisialta ina chuid de.

Léirigh ár dtaighde margaidh féin gur gá do dhaoine plean a dhéanamh roimh lá na vótála chun am a chur ar leataobh don vótáil. Chuige sin, d'úsáideamar gné comhaireamh síos den chéad uair ar fud ár suíomhanna prionta agus digiteacha lasmuigh. Ón 17–24 Deireadh Fómhair, nuashonraíodh taispeáintí digiteacha ar fud na tíre gach lá chun an comhaireamh síos go dtí lá na vótála a léiriú. Mheabhraigh an infheictheacht mhéadaithe sin do dhaoine gur theastaigh plean chun a vóta féin a chaitheamh.

Cuireadh cód QR féilire ar fhógraí freisin mar ghné nuálach eile a thriaileamar den chéad uair. Rinneadh 5,634 scan san iomlán agus chuir 51% de na daoine a scan an QR lá na vótála lena bhféilirí pearsanta. Léiríomar gur féidir le gné shimplí 'cuir le féilire' chun tacú le pleanáil na vótálaithe cabhrú le rún vótálaí a thiontú ina ghníomh.

Ba é seo an chéad uair a chuamar i gcomhpháirt le podchraoltóirí agus cruthaitheoirí inneachar meán sóisialta ar Facebook, Instagram agus TikTok. Ba bhealach éifeachtach na comhpháirtíochtaí sin chun dul i bhfeidhm ar lucht spéise ar na meáin shóisialta nach mbíonn ag plé leis na meáin thraidisiúnta i gcónaí.

**Imeachtaí feachtais**

Chonaic toghchán an uachtaráin an feachtas rannpháirtíochta poiblí ba mhó riamh againn agus díríodh go sonrach ar vótálaithe óga a mhealladh. Bhí an spriocdhíriú sin bunaithe ar Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais (NEDS) an Choimisiúin ar Olltoghchán 2024 inar fuarthas amach gurbh iad na daoine idir 18 agus 34 bliain d'aois a ndearnadh suirbhé orthu an grúpa ba mhó de vótálaithe incháilithe (68%) nár chláraigh le vótáil agus dá bhrí sin nár thug siad a dtuairim in iúl san Olltoghchán is déanaí.

Roghnaíomar go cúramach na himeachtaí is ábhartha le bheith i gcomhpháirtíocht leo chun an tionchar is mó a imirt agus clárú vótálaithe a threisiú i measc daoine idir 18 agus 34 bliain d'aois.

Den chéad uair riamh, chuaigh an Coimisiún i gcomhpháirtíocht fhoirmiúil le Electric Picnic agus cuireadh béim shuntasach ar chlárú vótálaithe ag an bhféile cheoil agus ealaíon is mó in Éirinn. Mar chuid den chomhpháirtíocht sin, bhí puball fisiciúil againn, chomh maith le cur chun cinn ar líne agus in aip, comórtais agus láithreacht fógraíochta ar scáileáin mhóra na féile. Ina theannta sin, i mí Mheán Fómhair bhíomar i láthair den chéad uair ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta.

I gcás an dá imeacht náisiúnta ardphróifíle sin, bhí láithreacht fhisiciúil shuntasach ag an gCoimisiún le puball dhea-shuite a raibh líon mór daoine ag teacht chucu. Baineadh úsáid as roth rothlach, ballóidí bréige agus cáirióice chun rannpháirtíocht agus eolas a chur ar fáil

ar bhealach spraíúil agus inrochtana. A bhuí le húsáid táibléad le WiFi, bhí foireann an Choimisiúin in ann daoine a chlárú, go litriúil, ar an láthair freisin. I rith an dá imeacht, caitheadh 4,046 vóta i dtoghcháin bhréige, rud a thug deis dúinn oiliúint a chur ar dhaoine maidir le conas vótáil. Ghin na himeachtaí sin clúdach suntasach sna meáin freisin.

Agus an feachtas toghcháin ar siúl ag an am céanna leis an mbliain oideachais nua, thugamar cuairt ar 17 gcampas dara agus tríú leibhéal agus aontaí do mhic léinn nua ar fud na tíre le linn an fheachtais, ag clárú mic léinn le vótáil.

De réir na béime foriomláine ar inrochtaineacht, chruthaigh agus dháil an Coimisiún dhá leabhrán Éasca le Léamh le hIonchuimsiú Éireann; dhírigh ceann amháin ar conas clárú agus an ceann eile ar vóta a chaitheamh i dToghchán an Uachtaráin.

Bhí béim inár bhfeachtas freisin ar fhógraíocht dhátheangach agus ar eolas a chur ar fáil i nGaeilge. Caitheadh 5% dár gcaiteachas meán ar eagraíochtaí meán Gaeilge amháin agus caitheadh 25% de chaiteachas iomlán an fheachtais ar fhógraíocht Ghaeilge.

**Na meáin shóisialta**

Roinn an Coimisiún sceideal de phoist agus físeáin mhealltacha agus fhaisnéiseacha ar raon cainéil meán sóisialta faoi úinéireacht (X, Instagram, Facebook, Threads, Snapchat, TikTok agus LinkedIn). Cuireadh breis agus 52 milliún imprisean ar fud Meta, TikTok agus Snapchat. Nuálaíocht nua don fheachtas seo ab ea an tsraith físeán a chruthaíomar ar a dtugtar Voter's Voices. Chuireamar ceathrar vótálaithe éagsúla faoi agallamh agus mhínigh siad cén fáth a bhfuil vótáil tábhachtach dóibh. Baineadh úsáid as na físeáin sin sna cúig lá dheireanacha den fheachtas mar ghlao aonair chun gnímh chun daoine a spreagadh chun dul amach agus a vóta a úsáid. Breathnaíodh ar na físeáin 132,567 uair san iomlán sa tseachtain dheireanach den fheachtas.

Cuireadh leathanach Ceisteanna Coitianta a nuashonraíodh go rialta ar ár suíomh gréasáin i dteannta le poist faisnéise ar fud ár gcainéal meán sóisialta maidir le conas vótáil agus faoi vótaí millte agus neamhbhailí.

**Suíomh gréasáin**

Cuireadh eolas spriocdhírithe agus ceisteanna coitianta faoi Thoghchán an Uactaráin ar ár suíomh gréasáin, www.electoralcommission.ie, le leagan amach atá éasca le húsáid agus taithí úsáideora atá dírithe ar inrochtaineacht, go háirithe dóibh siúd atá faoi mhíchumas.

D'fhreagair an rannóg Ceisteanna Coitianta go háirithe go dinimiciúil do cheisteanna faoin bpáipéar ballóide, an chaoi le vóta a chaitheamh agus ceisteanna faoi vótaí neamhbhailí.

I rith thréimhse an fheachtais, bhí 189,986 amharc ar ár suíomh gréasáin. Astu siúd, b'úsáideoirí uathúla 135,719 agus b'úsáideoirí nua 134,000. Ar lá na vótála, bhí 47,525 amharc ar an suíomh gréasáin. Ba iad na leathanaigh ba mhó ar amharcadh orthu i rith an fheachtais:

1. Toghcháin an Uachtaráin
2. Conas Vóta a Chaitheamh
3. Cláraigh le Vótáil
4. Ceisteanna Coitianta

As líne, thug baill foirne an Choimisiúin thart ar 700 freagra díreach ar cheisteanna ón bpobal agus fiosrúcháin i rith thréimhse an fheachtais ar an nguthán, ar ríomhphost agus sa phost.

## Aguisín 2 – Innéacs na Stáisiún Vótála ar Tugadh Cuairt Orthu

**1. An Líon Toghthóirí Is Mó**

Tugadh cuairt ar 48 foirgneamh ina bhfuil cuid den líon toghthóirí is mó i ngach ceann den 43 dáilcheantar agus 26 contae, bunaithe ar eolas ó na *Fógraí Stáisiúin Vótála* a d'fhoilsigh gach ceann comhairimh roimh Thoghchán an Uachtaráin.

| | Stáisiún Vótála | Dáilcheantar (Contae) | Seoladh |
|---|---|---|---|
| 1 | St. Laurence O'Toole Athletics Club | Ceatharlach-Cill Chainnigh (Ceatharlach) | An Easca, Ceatharlach, Co. Cheatharlach, R93 K5P2. |
| 2 | S.N. Naomh Eoin (Sráid an Bhaile Bhoicht) | Ceatharlach-Cill Chainnigh (Cill Chainnigh) | Sráid an Bhaile Bhoicht, Cill Chainnigh, Co. Chill Chainnigh, R95 NH66. |
| 3 | Scoil Náisiúnta Naomh Áine (Coill an Chollaigh) | An Cabhán-Muineachán (An Cabhán) | Tóin re Gaoith, Coill an Chollaigh, Co. an Chabháin, A82 DR53. |
| 4 | Scoil Rois (Carraig Mhachaire Rois) | An Cabhán-Muineachán (Muineachán) | An Chlochbhuaile, Carraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin, A81 H663. |
| 5 | Bunscoil CBS Inis | An Clár | An Bóthar Nua, Inis, Co. an Chláir, V95 CXV8. |
| 6 | My Place, Mainistir na Corann | Corcaigh Thoir | Mainistir na Corann, Co. Chorcaí, P25 YT50. |
| 7 | S.N. Chill Ruáin | Corcaigh Thuaidh-Lár | Cill Ruáin, Gleann Maghair, Co. Chorcaí, T45 CA19. |
| 8 | Scoil Náisiúnta Bhuachaillí Naomh Colmáin (Maigh Chromtha) | Corcaigh Thiar Thuaidh | An Sléibhín Thoir, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí, P12 RV06. |
| 9 | Scoil Phádraig Naofa (Baile an Róistigh) | Corcaigh Theas-Lár | Foxwood, Baile an Róistigh, Co. Chorcaí, T12 HX79. |
| 10 | Scoil na mBuachaillí (Cloich na Coillte) | Corcaigh Thiar Theas | O'Rahilly Street, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí, P85 X788. |
| 11 | Scoil Mhuire Gan Smál (Leitir Ceanainn) | Dún na nGall | Bóthar Chnoc na Foraire, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall, F92 CK27. |
| 12 | Halla Scoil Náisiúnta Eoin Bosco | Baile Átha Cliath Thiar | Bóthar na hUaimhe, Baile Átha Cliath 7, D07 WP22. |
| 13 | Halla Paróiste Naomh Gaibréal | Cuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh | Bóthar Naomh Gaibréal, Baile Átha Cliath 3, D03 P6F6. |
| 14 | Bunscoil San Críostóir | Cuan Bhaile Átha Cliath Theas | Bóthar Haddington, Baile Átha Cliath 4, D04 FP20. |
| 15 | Baile Bodhar Éireann | Baile Átha Cliath Láir | Bóthar Ráth Tó, Baile Átha Cliath 7, D07 P973. |

| | Stáisiún Vótála | Dáilcheantar (Contae) | Seoladh |
|---|---|---|---|
| 16 | Scoil Náisiúnta Bhuachaillí Bhaile Phámar | Baile Átha Cliath Thiar-Meán | Ascaill Bhaile Phámar, Baile Átha Cliath 20, D20 W227. |
| 17 | Scoil Náisiúnta Bhuachaillí Naomh Cainneach | Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh | Bóthar Bhaile Gall Thiar, Baile Átha Cliath 11, D11 TW01. |
| 18 | Scoil Náisiúnta Shóisearach Athrachta | Baile Átha Cliath-Ráth an Dúin | Bóthar an Átha Leathain, Baile Átha Cliath 16, D16 P891. |
| 19 | Scoil Náisiúnta Our Lady Of Hope | Baile Átha Cliath Theas-Lár | Bóthar Ard Mhacha, Baile Átha Cliath 12, D12 W524. |
| 20 | Scoil Náisiúnta Shóisearach Chnoc Lín | Baile Átha Cliath Thiar Theas | Ascaill Ó Dróna, Baile Átha Cliath 16, D16 H337. |
| 21 | Scoil Náisiúnta na nAingeal Coimhdeachta | Dún Laoghaire | Ascaill Pháirc an Bhaile Nua, An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath, A94 H395. |
| 22 | Scoil Náisiúnta Eoin Pól II | Baile Átha Cliath-Fine Gall Thoir | Céide Inbhear Íde, Mullach Íde, Co. Bhaile Átha Cliath, K36 P796. |
| 23 | Ionad Pobail Phléimeannaigh | Baile Átha Cliath-Fine Gall Thiar | Lána na Gráige, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath, K32 HD28. |
| 24 | Scoil Náisiúnta Íde (Baile Locha Riach) | Gaillimh Thoir | Cross Street, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe, H62 EE06. |
| 25 | Gaelscoil Mhic Amhlaidh | Gaillimh Thiar | Cnoc na Cathrach, Gaillimh, H91 FV4D. |
| 26 | Clochar na Toirbhearta (Trá Lí) | Ciarraí | Sráid Uachtarach an Chaisleáin, Trá Lí, Co. Chiarraí, V92 K768. |
| 27 | Scoil Náisiúnta Achadh Ard | Cill Dara Thuaidh | Thornhill Gardens, Cill Droichid, Co. Chill Dara, W23 YY00. |
| 28 | Bunscoil Bhríde | Cill Dara Theas | Grey Abbey Road, Co. Chill Dara, R51 XY30. |
| 29 | Scoil Shinsearach an Teaghlaigh Naofa | Laois | Achadh an Chairn, Port Laoise, Co. Laoise, R32 N8C2. |
| 30 | Scoil Náisiúnta Bhuachaillí Ó Curnáin | Contae Luimnigh | An Gort Buí, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh, V42 X343. |
| 31 | Scoil Náisiúnta Chailíní Chathair Dháibhín | Cathair Luimnigh | Cathair Dháibhín, Luimneach, Co. Luimnigh, V94 A5N7. |
| 32 | Scoil Náisiúnta Chorr na Madadh | An Longfort-An Iarmhí (An Iarmhí) | Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 TR23. |
| 33 | Club CLG Fhlipeadóirí Longfoirt | An Longfort-An Iarmhí (An Longfort) | Fearann Uí Dhúgáin, An Longfort, N39 R8W3. |
| 34 | Scoil Náisiúnta na gCreagacha Dubha | Lú | Sandy Lane, Na Creagacha Dubha, Co. Lú, A91 AK57. |
| 35 | Bunscoil Chaisleán an Bharraigh (Scoil Phádraig) | Maigh Eo | The Lawn, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo, F23 YD79. |



| | Stáisiún Vótála | Dáilcheantar (Contae) | Seoladh |
|---|---|---|---|
| 36 | Scoil Náisiúnta Dhún Búinne | An Mhí Thoir | Bóthar an Stáisiúin, Dún Búinne, Co. na Mí, A86 X857. |
| 37 | Scoil Náisiúnta Naomh Stiofáin (Baile Sheoin) | An Mhí Thiar | Baile Sheoin, An Uaimh, Co. na Mí, C15 AE03. |
| 38 | Bunscoil Naomh Pádraig | Uíbh Fhailí | Ascaill Mhic Giolla Rua, Éadan Doire, Co. Uíbh Fhailí, R45 XV22. |
| 39 | Scoil an Chroí Naofa (Béal Átha na Sluaighe) | Ros Comáin-Gaillimh (Gaillimh) | Sráid an Chumainn, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe, H53 W603. |
| 40 | The Quad Centre, Ros Comáin | Ros Comáin-Gaillimh (Ros Comáin) | An Cuarbhóthar, Ros Comáin, Co. Ros Comáin, F42 CH70. |
| 41 | Scoil Ursula | Sligeach-Liatroim (Sligeach) | Bóthar an Leathrois, Sligeach, F91 WD27. |
| 42 | Scoil Mhuire | Sligeach-Liatroim (Liatroim) | Dublin Road, Cora Droma Rúisc, Co. Liatroma, N41 YX27 |
| 43 | Scoil Nua Bhuachaillí Chaisil | Tiobraid Árann Theas | Old Road, Caiseal, Co. Thiobraid Árann, E25 R259. |
| 44 | Bunscoil CBS (Durlas) | Tiobraid Árann Thuaidh | Durlas, Co. Thiobraid Árann, E41 XY10. |
| 45 | Bunscoil Ghlór na Mara | Port Láirge | Convent Hill, Trá Mhór, Co. Phort Láirge, X91 Y924. |
| 46 | Scoil Mhuire (Na Botha Fuara) | Loch Garman | Coolcotts Lane, Loch Garman, Co. Loch Garman, Y35 TR29. |
| 47 | Scoil Náisiúnta Naomh Fhearghail | Cill Mhantáin | Bóthar na Scoileanna, Bré, Co. Chill Mhantáin, A98 A521. |
| 48 | Scoil Náisiúnta Loreto | Cill Mhantáin-Loch Garman | Bóthar Naomh Mícheál, Guaire, Co. Loch Garman, Y25 HD34. |

### 2. Toghthóirí os cionn 80 bliain d'aois

Tugadh cuairt ar 15 stáisiún vótála in TRanna a sainaithníodh i nDaonáireamh 2022 mar chuid de na TRanna ag a bhfuil an dlús is airde de chónaitheoirí atá os cionn 80 bliain d'aois.

| | Toghroinn | Dáilcheantar (Contae) | Stáisiún Vótála & Seoladh |
|---|---|---|---|
| 1 | Tír an Iúir-San Séamas | Baile Átha Cliath Thiar Theas | S.N.S. an Spioraid Naoimh, Lána na Tiníleach, Baile Átha Cliath 12, D12 AY63. |
| 2 | Cluain Caoin | Gaillimh Thoir | S.N. Áth Tíomáin, Áth Tíomáin, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe, H65 YX73. |
| 3 | Baile Mhic Coiligh | Port Láirge | Ionad Paróiste an Chroí Ró-Naofa, An Ghráinseach Íochtarach, Port Láirge, Co. Phort Láirge, X91 V382. |
| 4 | Cnoc Mhuire Theas | Maigh Eo | Scoil Náisiúnta Chnoc Mhuire, Cnoc Mhuire, Co. Mhaigh Eo, F12 KF89. |
| 5 | Clais Láir | An Cabhán-Muineachán (Muineachán) | Scoil Náisiúnta Lios Dúnáin, Droim Loirge, Carraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin, A81 WR65. |
| 6 | Éadan Mór | Cuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh | Scoil Náisiúnta Shinsearach Chailíní Naomh Eithne, Páirc Éadan Mór, Baile Átha Cliath 5, D05 NH04. |
| 7 | Baile Gall B | Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh | Scoil Náisiúnta Bhuachaillí an Chroí Ró-Naofa, Bóthar Chainnigh, Baile Átha Cliath 11, D11 XE17. |
| 8 | Deilginis-Blóic | Dún Laoghaire | Halla Baile Dheilginse, Sráid an Chaisleáin, Deilginis, Co. Bhaile Átha Cliath, A96 DE61. |
| 9 | Beaumont A | Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh | Coláiste Mhuire na Trócaire, Bóthar Beaumont, Baile Átha Cliath 9, D09 V327. |
| 10 | An Baile Nua | Port Láirge | Scoil Náisiúnta an Bhaile Nua, An Baile Nua, Coill Mhic Thomáisín, Co. Phort Láirge, X42 VW64. |
| 11 | Montenotte B | Corcaigh Thuaidh-Lár | Scoil Éanna (Montenotte), Bóthar Ghleann Maghair Láir, Montenotte, Co. Chorcaí, T23 Y439. |
| 12 | Carraig an tSionnaigh-Páirc na Feá | Dún Laoghaire | Scoil Náisiúnta Chill na Gráinsí, Cill na Gráinsí, An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath, A94 X225. |
| 13 | Béal an Átha Móir | Maigh Eo | Scoil Náisiúnta na Creagaí, An Chreagach, Balla, Co. Mhaigh Eo, F23 A590. |
| 14 | Cluain Fada | An Longfort-An Iarmhí (An Iarmhí) | Scoil Náisiúnta Bhaile Uí Dhálaigh, Baile Uí Dhálaigh, An Muileann gCearr, Contae na hIarmhí, N91 W207. |
| 15 | Deilginis-Avondale | Dún Laoghaire | Scoil Náisiúnta Ghleann na gCaorach/ Chill Iníon Léinín, Bóthar Chill Iníon Léinín, Co. Bhaile Átha Cliath, A96 P585. |

### 3. Cás-staidéar: Úsáideoirí Cathaoireacha Rothaí

Tugadh cuairt ar chúig stáisiún vótála i gContae Dhún na nGall in éineacht le Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (IWA) agus a n-úsáideoirí seirbhíse.

| | Stáisiún Vótála | Dáilcheantar (Contae) | Seoladh |
|---|---|---|---|
| 1 | Scoil Náisiúnta Chill Mhic Réanáin (Scoil Cholmcille) | Dún na nGall | An Más Riabhach, Cill Mhic Réanáin, Co. Dhún na nGall, F92 P934. |
| 2 | Seanteach na Cúirte | Dún na nGall | Bóthar an Ghiúistís Breathnach, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall, F92 YH33. |
| 3 | Scoil Náisiúnta Naomh Baoithín | Dún na nGall | Chapel Road, Baile Suingean, Co. Dhún na nGall, F93 WN24. |
| 4 | S.N. an Bhaile Nua | Dún na nGall | Bankin Lane, An Baile Nua, Co. Dhún na nGall, F93 WN51. |
| 5 | Scoil Mhuire Gan Smál (Leitir Ceanainn)* | Dún na nGall | Bóthar Chnoc na Foraire, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall, F92 CK27. |

*tugadh cuairt ar an stáisiún vótála seo freisin mar chuid de *Chatagóir 1: An Líon Toghthóirí Is Mó.*

### 4. Cás-staidéar: Vótálaithe ar a bhfuil Siondróm Down

Tugadh cuairt ar cheithre stáisiún vótála i gContae Chiarraí in éineacht le Down Syndrome Ireland (DSI) agus a n-úsáideoirí seirbhíse.

| | Stáisiún Vótála | Dáilcheantar (Contae) | Seoladh |
|---|---|---|---|
| 1 | Scoil Náisiúnta Oilibhéar Naofa (Béal Átha Longfoirt) | Ciarraí | Béal Átha Longfoirt, Co. Chiarraí, V31 KD88. |
| 2 | Bunscoil na Toirbhirte (Lios Tuathail) | Ciarraí | Bóthar an Chlochair, Lios Tuathail, Co. Chiarraí, V31 CX52. |
| 3 | Bunscoil CBS (Trá Lí) | Ciarraí | Trá Lí, Co. Chiarraí, V92 FD62. |
| 4 | Scoil Náisiúnta an Chuileannaigh (Lios an Phúca) | Ciarraí | Cuileannach Uachtarach, Lios an Phúca, Co. Chiarraí, V93 RC81. |

### 5. Rannpháirtíocht an Phobail

Thug an Coimisiún cuairt ar 12 stáisiún vótála de bharr ceisteanna a tharraing an pobal, a n-ionadaithe nó tuairiscí sna meáin anuas.

| | Stáisiún Vótála | Dáilcheantar (Contae) | Seoladh |
|---|---|---|---|
| 1 | Scoil Náisiúnta Charraig na bhFear | Corcaigh Thuaidh-Lár | Carraig na bhFear, Co. Chorcaí, T34 PP30. |
| 2 | Scoil Náisiúnta Phádraig (Mala) | Corcaigh Thuaidh-Lár | An Bóthar Nua, Mala, Co. Chorcaí, P51 TD30. |
| 3 | Ionad Paróiste Sheantraibh | Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh | Bailtíní Sheantraibh, Lána an Teampaill, Baile Átha Cliath 9, D09 CV90. |
| 4 | The Park Community Centre | Baile Átha Cliath Thiar Theas | Bóthar Fhearann na Páirce, Baile Átha Cliath 24, D24 AH70. |
| 5 | Scoil Naomh Pádraig | Baile Átha Cliath Thiar Theas | Corrán Bhaile Uí Ruáin, Baile Átha Cliath 16, D16 XK80. |
| 6 | Scoil Náisiúnta an Eanaigh | Gaillimh Thoir | Annagh Cross, Béal Átha Glúinín, Co. na Gaillimhe, H54 F104. |
| 7 | Scoil Náisiúnta Phort Omna | Gaillimh Thoir | St. Bridget's Road, Port Omna, Co. na Gaillimhe, H53 C792. |
| 8 | The Band Hall (An Baile Mór) | Cill Dara Theas | Fearann an Easpaig, An Baile Mór, Co. Chill Dara, W91 D958. |
| 9 | Bunscoil an Chlochair | Cill Dara Thuaidh | Bóthar na Sollán, An Nás, Co. Chill Dara, W91 XC94. |
| 10 | Scoil J.F.K. | Cathair Luimnigh | Bóthar na hInse, Luimneach, Co. Luimnigh, V94 P9E8. |
| 11 | Scoil Náisiúnta Mhuire Gan Smál | Lú | An Niús, Clais an Ghainimh, Tearmann Feichín, Co. Lú, A92 A567 |
| 12 | Scoil Náisiúnta an Bhaile Nua | Ros Comáin-Gaillimh (Ros Comáin) | Corraun, Tearmann Bearaigh, Co. Ros Comáin, N39 P226. |

### 6. Dáileadh Tíreolaíoch

Tugadh cuairt ar sheacht stáisiún vótála chun a chinntiú go ndearnadh dóthain ionadaíochta ar oileáin amach ón gcósta, ceantair Ghaeltachta agus réigiúin eile a sainaithníodh.

| | Stáisiún Vótála | Dáilcheantar (Contae) | Seoladh |
|---|---|---|---|
| 1 | S.N. Bhaile Mhic Íre | Corcaigh Thiar Thuaidh | Baile Mhic Íre, Co. Chorcaí, P12 HW02. |
| 2 | Scoil Éinne | Gaillimh Thiar | An Spidéal, Co. na Gaillimhe, H91 N9C9. |
| 3 | Bunscoil Ráth Chairn | An Mhí Thiar | Ráth Chairn, An Uaimh, Co. na Mí, C15 WT18. |
| 4 | Scoil Ultain Naofa | An Mhí Thoir | Baile Ghib, An Uaimh, Co. na Mí, C15 PD95. |
| 5 | An Seanteach Scoile (Faoide) | Corcaigh Thiar Theas | Tranaha, Faoide, Co. Chorcaí, P75 DH32. |
| 6 | S.N. Chliara | Maigh Eo | An Chill, Cliara, Co. Mhaigh Eo, F28 F516. |
| 7 | S.N. Cholmcille | Dún na nGall | Bóthar an Chlochair, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall, F92 A386. |

### 7. Ceantair faoi Mhíbhuntáiste

Roghnaíodh deich stáisiún vótála ar fud na sé dháilcheantar is lú cuairteanna ón gCoimisiún i rith cuairteanna PEER roimhe seo. Bhí na stáisiúin vótála ar fad ar tugadh cuairt orthu i gceantair a sainaithníodh mar 'Faoi Mhíbhuntáiste Mór' in Innéacs Díothachta Pobal.

| | Stáisiún Vótála | Dáilcheantar (Contae) | Seoladh |
|---|---|---|---|
| 1 | Scoil Náisiúnta Naomh Iósaf (Mainistir Fhear Maí) | Corcaigh Thoir | Saint Bernard Place, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí, P61 YR82. |
| 2 | Scoil Naomh Pádraig (Ceann Toirc) | Corcaigh Thiar Thuaidh | Mill Road, Ceann Toirc, Co. Chorcaí, P51 K03D. |
| 3 | Bunscoil CBS na Rátha | Corcaigh Thiar Thuaidh | Bakers Road, An Ráth, Co. Chorcaí, P56 RX94. |
| 4 | Ionad Eaglais na hÉireann, Baile Átha Í | Cill Dara Theas | Janeville, Baile Átha Í, Co. Chill Dara, R14 HX26. |
| 5 | Scoil Náisiúnta Dhamhliag | An Mhí Thoir | Baile Sarna, Damhliag, Co. na Mí, A92 C903. |
| 6 | Scoil Oilibhéir Naofa | An Mhí Thoir | Bóthar an Chósta, Baile an Bhiataigh, Co. na Mí, A92 H762. |
| 7 | Scoil Náisiúnta an tSeanchaisleáin | An Mhí Thiar | Sráid an Teampaill, An Seanchaisleán, Co. na Mí, A82 E400. |
| 8 | Scoil Náisiúnta Bhaile Íomhair | An Mhí Thiar | Bóthar an Mhuilinn Chearr, Baile Íomhair, Co. na Mí, C15 AE33. |
| 9 | Scoil Náisiúnta Fhearna | Cill Mhantáin-Loch Garman | Main Street, Fearna, Co. Loch Garman, Y21 H9P8. |
| 10 | Scoil Náisiúnta Mhuire Lourdes | Cill Mhantáin-Loch Garman | Bun Clóidí, Co. Loch Garman, Y21 R820. |



## Aguisín 3 – Anailís Staitistiúil ar Sheicliosta PEER

| Ceist Sheicliosta PEER | ✓ | ✗ | N/B |
|---|---|---|---|
| Comharthaíocht (Treochomharthaíocht) | 39% | 61% | 0% |
| Comharthaíocht (Fógra) | 99% | 1% | 0% |
| Canbhasáil (Póstaeir) | 2% | 98% | 0% |
| Canbhasáil (Eile) | 1% | 98% | 1% |
| Páirceáil (Ginearálta) | 93% | 7% | 0% |
| Páirceáil (Páirceáil do Dhaoine faoi Mhíchumas) | 67% | 33% | 0% |
| Guaiseacha (Céimeanna) | 9% | 91% | 0% |
| Guaiseacha (Eile) | 7% | 93% | 0% |
| Úsáid Cathaoireach Rothaí (Príomhbhealach Isteach) | 94% | 6% | 0% |
| Úsáid Cathaoireach Rothaí (Comharthaíocht) | 49% | 40% | 11% |
| Úsáid Cathaoireach Rothaí (Rampa Ar Fáil) | 47% | 2% | 51% |
| Úsáid Cathaoireach Rothaí (Rampa Buan) | 41% | 6% | 53% |
| Úsáid Cathaoireach Rothaí (Rampa Sealadach) | 6% | 41% | 53% |
| Úsáid Cathaoireach Rothaí (Bealach Isteach Eile) | 3% | 3% | 94% |
| Leagan Amach (Dálaí Leordhóthanacha) | 99% | 1% | 0% |
| Leagan Amach (Sreabhadh Vótála) | 100% | 0% | 0% |
| Leagan Amach (Slándáil) | 100% | 0% | 0% |
| Leagan Amach (Rúndacht) | 97% | 3% | 0% |
| Foireann (Inaitheanta) | 100% | 0% | 0% |
| Bealach Éalaithe Éigeandála (Ar Fáil) | 92% | 8% | 0% |
| Bealach Éalaithe Éigeandála (Comharthaíocht) | 88% | 5% | 6% |
| Leagan Amach (Inrochtaineacht) | 94% | 6% | 0% |
| Úsáid Cathaoireach Rothaí (Spás) | 97% | 3% | 0% |
| Úsáid Cathaoireach Rothaí (Spás Vótála Íseal-leibhéil) | 98% | 2% | 0% |
| Úsáid Cathaoireach Rothaí (Urrann Íseal-leibhéil) | 93% | 6% | 1% |
| Úsáid Cathaoireach Rothaí (Deasc Íseal-leibhéil) | 39% | 7% | 54% |
| Úsáid Cathaoireach Rothaí (Bosca Ballóide) | 84% | 16% | 0% |
| Póstaeir (Cionta agus Aitheantas) | 100% | 0% | 0% |
| Póstaeir (Páipéar Ballóide i gCló Mór) | 99% | 1% | 0% |
| Ábhair | 4% | 96% | 0% |
| Aitheantas | 71% | 27% | 2% |
| Páipéar Ballóide (Stampáilte) | 98% | 0% | 2% |

| Ceist Sheicliosta PEER | ✔ | ✖ | N/B |
|---|---|---|---|
| Páipéar Ballóide (Clár na dToghthóirí) | 98% | 0% | 2% |
| Vótáil (Rúndacht Urrainne) | 97% | 1% | 2% |
| Vótáil (Toghthóir Amháin san Urrann) | 93% | 2% | 5% |
| Vótáil (Grianghraif) | 3% | 93% | 4% |
| Lagú Amhairc (Teimpléad Páipéir Ballóide ar Fáil) | 99% | 1% | 0% |
| Lagú Amhairc (Fadhbanna le Teimpléad Páipéir Ballóide) | 2% | 38% | 68% |
| Lagú Amhairc (Saorghlao) | 0% | 75% | 25% |
| Bodhar/Allaíre (Lúb) | 1% | 99% | 0% |
| Míchumais Neamhfhisiciúla (Cúnamh) | 5% | 95% | 0% |
| Compánach Vótála (Cúnamh) | 11% | 89% | 0% |
| Compánach Vótála (Mionn) | 0% | 11% | 89% |
| Daoine Údaraithe (Pearsanaíocht) | 1% | 99% | 0% |
| Daoine Údaraithe (Fadhbanna) | 0% | 100% | 0% |





# 31. Iarnótaí

1 Tá na rátálacha seo saghas beachtaithe toisc gur athraíodh ár modheolaíocht chun neamh-inrochtaineacht a ríomh ón Olltoghchán ar aghaidh chun socruithe inrochtaineachta malartacha a chuimsiú.

2 An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (2025) *Ordú um Thoghchán Uachtaráin déanta ag an Aire Browne – Lá Vótála le bheith ar siúl an 24 Deireadh Fómhair 2025.* Ar fáil ar: https://www.gov.ie/ga/an-roinn-tithíochta-rialtais-áitiúil-agus-oidhreachta/preaseisiuinti/presidential-election-order-made-by-minister-browne-polling-day-to-be-24-october-2025/ [Rochtain déanta: 1 Aibreán 2026].

3 An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (gan dáta) *Memorandum for the Guidance of Local Returning Officers at Presidential Election.* Ar fáil ar: https://assets.gov.ie/static/documents/d8f294c7/Memorandum_for_the_Guidance_of_Local_Returning_Officers_at_Presidential_Elect.pdf [Rochtain déanta: 1 Aibreán 2026]

4 An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (gan dáta) *Manual for Presiding Officers.* Ar fáil ar: https://assets.gov.ie/static/documents/303ba155/Manual_for_Presiding_Officers.pdf [Rochtain déanta: 1 Aibreán 2026].

5 Barrat, J. *et al* (2023) 'Special Voting Arrangements' *International IDEA Handbook*, lch 309. Ar fáil ar: https://www.idea.int/sites/default/files/2023-11/special-voting-arrangements-international-idea-handbook_0.pdf [Rochtain déanta: 1 Aibreán 2026].

6 OSCE/ODIHR (2024) *Ireland, Early Parliamentary Elections, 29 November 2024: ODIHR Needs Assessment Mission Report*, lch 1. Ar fáil ar: https://odihr.osce.org/sites/default/files/f/documents/b/1/580954.pdf [Rochtain déanta: 1 Aibreán 2026].

7 Déantar idirdhealú sa reachtaíocht toghcháin idir "áit vótaíochta", nó áit vótála, is é sin limistéar nó áitreabh ina ndéantar vótáil, scoil náisiúnta mar shampla, agus "stáisiún vótaíochta", spás laistigh den áit vótála a chuirtear ar fáil do thoghthóirí chun a vóta a chaitheamh, seomra ranga mar shampla. I dtuarascálacha PEER, úsáidtear an téarma "stáisiún vótála" go minic chun cur síos a dhéanamh ar áitreabh ginearálta chomh maith leis an spás ar leith a chuirtear ar fáil do thoghthóirí chun a vóta a chaitheamh.

8 Hasse, T. agus Pratschke, J. (2017) *Pobal HP Deprivation Index*. Ar fáil ar: https://www.pobal.ie/pobal-hp-deprivation-index/

9 An Coimisiún Toghcháin (2024) *Athbhreithniú i ndiaidh Imeacht Toghcháin: Toghcháin Pharlaimint na hEorpa, Toghcháin Áitiúla agus Toghcháin Mhéara Luimnigh*. 7 Meitheamh 2024. Ar fáil ar: https://cdn.electoralcommission.ie/app/uploads/2024/12/06153942/ATHBHREITHNIU-I-nDIAIDH-IMEACHT-TOGHCHAIN_Tagged.pdf

10 An Coimisiún Toghcháin (2025) *Athbhreithniú i ndiaidh Imeacht Toghcháin: An tOlltoghchán. 29 Samhain 2024*, lch 63. Ar fáil ar: https://cdn.electoralcommission.ie/app/uploads/2025/08/15092725/PEER_General-Election2024__Irish.pdf [Rochtain déanta: 1 Aibreán 2026]

11 Fainic, bonn samplála íseal.

12 Rialtas na hÉireann. An tAcht Toghcháin, 1992 (arna leasú ag an Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022), Riail 5(3), an Dara Sceideal.

13 An Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce (gan dáta) *Searmanais Saoránachta*. Ar fáil ar: https://www.irishimmigration.ie/ga/conas-a-bheith-i-do-shaoránach/citizenship-ceremonies/ [Rochtain déanta: 1 Aibreán 2026].

14 An Ceann Comhairimh Toghcháin Uachtarán (2025) Toghcháin Uachtaráin 1938-2025 Presidential Elections. Ar fáil ar: https://www.presidentialelection.ie/wp-content/uploads/2026/01/Presidential-Elections-1938-2025.pdf

15 An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (gan dáta) *Memorandum for the Guidance of Local Returning Officers at Presidential Election*. Ar fáil ar: https://assets.gov.ie/static/documents/d8f294c7/Memorandum_for_the_Guidance_of_Local_Returning_Officers_at_Presidential_Elect.pdf

16 Clúdaíonn an fhoirm ERF1 – 'Clárú chun vóta a chaitheamh nó sonraí a nuashonrú' le formhór na gcásanna, ar nós clárú/réamhchlárú chun vótáil den chéad uair, athrú ar áit chónaithe, aistriú amach as an gceantar, cur le taifead atá ann cheana féin le sonraí ar nós UPSP, dáta breithe agus Éirchóid, nó chun aon athrú ar ainm nó náisiúntacht a dhéanamh, srl.

17 An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (2023) *Ceist Pharlaiminte, 16 Bealtaine 2023, Ceist 409.*Ar fáil ar: https://www.oireachtas.ie/ga/debates/question/2023-05-16/409/ [Rochtain déanta: 1 Aibreán 2026].

18 An Phríomh-Oifig Staidrimh (2023) *Census of Population 2022: Profile 1 – Population Distribution and Movements*. Ar fáil ar: https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-cpp1/censusofpopulation2022profile1-populationdistributionandmovements/populationdistribution/ [Rochtain déanta: 1 Aibreán 2026].

19 Cé go sonraítear sna sonraí ó Dhaonra 2022 go bhfuil daonra de 0 duine ag Inis Fraoigh, tá stáisiún vótála ar an oileán ag a raibh ceathrar cláraithe le vóta a chaitheamh in Olltoghchán 2024.

20 Rialtas na hÉireann (2023) *Ár nOileáin Bheo: Polasaí Náisiúnta na nOileán 2023-2033.*Ar fáil ar: https://assets.gov.ie/static/documents/ar-noileain-bheo-polasai-naisiunta-na-noilean-2023-2033.pdf [Rochtain déanta: 1 Aibreán 2026].

21 An Phríomh-Oifig Staidrimh (2023) *Census of Population 2022: Summary Results – Population Changes*. Ar fáil ar: https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-cpsr/censusofpopulation2022-summaryresults/populationchanges/ [Rochtain déanta: 1 Aibreán 2026].

22 An Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais (2025) *Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Mhíchumas 2025-2030*. Ar fáil ar: https://www.gov.ie/ga/an-roinn-leanaí-míchumais-agus-comhionannais/foilseachain/copies-of-the-report/ [Rochtain déanta: 1 Aibreán 2026].

23 An Coimisiún Toghcháin (2025) *An Comhchoiste um Nithe a Bhaineann le Míchumas, Díospóireacht, 16 Iúil 2025*. Ar fáil ar: https://www.oireachtas.ie/ga/debates/debate/joint_committee_on_disability_matters/2025-07-16/2/ [Rochtain déanta: 1 Aibreán 2026].

24 An Coimisiún Toghcháin (2025) *Athbhreithniú i ndiaidh Imeacht Toghcháin: An tOlltoghchán. 29 Samhain 2024*, lch 63. Ar fáil ar: https://cdn.electoralcommission.ie/app/uploads/2025/08/15092725/PEER_General-Election2024__Irish.pdf [Rochtain déanta: 1 Aibreán 2026].

25 An Coimisiún Toghcháin (2025) *Toghchán an Uachtaráin – Treoir Éasca le Léamh*. Ar fáil ar: https://cdn.electoralcommission.ie/app/uploads/2025/08/08151121/ETR-PresidentialElection__GA-V2-tagged.pdf [Rochtain déanta: 1 Aibreán 2026]. Físeán Vimeo: https://vimeo.com/1130239059 [Rochtain déanta: 1 Aibreán 2026].

26 An Coimisiún Toghcháin (2025) *Tuarascáil Bhliantúil 2024.*Ar fáil ar: https://cdn.electoralcommission.ie/app/uploads/2025/07/30164903/ACT-tuarascail-bhliantuil-2024.pdf [Rochtain déanta: 1 Aibreán 2026].

27 An Coimisiún Toghcháin (2024) *Clár Taighde 2024_2026*. Ar fáil ar: https://cdn.electoralcommission.ie/app/uploads/2025/07/08170454/EC_RESEARCH_PROGRAMME_IRISH_ACCESSIBLE.pdf [Rochtain déanta: 1 Aibreán 2026].

28 An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (gan dáta) *Memorandum for the Guidance of Local Returning Officers at Presidential Election*, lch 40. Ar fáil ar: https://assets.gov.ie/static/documents/d8f294c7/Memorandum_for_the_Guidance_of_Local_Returning_Officers_at_Presidential_Elect.pdf [Rochtain déanta: 1 Aibreán 2026].

29 Barrat, J. et al (2023) 'Special Voting Arrangements' *International IDEA Handbook*, lch 309. Ar fáil ar: https://www.idea.int/sites/default/files/2023-11/special-voting-arrangements-international-idea-handbook_0.pdf [Rochtain déanta: 1 Aibreán 2026].

30 Gan moltaí ó Thuarascáil PEER an tSeanaid san áireamh.

Arna fhoilsiú ag an gCoimisiún Toghcháin,
Aibreán 2026
ISBN 978-1-911722-16-8

**An Coimisiún Toghcháin,
Caisleán Bhaile Átha Cliath,
Baile Átha Cliath 2,
D02 X8X8.**

@ElecCommIRL